**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0426/2023**

8.12.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh
(COM(2023)0209 – C9-0136/2023 – 2023/0109(COD))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Lina Gálvez Muñoz

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................47

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ..........................................................................................................51

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA ...............................................52

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT ........................96

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .................................................................122

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......123

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt orthu**
**(COM(2023)0209 – C9-0136/2023 – 2023/0109(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0209),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 173(3) agus 322(1), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0136/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0426/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 349, 29.9.2023, lch. 167.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA[*]

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2023/0109 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt orthu *agus lena leasaítear Rialchán (AE) 2021/694***

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) agus Airteagal 322(1), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[2]

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus spleáchas orthu, anois ina ngnéithe bunúsacha, ***ach tá leochaileachtaí féideartha tugtha isteach leo ag an am céanna,*** i ngach earnáil den ghníomhaíocht eacnamaíoch ***agus den daonlathas*** toisc go bhfuil ár n-údaráis riaracháin phoiblí, ár gcuideachtaí agus ár saoránaigh níos idirnasctha agus níos idirspleáiche thar earnálacha agus thar theorainneacha ná mar a bhí riamh.

(2) Tá méid, minicíocht agus tionchar teagmhas cibearshlándála ag méadú ***ar leibhéal uile-Aontais agus domhanda ó thaobh a modha agus tionchair***, lena n-áirítear ionsaithe ar

---

[*] Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

[2] IO C […], […], lch. […].

[3] IO C , , lch. .

[4] IO C , , lch. .

an slabhra soláthair a bhfuil sé d’aidhm acu cibearspiaireacht a dhéanamh, bogearraí éirice a úsáid nó cur isteach a dhéanamh. Is bagairt mhór iad ar fheidhmiú córas gréasáin agus faisnéise. I bhfianaise thimpeallacht na bagartha atá ag athrú go tapa, is gá d’ullmhacht mhéadaithe ar gach leibhéal de chreat cibearshlándála ***ar fud an Aontais*** mar gheall ar an mbagairt ó theagmhais mhórscála a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh mór nó a dhéanfadh damáiste do ***gheilleagair agus daonlathais*** i gcás bonneagair chriticiúla. Tá níos mó i gceist leis an mbagairt sin ná ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, agus is dócha go leanfaidh sí de bheith ann i bhfianaise an iliomad gníomhaithe atá ailínithe le stát, ***agus*** gníomhaithe coiriúla ▌ a bhfuil baint acu leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Le teagmhais den sórt sin, is féidir bac a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí agus ar shaothrú gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil, caillteanais shuntasacha airgeadais a ghiniúint, an bonn a bhaint ó mhuinín na n-úsáideoirí, damáiste mór a dhéanamh do gheilleagar an Aontais, agus d’fhéadfadh iarmhairtí sláinte nó bagracha don bheatha a bheith acu fiú. Thairis sin, tá teagmhais chibearshlándála dothuartha, toisc gur minic a thagann siad chun cinn agus go bhforbraítear iad laistigh de thréimhsí ama an-ghearr, nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach ar leith iad, agus go dtarlaíonn siad ag an am céanna nó go scaiptear iad ar an toirt ar fud go leor tíortha. ***Dá bhrí sin, tá gá le comhar dlúth agus comhordaithe idir an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil, an tsochaí shibhialta agus na meáin. Ina theannta sin, ní mór freagairt an Aontais a chomhordú le hinstitiúidí idirnáisiúnta chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa a bhfuil an dearcadh céanna acu. Is tíortha iad comhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa agus atá ar aon intinn a roinneann luachanna an Aontais maidir leis an daonlathas, tiomantas do chearta an duine, iltaobhachas éifeachtach agus ord riailbhunaithe, i gcomhréir leis na creataí agus na comhaontuithe idirnáisiúnta comhair. Chun comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa atá ar aon intinn a áirithiú agus chun cosaint ar iomaitheoirí sistéamacha a áirithiú, níor cheart go lamhálfaí d’eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nach páirtithe iad in GPA a bheith rannpháirteach i soláthar faoin Rialachán seo.***

(3) Is gá staid iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a neartú ar fud an gheilleagair dhigitithe agus tacú lena n-aistriú digiteach, trí leibhéal na cibearshlándála sa Mhargadh Aonair Digiteach a threisiú. Mar a mholtar i dtrí thogra éagsúla ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[5], is gá athléimneacht na saoránach, na ngnóthaí, ***go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) lena n-áirítear gnóthaí nuathionscanta*** agus na n-eintiteas a oibríonn bonneagair chriticiúla, ***lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha*** i gcoinne na mbagairtí cibearshlándála atá ag dul i méid, ar bagairtí iad ar féidir leo tionchar tubaisteach a bheith acu ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíocht i mbonneagair agus i seirbhísí ***agus cumais a chothú chun scileanna cibearshlándála a fhorbairt*** lena dtacófar le brath níos tapa agus le freagairt níos tapa ar bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála, agus tá cúnamh de dhíth ar na Ballstáit chun ullmhú níos fearr do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála, agus chun freagairt orthu. Ba cheart don Aontas a acmhainneachtaí a mhéadú sna réimsí sin freisin, go háirithe maidir le sonraí i leith bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhailiú agus a anailísiú.

[5] https://futureu.europa.eu/ga/

***(3a) Is minic a dhírítear cibirionsaithe ar sheirbhísí poiblí agus bonneagair áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta. Tá na húdaráis áitiúla i measc na spriocanna is leochailí ar chibirionsaithe mar gheall ar an easpa acmhainní airgeadais agus daonna atá acu. Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfí cinnteoirí ar an leibhéal áitiúil ar an eolas faoin ngá atá le hathléimneacht dhigiteach a mhéadú, a n-acmhainneacht a mhéadú chun tionchar cibirionsaithe a laghdú agus go dtapófaí na deiseanna dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.***

(4) Tá roinnt beart déanta ag an Aontas cheana chun leochaileachtaí a laghdú agus chun athléimneacht bonneagar criticiúil agus eintiteas i gcoinne rioscaí cibearshlándála a mhéadú, go háirithe Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún[7], Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. Ina theannta sin, sa Mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, iarrtar ar na Ballstáit bearta práinneacha éifeachtacha a dhéanamh, agus oibriú i gcomhar go dílis, go héifeachtúil, i ndlúthpháirtíocht agus ar bhealach comhordaithe lena chéile, leis an gCoimisiún agus le húdaráis phoiblí ábhartha chomh maith leis na heintitis lena mbaineann, chun feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a úsáidtear chun seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar sa mhargadh inmheánach.

(5) Mar gheall ar na rioscaí cibearshlándála atá ag dul i méid agus ar thimpeallacht bhagartha chasta fhoriomlán, agus baol soiléir ann go mbeidh iarmhairtí tapa cibirtheagmhas ag dul ó Bhallstát amháin go Ballstát eile agus ó thríú tír go dtí an tAontas, tá gá le dlúthpháirtíocht neartaithe ar leibhéal an Aontais chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, ▌ ullmhú, freagairt orthu***, agus téarnamh uathu*** ar bhealach níos fearr. D’iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún freisin togra a thíolacadh maidir le Ciste Freagartha Éigeandála nua le haghaidh na Cibearshlándála sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Seasamh Cibearshlándála AE[10].

(6) Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Beartas Cibearchosanta an Aontais[11] a glacadh an 10 Samhain 2022, fógraíodh Tionscnamh Cibear-Dhlúthpháirtíochta de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí seo a leanas aige: cumais choiteanna braite,

---

[6] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022).

[7] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

[8] Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (*IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).*

[9] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

[10] Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt, mar a d’fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Bealtaine 2022, (9364/22)

[11] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais JOIN/2022/49 final

feasachta staide agus freagartha san Aontas a neartú trí chur in úsáid ***líonra*** de chuid an Aontais de Lárionaid Oibríochtaí Slándála (SOCanna) a chur chun cinn, trí thacú le cúltaca cibearshlándála ar leibhéal an Aontais le seirbhísí ó sholáthraithe príobháideacha iontaofa agus trí eintitis chriticiúla a thástáil le haghaidh leochaileachtaí féideartha bunaithe ar mheasúnuithe riosca an Aontais.

(7) Is gá brath agus feasacht staide cibearbhagairtí agus cibirtheagmhas a neartú ar fud an Aontais agus dlúthpháirtíocht a neartú trí fheabhas a chur ar ullmhacht agus cumais na mBallstát agus an Aontais teagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála ***a chosc agus*** freagairt orthu. Dá bhrí sin, ba cheart ***líonra*** uile-Eorpach de SOCanna (Cibearsciath na hEorpa) a chur in úsáid chun cumais choiteanna braite agus feasachta staide a thógáil agus a fheabhsú***, lena dtreiseofar cumais braite cibearbhagairtí agus comhroinnte faisnéise an Aontais***; ba cheart Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála a bhunú chun tacú leis na Ballstáit ullmhú do theagmhais shuntasacha mhórscála chibearshlándála, freagairt orthu agus téarnamh uathu láithreach; ba cheart Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála a bhunú chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála. Beidh na gníomhaíochtaí sin gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE').

(8) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] a leasú in áiteanna áirithe freisin. Go háirithe, ba cheart Rialachán (AE) 2021/694 a leasú leis an Rialachán seo, a mhéid a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla nua a bhaineann leis an gCibearsciath Eorpach agus leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála*** faoi Chuspóir Sonrach 3 den Chlár don Eoraip Dhigiteach, arb é is aidhm dó athléimneacht, ionracas agus iontaofacht an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a ráthú, acmhainneachtaí a neartú chun faireachán a dhéanamh ar chibirionsaithe agus ar chibearbhagairtí agus freagairt orthu, agus comhar trasteorann maidir leis an gcibearshlándáil a threisiú. Déanfar é sin a chomhlánú trí na coinníollacha sonracha faoinar cheart tacaíocht airgeadais a dheonú le haghaidh na ngníomhaireachtaí sin agus ba cheart go saineofaí na sásraí rialachais agus comhordaithe is gá chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach. Ba cheart tuairiscí ar ghníomhaíochtaí atá beartaithe faoi na cuspóirí oibríochtúla nua a bheith san áireamh i leasuithe eile ar Rialachán (AE) 2021/694, chomh maith le táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcuspóirí oibríochtúla nua sin.

(9) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maoiniú gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo i Rialachán (AE) 2021/694, ar cheart é leanúint de bheith mar an bunghníomh ábhartha le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin a chumhdaítear faoi Chuspóir Sonrach 3 den Chlár don Eoraip Dhigiteach. Déanfar foráil sna cláir oibre ábhartha maidir le coinníollacha sonracha rannpháirtíochta maidir le gach gníomhaíocht, i gcomhréir leis an bhforáil is infheidhme de Rialachán (AE) 2021/694.

***(9a) I bhfianaise forbairtí geopholaitiúla agus thimpeallacht mhéadaitheach na gcibearbhagairtí (EPP 52) agus chun leanúnachas agus forbairt bhreise a áirithiú ar na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo tar éis 2027, go háirithe cibirsciath na hEorpa agus an Sásra Éigeandála Cibearshlándála, is gá líne bhuiséid shonrach a***

[12] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

***áirithiú sa chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2028-2034. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le gealltanas a thabhairt freisin go dtacóidh siad leis na bearta uile is gá chun cibearbhagairtí agus cibeartheagmhais a laghdú ar fud an Aontais agus chun an dlúthpháirtíocht a neartú.***

(10) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (***AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[13]

agus is iad a chinneann, go háirithe, an nós imeachta le haghaidh buiséad an Aontais a bhunú agus a chur chun feidhme agus foráiltear iontu maidir le seiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE freisin córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint arna bhunú i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(11) Chun críche bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh a thabhairt anonn. Agus urraim á tabhairt don phrionsabal go socrófar buiséad an Aontais ar bhonn bliantúil, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo, mar gheall ar chineál dothuartha, eisceachtúil agus sonrach thimpeallacht na cibearshlándála, maidir le deiseanna chun cistí nár úsáideadh a thabhairt anonn thar na cistí sin a leagtar amach i ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046***, agus ar an gcaoi sin acmhainneacht an tSásra um Éigeandáil Chibearshlándála a uasmhéadú chun tacú leis na Ballstáit cibearbhagairtí a chomhrac go héifeachtach.

***(11a) Is tionscnaimh nua iad an Sásra Éigeandála Cibearshlándála agus Cúlchiste Cibearshlándála an Aontais a bhunaítear leis an Rialachán seo agus níor beartaíodh iad le linn bhunú an chreata airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027, agus tá sé beartaithe leis an gcistiú do na tionscnaimh sin laghdú an chistithe do thosaíochtaí eile sa Chlár don Eoraip Dhigiteach a theorannú a mhéid is féidir. Ba cheart, dá bhrí sin, méid na n-acmhainní airgeadais atá tiomnaithe do Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais a laghdú agus ba cheart é a tharraingt go príomha ó na corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil nó a shlógadh trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha an chreata airgeadais ilbhliantúil. Ba cheart aon chistí ó chláir atá ann cheana a chur in áirithe nó a ath-leithdháileadh a laghad is féidir, chun cláir atá ann cheana, go háirithe Erasmus+, a chosaint ar thionchar diúltach agus chun a áirithiú gur féidir leis na cláir sin na cuspóirí atá leagtha síos dóibh a bhaint amach.***

---

13 ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).***

14 ***Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IOL 433I , 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).***

(12) Chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, measúnú a dhéanamh orthu, freagairt orthu, ***agus téarnamh uathu*** ar bhealach níos éifeachtaí, is gá eolas níos cuimsithí a fhorbairt faoi na bagairtí ar shócmhainní criticiúla agus ar bhonneagair chriticiúla ar chríoch an Aontais lena n-áirítear a ndáileadh geografach, a n-idirnasc agus a dtionchar féideartha i gcás cibirionsaithe lena ndéantar difear do na bonneagair sin. ***Áirítear le cur chuige réamhghníomhach chun cibearbhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, a mhaolú agus a chosc acmhainneacht mhéadaithe ardchumas braite atá riachtanach chun deireadh a chur le hardbhagairtí leanúnacha. Is éard is faisnéis faoi bhagairt ann faisnéis a bhailítear, a ndéantar anailís uirthi agus a léirmhínítear chun bagairtí agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a thuiscint.*** **Trí anailís agus comhchoibhneas a dhéanamh ar mhéideanna ollmhóra sonraí, nochtann sé patrúin, treochtaí agus táscairí comhréitigh a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí mailíseacha nó leochaileachtaí a nochtadh**. Ba cheart ***líonra*** SOCanna a chur in úsáid ('an Chibearsciath Eorpach'), ina bhfuil roinnt ardáin trasteorann idiroibritheacha, agus ina ndéantar roinnt SOCanna a ghrúpáil le chéile. Ba cheart an bonneagar sin a bheith ag freastal ar leasanna agus riachtanais chibearshlándála náisiúnta agus ar leasanna agus riachtanais chibearshlándála an Aontais, agus leas á bhaint as teicneolaíocht úrscothach le haghaidh arduirlisí bailithe sonraí agus anailísíochta, lena bhfeabhsaítear cibearchumais bhraite agus bhainistithe agus lena soláthraítear feasacht staide fíor-ama. ***Tagraíonn SOC Náisiúnta d'acmhainneacht láraithe atá freagrach as faisnéis faoi bhagairtí a bhailiú go leanúnach agus as feabhas a chur ar staid chibearshlándála eintiteas faoi dhlínse náisiúnta trí bhagairtí cibearshlándála a chosc, a bhrath agus a anailísiú***. Leis an mbonneagar sin, ba cheart brath bagairtí agus teagmhas cibearshlándála a mhéadú agus, dá bhrí sin, eintitis agus líonraí an Aontais atá freagrach as bainistiú géarchéime san Aontas a chomhlánú, go háirithe an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna ('EU-CyCLONe'), mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

(13) ***Chun páirt a ghlacadh sa Chibirsciath***, ba cheart do ***gach*** Ballstát comhlacht poiblí a ainmniú ar an leibhéal náisiúnta a mbeidh sé de chúram air comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí braite cibearbhagairtí sa Bhallstát sin. ***Moltar do na Ballstáit acmhainneacht náisiúnta SOC a ionchorprú sa chibearstruchtúr agus sa chibear-rialachas atá acu cheana chun nach gcruthófar sraitheanna breise rialachais agus chun an Rialachán seo a ailíniú leis an ngníomh reachtach atá ann cheana, lena n-áirítear Treoir (AE) 2022/2555***. Ba cheart na SOCanna sin a bheith mar phointe tagartha agus mar thairseach ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh rannpháirtíocht ***eintiteas príobháideach agus poiblí, go háirithe a SOCanna Náisiúnta,*** sa Chibearsciath Eorpach agus a áirithiú go gcomhroinnfear agus go mbaileofar faisnéis faoi chibearbhagairtí ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal náisiúnta ar bhealach éifeachtach cuíchóirithe. ***Ba cheart do SOCanna náisiúnta an comhar agus an chomhroinnt faisnéise idir eintitis phoiblí agus phríobháideacha a neartú chun na bacainní cumarsáide atá ann faoi láthair a bhriseadh suas. Agus an méid sin á dhéanamh acu, féadfaidh siad tacú le samhlacha malartaithe sonraí a chruthú agus ba cheart dóibh comhroinnt faisnéise a éascú agus a spreagadh i dtimpeallacht***

[15] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (An Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

***iontaofa shlán. Tá dlúthchomhar comhordaithe idir eintitis phoiblí agus phríobháideacha lárnach chun athléimneacht an Aontais i réimse na cibearshlándála a neartú.***

(14) Mar chuid den Chibirsciath Eorpach, ba cheart roinnt Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann a bhunú. Leis na lárionaid sin, ba cheart SOCanna Náisiúnta ó thrí Bhallstát ar a laghad a thabhairt le chéile, ionas gur féidir na tairbhí a bhaineann le brath bagairtí trasteorann agus comhroinnt agus bainistiú faisnéise trasteorann a bhaint amach ina n-iomláine. Ba cheart é a bheith mar chuspóir ginearálta ag SOCanna Trasteorann acmhainneachtaí a neartú chun bagairtí cibearshlándála a anailísiú, a chosc agus a bhrath agus chun tacú le táirgeadh faisnéise ardcháilíochta ***lena n-áirítear sonraí agus faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le haiceáil mhailíseach a d'fhéadfadh a bheith ann, bagairtí nua-fhorbartha agus dúshaothair nach bhfuil imscartha fós i gcibirtheagmhais, agus in iarrachtaí anailíse***, maidir le bagairtí cibearshlándála, go háirithe trí shonraí ó fhoinsí éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach, a chomhroinnt, agus trí uirlisí úrscothacha a chomhroinnt agus a úsáid, agus cumais bhraite, anailíse agus choisc a fhorbairt go comhpháirteach ***i*** dtimpeallacht ***iontaofa agus shlán, le tacaíocht ó ENISA, in ábhair a bhaineann le comhar oibríochtúil i measc na mBallstát. Ba cheart le SOCanna Trasteorann go ndéanfaí comhroinnt faisnéise a éascú agus a spreagadh i dtimpeallacht iontaofa shlán agus*** ba cheart acmhainneacht bhreise nua a chur ar fáil leo, lena gcuirtear le SOCanna agus le foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) atá ann cheana agus lena gcomhlánaítear iad.

(15) Ar an leibhéal náisiúnta, is gnách a dhéanann SOCanna eintiteas poiblí agus príobháideach faireachán, brath agus anailís ar chibearbhagairtí a áirithiú, i gcomhar le CSIRTanna. Ina theannta sin, déanann CSIRTanna faisnéis a mhalartú i gcomhthéacs líonra CSIRT, i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555. Ba cheart na SOCanna Trasteorann a bheith ina ***n-acmhainneacht*** nua a ***ionchorpraítear sa bhonneagar cibearshlándála atá ann cheana, go háirithe*** i líonra CSIRTanna, trí shonraí a chomhthiomsú agus a chomhroinnt maidir le bagairtí cibearshlándála ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha***, go háirithe a SOCanna,*** trí luach na sonraí sin a fheabhsú trí anailís shaineolach agus trí bhonneagair a fuarthas go comhpháirteach agus trí uirlisí úrscothacha, agus trí rannchuidiú le ***ceannasacht theicneolaíoch, neamhspleáchas straitéiseach oscailte, iomaíochas agus athléimneacht an Aontais agus le héiceachóras cibearshlándála suntasach a fhorbairt, lena n-áirítear i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa atá ar aon intinn leo.*** .

(16) Ba cheart na SOCanna Trasteorann a bheith mar phointe lárnach lena gceadófar comhthiomsú leathan sonraí ábhartha agus faisnéise faoi chibearbhagairtí, lena n-éascaítear faisnéis faoi bhagairtí a scaipeadh i measc tacar mór éagsúil gníomhaithe (e.g., Foirne Práinnfhreagartha Ríomhaire ('CERTanna'), CSIRTanna, Lárionaid um Chomhroinnt agus Anailísiú Faisnéise ('ISACanna'), oibreoirí bonneagar criticiúil) ***d'fhonn briseadh suas na mbacainní cumarsáide atá ann faoi láthair a éascú. Agus iad á dhéanamh sin, d'fhéadfadh SOCanna trasteorann tacú le samhlacha malartaithe sonraí a chruthú ar fud an Aontais***. D'fhéadfaí a bheith san fhaisnéis a mhalartaítear i measc rannpháirtithe i SOC Trasteorann sonraí ó líonraí agus ó bhraiteoirí, fothaí faisnéise bagartha, táscairí comhréitigh, agus faisnéis chomhthéacsaithe faoi theagmhais, bagairtí agus leochaileachtaí ***lena n-áirítear sonraí agus faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le haiceáil mhailíseach a***

***d'fhéadfadh a bheith ann, bagairtí mailíseacha nuafhorbartha agus dúshaothair nach bhfuil in úsáid fós i gcibeartheagmhais, agus iarrachtaí anailíse***. Ina theannta sin, ba cheart do SOCanna comhaontuithe comhair a dhéanamh le SOCanna eile.

(17) Is réamhriachtanas fíor-riachtanach í feasacht staide chomhroinnte i measc na n-údarás ábhartha le haghaidh ullmhacht agus comhordú uile-Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Le Treoir (AE) 2022/2555, bunaítear EU-CyCLONe chun tacú le bainistiú comhordaithe teagmhas mórscála cibearshlándála agus géarchéimeanna ar an leibhéal oibríochtúil agus chun malartú tráthrialta faisnéise ábhartha i measc na mBallstát agus institiúidí, comhlachtaí, agus gníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú. Le Moladh (AE) 2017/1584 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála, tugtar aghaidh ar ról na ngníomhaithe ábhartha uile. Le Treoir (AE) 2022/2555, meabhraítear freisin freagrachtaí an Choimisiúin sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ('UCPM') a bunaíodh le Cinneadh 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], chomh maith le tuarascálacha anailíseacha a chur ar fáil le haghaidh socruithe Shásra Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna ('IPCR') faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993[17]. Dá bhrí sin, i gcásanna ina bhfaigheann SOCanna Trasteorann faisnéis ar theagmhas cibearshlándála mórscála ionchasach nó leanúnach, ba cheart dóibh an fhaisnéis ábhartha a thabhairt do EU-CycLONe, do líonra CSIRTanna agus don Choimisiún ***i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555***. Go háirithe, ag brath ar an gcás, d'fhéadfadh faisnéis theicniúil, faisnéis faoi chineál agus cúiseanna an ionsaitheora nó an ionsaitheora ionchasaigh, agus faisnéis neamhtheicniúil ardleibhéil faoi theagmhas cibearshlándála mórscála ionchasach nó leanúnach a bheith san áireamh san fhaisnéis atá le comhroinnt. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an bprionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais' agus ar chineál na faisnéise a chomhroinntear a d'fhéadfadh a bheith íogair.

(18) Ba cheart d'eintitis atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach ardleibhéal idir-inoibritheachta a áirithiú eatarthu féin, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, a mhéid a bhaineann le formáidí sonraí, tacsanomaíocht, uirlisí láimhseála sonraí agus anailíse sonraí, agus bealaí cumarsáide slána, íosleibhéal slándála shraith na feidhme, deais feasachta staide agus táscairí. Ba cheart go gcuirfí i gcuntas i nglacadh comhthacsanomaíochta agus i bhforbairt teimpléid i gcás tuarascálacha staide chun cur síos ar chúis theicniúil agus ar thionchar teagmhas cibearshlándála, an obair leanúnach maidir le fógairt teagmhas i gcomhthéacs chur chun feidhme Threoir (AE) 2022/2555.

(19) Chun malartú sonraí maidir le bagairtí cibearshlándála ó fhoinsí éagsúla a éascú, ar bhonn mórscála, i dtimpeallacht ***shlán*** iontaofa, ba cheart uirlisí, trealamh agus bonneagair atá úrscothach agus an-slán ***agus pearsanra oilte*** a bheith ag na heintitis atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach. Leis sin, ba cheart go bhféadfaí feabhas a chur ar acmhainneachtaí braite comhchoiteanna agus rabhaidh thráthúla d'údaráis agus d'eintitis ábhartha, go háirithe trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí intleachta saorga agus anailísíochta sonraí is déanaí.

---

[16] ***Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta Téacs atá ábhartha maidir le LEE (***O L 347, 20.12.2013, lch. 924, ***ELI:*** http://data.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj***).***

[17] ***Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 i dtaobh shocruithe comhtháite an Aontais maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (*****IO L 320, 17.12.2018, lch. 28,** ***ELI:*** **http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1993/oj*****).***

(20) Trí shonraí a bhailiú, a chomhroinnt agus a mhalartú, ba cheart go ndéanfaí ceannasacht theicneolaíoch, neamhspleáchas straitéiseach ***oscailte***, iomaíochas agus athléimneacht an Aontais ***agus éiceachóras cibearshlándála suaithinseach de AE*** a fheabhsú leis an gCibearsciath Eorpach. Ba cheart go gcuirfeadh comhthiomsú sonraí coimeádaithe ardcháilíochta, le forbairt ardteicneolaíochtaí intleachta saorga agus anailísíochta sonraí. ***Is éifeachtaí an intleacht shaorga nuair a phéireáiltear í le hanailís dhaonna. Mar sin, tá lucht saothair oilte ríthábhachtach i gcónaí chun sonraí ardcháilíochta a chomhthiomsú.*** Ba cheart é a éascú tríd an gCibearsciath Eorpach a nascadh leis an mbonneagar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta uile-Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle[18].

(21) Cé gur tionscadal sibhialtach é an Chibearsciath Eorpach, d'fhéadfadh an pobal cibearchosanta leas a bhaint as cumais shibhialtacha bhraite agus feasachta staide níos láidre a fhorbraítear chun bonneagar criticiúil a chosaint. Ba cheart do SOCanna Trasteorann, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, agus i gcomhar le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí'), dálaí rochtana agus coimircí prótacal agus caighdeán tiomnaithe a fhorbairt de réir a chéile chun comhar a éascú leis an bpobal cibearchosanta, lena n-áirítear dálaí grinnfhiosrúcháin agus slándála***, ina n-urramaítear carachtar sibhialta na n-institiúidí agus ceann scríbe an chistithe, ina n-úsáidtear na cistí atá ar fáil don phobal cosanta mar sin***. Agus an Chibearsciath Eorpach á forbairt, ba cheart machnamh a dhéanamh lena gcumasófar comhoibriú amach anseo leis na líonraí agus na hardáin atá freagrach as comhroinnt faisnéise sa chomhphobal cibearchosanta, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí ***agus cearta agus saoirsí á n-urramú go hiomlán***.

(22) Le malartú faisnéise idir rannpháirtithe na Cibearscéithe Eorpaí, ba cheart ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana agus go háirithe dlí an Aontais agus dlí náisiúnta maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, chomh maith le rialacha iomaíochta an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise. Ba cheart d'fhaighteoir na faisnéise bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme lena gcosnófar cearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí a chosaint, a mhéid is gá sonraí pearsanta a phróiseáil, agus na sonraí a scriosadh a luaithe nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na críche atá luaite agus ba cheart dó a chur in iúl don chomhlacht a chuir na sonraí ar fáil gur scriosadh na sonraí.

(23) Gan dochar d'Airteagal 346 CFAE, níor cheart a bheith i bhfaisnéis a mhalartaítear atá rúnda de bhun ***dhlí*** an Aontais nó ***an dlí*** náisiúnta ach an méid atá ábhartha maidir le cuspóir an mhalartaithe agus an méid atá comhréireach leis. Agus an fhaisnéis sin á malartú, ba cheart rúndacht na faisnéise a chaomhnú agus slándáil agus leasanna tráchtála na n-eintiteas lena mbaineann a chosaint, agus lán-urraim á tabhairt do rúin trádála agus ghnó.

(24) I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar rioscaí agus an líon cibirtheagmhas a dhéanann difear do na Ballstáit, is gá ionstraim tacaíochta géarchéime a bhunú chun feabhas a chur ar athléimneacht an Aontais i gcoinne teagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála agus gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhlánú trí thacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh ullmhachta, freagartha agus téarnamh

[18] Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3). ***ELI:*** [http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1173/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1173/oj)).

láithreach seirbhísí bunriachtanacha. Leis an ionstraim sin, ba cheart cur in úsáid mear ***agus éifeachtach*** cúnaimh a chumasú in imthosca sainithe agus faoi dhálaí soiléire agus monatóireacht agus meastóireacht chúramach a éascú ar conas a úsáideadh acmhainní. Cé gur ar na Ballstáit a bhfuil an príomhchúram i dtaobh teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála a chosc agus i dtaobh ullmhú agus freagairt do na teagmhais agus na géarchéimeanna sin, is leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála*** a dhéantar dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE').

(25) Leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***, ba cheart tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit lena gcomhlánaítear a mbearta agus a n-acmhainní féin, agus roghanna tacaíochta láithreacha eile i gcás freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála agus téarnamh láithreach uathu, amhail na seirbhísí a sholáthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') i gcomhréir lena sainordú, an fhreagairt chomhordaithe agus an cúnamh ó líonra CSIRTanna, an tacaíocht mhaolaithe ó EU-CyCLONe, chomh maith le cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit lena n-áirítear i gcomhthéacs Airteagal 42(7) CAE, Foirne Mearfhreagartha Cibearslándála[19] agus Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha PESCO. Ba cheart aghaidh a thabhairt ann ar an ngá atá lena áirithiú go bhfuil modhanna speisialaithe ar fáil chun tacú le hullmhacht agus freagairt do theagmhais chibearshlándála ar fud an Aontais agus i dtríú tíortha.

(26) Tá an ionstraim gan dochar do nósanna imeachta agus creataí chun freagairt ar ghéarchéim ar leibhéal an Aontais a chomhordú, go háirithe an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[20], IPCR[21], agus Treoir (AE) 2022/2555. Féadfar rannchuidiú le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhthéacs Airteagal 42(7) CAE nó i gcásanna a shainítear in Airteagal 222 CFAE nó na gníomhaíochtaí a chomhlánú. Ba cheart úsáid na hionstraime sin a chomhordú freisin le cur chun feidhme bhearta Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta, i gcás inarb iomchuí.

(27) Ba cheart cúnamh a sholáthraítear faoin Rialachán seo, a bheith ag tacú agus comhlántach leis na gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta. Chuige sin, ba cheart dlúthchomhar agus comhairliúchán idir an Coimisiún, ***ENISA*** agus an Ballstát dá ndéantar difear a áirithiú. Agus tacaíocht á hiarraidh ag an mBallstát faoin Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***, ba cheart dó faisnéis ábhartha a sholáthar lena dtugtar bonn cirt don ghá atá le tacaíocht.

(28) Le Treoir (AE) 2022/2555, ceanglaítear ar na Ballstáit údarás bainistithe cibir-ghéarchéime amháin nó níos mó a ainmniú nó a bhunú agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun a gcúraimí a dhéanamh ar shlí éifeachtach agus éifeachtúil. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit cumais, sócmhainní agus nósanna imeachta is féidir a chur in úsáid i gcás géarchéime a shainaithint chomh maith le plean náisiúnta freagartha do theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a ghlacadh ina leagtar amach na cuspóirí agus na socruithe chun teagmhais agus

[19] CINNEADH (CBES) 2017/2315 ÓN gCOMHAIRLE - an 11 Nollaig 2017 - lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

[20] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

[21] Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna (IPCR) agus i gcomhréir le Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála.

géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a bhainistiú. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin CSIRT amháin nó níos mó a bhunú a mbeidh freagrachtaí láimhseála teagmhas de chúram orthu i gcomhréir le próiseas dea-shainithe agus lena gcumhdaítear ar a laghad na hearnálacha, na fo-earnálacha agus na cineálacha eintiteas faoi raon feidhme na Treorach sin, agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach. Tá an Rialachán seo gan dochar do ról an Choimisiúin maidir le comhlíontacht na mBallstát le hoibleagáidí Threoir (AE) 2022/2555 a áirithiú. Leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***, ba cheart cúnamh a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ullmhacht a threisiú chomh maith le gníomhaíochtaí freagartha ar theagmhais chun tionchar teagmhas cibearshlándála suntasach agus mórscála a mhaolú, chun tacú le téarnamh láithreach agus/nó chun feidhmiú seirbhísí fíor-riachtanacha a athbhunú.

(29) Mar chuid de na gníomhaíochtaí ullmhachta, chun cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn agus chun slándáil a neartú ar fud an Aontais agus ina mhargadh inmheánach, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun tástáil agus measúnú a dhéanamh ar chibearshlándáil eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil arna sainaithint de bhun Threoir (AE) 2022/2555 ar bhealach comhordaithe. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó ENISA agus i gcomhar leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise arna bhunú le Treoir (AE) 2022/2555, earnálacha agus fo-earnálacha ábhartha a shainaithint go tráthrialta, ar earnálacha agus fo-earnálacha iad ar cheart a bheith incháilithe do thacaíocht airgeadais le haghaidh tástáil chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na hearnálacha nó na fo-earnálacha a roghnú ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 ('Earnálacha Ardchriticiúlachta'). Ba cheart na cleachtaí tástála comhordaithe a bheith bunaithe ar chásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna. Agus earnálacha á roghnú agus cásanna riosca á bhforbairt, ba cheart measúnuithe riosca agus cásanna riosca uile-Aontais a chur i gcuntas, lena n-áirítear an gá atá le dúbailt a sheachaint, amhail an mheastóireacht riosca agus na cásanna riosca arna n-iarraidh sna conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún, an tArdionadaí agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha sibhialta agus míleata agus líonraí bunaithe, lena n-áirítear EU CyCLONe, chomh maith leis an measúnú riosca ar líonraí cumarsáide agus bonneagair chumarsáide arna n-iarraidh ag an nGlao Aireachta Comhpháirteach ó Nevers agus arna dhéanamh ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ENISA, agus i gcomhar le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), na measúnuithe riosca atá le déanamh faoi Airteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555 agus an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Ba cheart an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais a chur i gcuntas i roghnú na n-earnálacha chun athléimneacht bonneagair chriticiúil a neartú.

(30) Ina theannta sin, leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil i leith gníomhaíochtaí ullmhachta eile agus tacú le hullmhacht in earnálacha

---

[22] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011

eile, nach gcumhdaítear le tástáil chomhordaithe eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil. D'fhéadfaí cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí náisiúnta ullmhachta a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin.

(31) Leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***, ba cheart cúnamh a chur ar fáil freisin le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha ar theagmhais chun tionchar teagmhas cibearshlándála suntasach agus mórscála a mhaolú, chun tacú le téarnamh láithreach nó chun feidhmiú seirbhísí fíor-riachtanacha a athbhunú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a chomhlánú chun cur chuige cuimsitheach a áirithiú chun freagairt do thionchair cibirtheagmhas ar shaoránaigh.

(32) Leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***, ba cheart tacú le cúnamh a chuireann na Ballstáit ar fáil do Bhallstát a ndéanann teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála difear dó, lena n-áirítear trí líonra CSIRTanna a leagtar amach in Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2555. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a chuireann cúnamh ar fáil iarrataí a chur isteach chun costais a bhaineann le foirne saineolaithe a sheoladh faoi chuimsiú an chúnaimh fhrithpháirtigh a chumhdach. D'fhéadfaí speansais taistil, lóistín agus liúntais laethúla saineolaithe cibearshlándála a áireamh ar na costais incháilithe.

(33) Ba cheart Cúltaca Cibearshlándála ar leibhéal an Aontais a bhunú de réir a chéile, ina bhfuil seirbhísí ó sholáthraithe príobháideacha seirbhísí slándála bainistithe chun tacú le gníomhaíochtaí freagartha agus téarnaimh láithrigh i gcásanna teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála. Le Cúlchiste Cibearshlándála an Aontais, ba cheart infhaighteacht agus ullmhacht seirbhísí a áirithiú, ***agus athléimneacht an Aontais á neartú, lena n-áirítear rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí slándála arna mbainistiú san Eoraip is FBManna agus a áirithiú go gcruthófar éiceachóras cibearshlándála, go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, le hinfheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht (T&N) chun teicneolaíochtaí den scoth a fhorbairt, amhail iad siúd a bhaineann le néalríomhaireacht agus intleacht shaorga***. ***Ba cheart go mbeadh soláthraithe iontaofa, lena n-áirítear FBManna, ábalta comhoibriú lena chéile chun na critéir thuas a chomhlíonadh.***. Leis na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart tacú leis na húdaráis náisiúnta cúnamh a chur ar fáil do na heintitis dá ndéantar difear agus atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil mar chomhlánú lena ngníomhaíochtaí féin ar an leibhéal náisiúnta. ***Mar sin, ba cheart don Chúlchiste Cibearshlándála infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht a dhreasú chun forbairt na dteicneolaíochtaí seo a threisiú. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí comhchleachtaí a dhéanamh le soláthraithe iontaofa agus le húsáideoirí ionchasacha an Chúlchiste Cibearshlándála chun feidhmiú éifeachtach an Chúlchiste a áirithiú nuair is gá***. Agus tacaíocht á hiarraidh ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht a thugtar don eintiteas dá ndéantar difear ar an leibhéal náisiúnta a shonrú, ar cheart í a chur i gcuntas agus measúnú á dhéanamh acu ar an iarraidh ón mBallstát. Leis na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, d'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt d'institiúidí, comhlachtaí, ***oifigí*** agus gníomhaireachtaí an Aontais freisin, faoi choinníollacha comhchosúla. ***Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach agus go ndéanfaí malartuithe fairsinge leo arb é is aidhm dóibh dúbailt le tionscnaimh chomhchosúla a sheachaint, lena n-áirítear in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT).***

(34) Chun soláthraithe seirbhíse príobháideacha a roghnú chun seirbhísí a sholáthar i gcomhthéacs Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, is gá tacar critéar íosta a bhunú ar cheart iad a chur san áireamh sa ghlao ar thairiscintí chun na soláthraithe sin a roghnú, chun a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais údaráis agus eintitis na mBallstát atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil. ***Ba cheart rannpháirtíocht soláthraithe níos lú, atá gníomhach ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil a spreagadh.***

(35) Chun tacú le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú, d'fhéadfadh an Coimisiún féachaint ar iarraidh ar ENISA scéim iarrthach dheimhniúcháin a ullmhú de bhun Rialachán (AE) 2019/881 le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe sna réimsí a chumhdaítear leis an Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***. ***Chun na cúraimí breise a eascraíonn as an bhforáil seo a chomhlíonadh, ba cheart go bhfaigheadh ENISA maoiniú leormhaith breise.***

(36) Chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo chun feasacht choiteann staide a chur chun cinn, athléimneacht an Aontais a fheabhsú agus freagairt éifeachtach do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála a chumasú, ba cheart do EU=CyCLONe, do líonra CSIRTanna nó don Choimisiún a bheith in ann iarraidh ar ENISA athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar bhagairtí, leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí maolaithe i leith teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála. Tar éis do ENISA athbhreithniú agus measúnú ar theagmhas a chur i gcrích, ba cheart dó tuarascáil ar athbhreithniú teagmhais a ullmhú, i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ón earnáil phríobháideach, na Ballstáit, an Coimisiún agus institiúidí, comhlachtaí***, oifigí*** agus gníomhaireachtaí ábhartha eile an Aontais. Maidir leis an earnáil phríobháideach, tá slite á bhforbairt ag ENISA chun faisnéis a mhalartú le soláthraithe speisialaithe, lena n-áirítear soláthraithe réiteach slándála bainistithe agus díoltóirí, chun rannchuidiú le misean ENISA chun ardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud an Aontais. Ag tógáil ar an gcomhar le geallsealbhóirí, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an tuarascáil athbhreithnithe ar theagmhais shonracha cúiseanna, tionchair agus maoluithe teagmhais a mheasúnú, tar éis dó tarlú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an ionchur agus ar na ceachtanna a roinneann na soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe a chomhlíonann coinníollacha na sláine gairmiúla is airde, na neamhchlaontachta agus an tsaineolais theicniúil is gá mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart an tuarascáil a chur ar fáil, agus ba cheart cur le hobair EU=CyCLONe, líonra CSIRTanna agus an Choimisiúin léi. Nuair a bhaineann an teagmhas le tríú tír, comhroinnfidh an Coimisiún leis an Ardionadaí é freisin.

(37) Agus cineál dothuartha ionsaithe cibearshlándála á chur i gcuntas, agus ós minic nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach iad agus tá riosca ard iarmharta ag baint leo, rannchuidítear leis an Aontas a chosaint ina iomláine le neartú athléimneacht na dtíortha comharsanachta agus a n-acmhainneachta freagairt go héifeachtach do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Dá bhrí sin, féadfar tacaíocht a thabhairt do na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa chomhaontú comhlachais faoi seach a ghabhann leis an gClár don Eoraip Dhigiteach. Ba cheart don Aontas tacú leis an gcistiú do thríú tíortha comhlachaithe faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí ábhartha agus ionstraimí cistiúcháin do na tíortha sin. Leis an tacaíocht sin, ba cheart seirbhísí i réimse na freagartha ar theagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála agus

téarnaimh láithreach uathu a chumhdach. Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha a leagtar síos do Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus do sholáthraithe iontaofa sa Rialachán seo agus tacaíocht á tabhairt do na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach.

***(37a) D'fhéadfadh tríú tíortha rochtain a fháil ar acmhainní agus ar thacaíocht de bhun an Rialacháin seo, tríd an tacaíocht freagartha ar theagmhais ó Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais a úsáid. Ina theannta sin, féadfaidh gá a bheith le soláthraithe seirbhíse freagartha ar theagmhais ó thríú tíortha, lena n-áirítear tríú tíortha atá bainteach leis an gClár don Eoraip Dhigiteach nó tíortha comhpháirtíochta idirnáisiúnta eile, agus comhaltaí ECAT, chun seirbhísí sonracha a sholáthar i gCúlchiste Cibearshlándála an Aontais. De mhaolú ar Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, chun ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, a uathriail straitéiseach oscailte, a iomaíochas agus a athléimneacht a neartú, agus chun sócmhainní straitéiseacha, leasanna, nó slándáil an Aontais a choimirciú, eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nach bpáirtithe in GPA agus nár scagadh de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] agus, i gcás inar gá, níor cheart lamháil do bhearta maolaithe, agus na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo á gcur i gcuntas, a bheith rannpháirteach. Ba cheart an ghné sheachtrach den Rialachán seo a bheith i gcomhréir leis na forálacha a bhunaítear sa Chomhaontú Comhlachais faoin gClár don Eoraip Dhigiteach. Ba cheart rannpháirtíocht tríú tíortha a bheith faoi réir grinnscrúdú poiblí, le rannpháirtíocht na gcumhachtaí reachtacha, chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh páirt a ghlacadh sa phróiseas.***

(38) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na coinníollacha le haghaidh idir-inoibritheacht idir SOCanna Trasteorann a shonrú; na socruithe nós imeachta a chinneadh le haghaidh chomhroinnt na faisnéise a bhaineann le teagmhas cibearshlándála mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ar siúl faoi láthair idir SOCanna Trasteorann agus eintitis an Aontais; ceanglais theicniúla a leagan síos chun slándáil na Cibearscéithe Eorpaí a áirithiú; cineálacha agus líon na seirbhísí freagartha is gá le haghaidh Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a shonrú; agus na socruithe sonracha chun leithdháileadh sheirbhísí tacaíochta Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a shonrú a thuilleadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

---

**** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).***

---

[23] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj.

*(38a) Tá pearsanra oilte, atá ábalta na seirbhísí cibearshlándála ábhartha a sheachadadh go hiontaofa ar na caighdeáin is airde, práinneach chun an Chibearsciath Eorpach agus an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála a chur chun feidhme go héifeachtach. Mar sin is ábhar imní don Aontas go bhfuil bearna thallainne roimhe, arb é is príomhthréith di ganntanas gairmithe oilte, agus aghaidh á tabhairt ar bhagairtí atá ag athrú go tapa mar a aithnítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2023 maidir leis an Acadamh Scileanna Cibearshlándála. Tá sé tábhachtach an bhearna tallainne sin a dhúnadh trí chomhar agus comhordú a neartú i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, an saol acadúil, na Ballstáit, an Coimisiún agus ENISA chun sineirgí a mhéadú agus a chruthú, i ngach críoch, chun infheistiú san oideachas agus san oiliúint, chun comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a fhorbairt, chun tacú le tionscnaimh taighde agus nuálaíochta, chun comhchaighdeáin agus deimhniú scileanna cibearshlándála a fhorbairt agus a aithint go frithpháirteach, lena n-áirítear tríd an gCreat Eorpach do Scileanna Cibearshlándála. Ba cheart go n-éascódh sé sin soghluaisteacht gairmithe cibearshlándála laistigh den Aontas chomh maith. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Rialachán seo lucht oibre cibearshlándála níos éagsúla a chur chun cinn. Le gach beart arb é is aidhm dóibh scileanna cibearshlándála a mhéadú, is gá coimircí chun 'imirce daoine oilte' agus riosca do shoghluaisteacht an lucht oibre a sheachaint.*

*(38b) Is gá scileanna agus inniúlachtaí speisialaithe, idirdhisciplíneacha agus ginearálta a neartú ar fud an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar mhná, ós rud é go bhfuil an bhearna inscne fós ann sa chibearshlándáil agus go bhfuil 20% den mheánláithreacht dhomhanda ag mná. Ní mór do mhná a bheith i láthair agus mar chuid de dhearadh na todhchaí digití agus dá rialachas.*

*(38c) Trí thaighde agus nuálaíocht (T&N) a neartú sa chibearshlándáil, beartaítear athléimneacht agus féinriail straitéiseach oscailte an Aontais a mhéadú. Mar sin, tá sé tábhachtach sineirgí a chruthú le cláir T&N agus le hionstraimí agus le hinstitiúidí láithreacha agus comhar agus comhordú a neartú i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta, an saol acadúil, na Ballstáit, an Coimisiún agus ENISA;*

*(38d) Ba cheart an Rialachán seo rannchuidiú le tiomantas an Dearbhaithe Eorpaigh maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití atá nasctha le leasanna ár ndaonlathas, ár ndaoine, ár ngnólachtaí agus ár n-institiúidí poiblí a chosaint ar rioscaí cibearshlándála agus ar chibearchoireacht lena n-áirítear sáruithe sonraí agus goid nó cúbláil chéannachta. Ba cheart do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar chur chun feidhme reachtaíochta eile, mar shampla maidir leis an intleacht shaorga, príobháideachas sonraí agus rialáil sonraí ó thaobh na cibearshlándála agus na cibear-athléimneachta de.*

*(38e) Beidh sé ríthábhachtach an cultúr cibearshlándála lena gcuimsítear slándáil, lena n-áirítear slándáil na timpeallachta digití, a mhéadú mar leas poiblí chun an Rialachán seo a chur chun feidhme go rathúil. Dá bhrí sin, ba cheart bearta a fhorbairt chun feasacht na saoránach a áireamh agus a mhéadú mar mhodh eile chun cosaint ár ndaonlathas agus ár luachanna bunúsacha a ráthú.*

(38f) ***Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na coinníollacha maidir le hidir-inoibritheacht idir na SOCanna Trasteorann a shonrú, na socruithe nós imeachta a bhunú le haghaidh comhroinnt faisnéise idir na SOCanna Trasteorann ar thaobh amháin agus EU-CyCLONe, líonra CSIRTanna agus an Coimisiún ar an taobh eile, cineálacha agus líon na seirbhísí freagartha is gá le haghaidh Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais a shonrú, agus na socruithe mionsonraithe maidir le leithdháileadh sheirbhísí tacaíochta Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais a shonrú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

______________

**** IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.***

(39) ***Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí*** an Rialacháin seo***, eadhon acmhainneachtaí an Aontais a neartú maidir le cosc, brath, freagairt agus aisghabháil i leith cibearbhagairtí agus creat ginearálta a bhunú lena mbrisfear suas bacainní cumarsáide, a bhaint amach go leormhaith ach*** gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá réir sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. ***I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin,*** ní théann an Rialachán ***seo*** thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

***Caibidil I***

***CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA, ÁBHAR, AGUS SAINMHÍNITHE***

*Airteagal 1*

**Ábhar agus cuspóirí**

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos bearta chun acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh, go háirithe trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) ***líonra*** uile-Eorpach de Lárionaid Oibríochtaí Slándála ('an Chibearsciath Eorpach') a chur in úsáid chun cumais choiteanna braite agus feasachta staide a thógáil agus a fheabhsú;

(b) Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála a chruthú chun tacú leis na Ballstáit ullmhú do theagmhais shuntasacha agus mhórscála chibearshlándála, freagairt dóibh agus téarnamh láithreach uathu;

(c) Sásra Eorpach um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála a bhunú chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála.

2. Tá sé mar chuspóir leis an Rialachán seo dlúthpháirtíocht a neartú ar leibhéal an Aontais trí na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(a) brath agus feasacht staide choiteann an Aontais a neartú maidir le cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais agus, ar an gcaoi sin, ***tacaíocht d'acmhainneacht thionsclaíoch an Aontais agus na mBallstát in earnáil na cibearshlándála*** a lamháil, ***agus*** seasamh iomaíoch na tionsclaíochta a threisiú, ***go háirithe micrifhiontair, FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta,*** agus earnálacha seirbhísí san Aontas ar fud an gheilleagair dhigitigh agus rannchuidiú le ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, ***lena uathriail straitéiseach oscailte, lena iomaíochas agus lena athléimneacht san earnáil sin, rud a neartóidh an t-éiceachóras cibearshlándála d'fhonn cumais láidre de chuid an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta***;

(b) ullmhacht eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla agus an-chriticiúil ar fud an Aontais a threisiú agus dlúthpháirtíocht a neartú trí acmhainneachtaí freagartha coiteanna a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála, lena n-áirítear trí thacaíocht an Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála a chur ar fáil do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach;

(c) feabhas a chur ar athléimneacht an Aontais agus rannchuidiú le freagairt éifeachtach trí athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála, lena n-áirítear leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí a thabhairt.

***(ca) scileanna, cumais fios gnó agus inniúlachtaí an lucht saothair a fhorbairt, ar bhealach comhordaithe, d'fhonn cibearshlándáil a áirithiú agus sineirgí a chruthú leis an Acadamh Scileanna Cibearshlándála.***

3. Tá an Rialachán seo gan dochar do phríomhfhreagracht na mBallstát as an tslándáil náisiúnta, an tslándáil phoiblí, agus cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

***(-1a) ciallaíonn 'Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta' nó 'SOC Náisiúnta' acmhainneacht láraithe náisiúnta a bhailíonn agus a dhéanann anailís leanúnach ar eolas faisnéise faoi chibearbhagairtí agus a fheabhsaíonn an seasamh cibearshlándála i gcomhréir le hAirteagal 4;***

(1) ciallaíonn **'Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann'** ***nó*** **'SOC Trasteorann'** ardán iltíre a thugann le chéile i struchtúr gréasáin comhordaithe SOCanna náisiúnta ***i gcomhréir le hAirteagal 5***;

(2) ciallaíonn **'comhlacht poiblí'** ***comhlachtaí*** atá faoi rialú an dlí phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2((1), pointe (4),), de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24];

(3) ciallaíonn **'Cuibhreannas Óstach'** cuibhreannas atá comhdhéanta de stáit rannpháirteacha, a ndéanann SOCanna Náisiúnta ionadaíocht air, ***i gcomhréir le hAirteagal 5.***;

(4) ciallaíonn **'eintiteas'** eintiteas mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (38), de Threoir (AE) 2022/2555;

***(4a) ciallaíonn 'eintiteas criticiúil' eintiteas criticiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle1[25].***

(5) ciallaíonn '**eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil**' eintitis ***sna hearnálacha*** a liostaítear in ***Iarscríbhinní*** I agus ▌ II a ghabhann ***le*** Treoir (AE) 2022/2555;

***(5a) ciallaíonn 'láimhseáil teagmhas' láimhseáil teagmhas mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (8), de Threoir (AE) 2022/2555;***

***(5b) ciallaíonn 'riosca' riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (9) de Threoir (AE) 2022/2555;***

(6) ciallaíonn '**cibearbhagairt**' cibearbhagairt mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (AE) 2019/881;

***(6a) ciallaíonn 'cibearbhagairt shuntasach' cibearbhagairt shuntasach mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (11), de Threoir (AE) 2022/2555;***

(7) ciallaíonn **'teagmhas cibearshlándála suntasach'** teagmhas cibearshlándála lena gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 23(3) de Threoir (AE) 2022/2555;

(8) ciallaíonn '**teagmhas cibearshlándála mórscála**' teagmhas mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (7), de Threoir (AE) 2022/2555;

---

[24] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

***[25]Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).***

(9) ciallaíonn **'ullmhacht'** staid ullmhachta agus cumas chun mearfhreagairt ar theagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála a áirithiú, rud a fuarthas mar thoradh ar ghníomhaíochtaí measúnaithe riosca agus faireacháin a rinneadh roimh ré;

(10) ciallaíonn **'freagairt'** gníomhaíocht i gcás teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála, nó le linn nó tar éis teagmhais den sórt sin, chun aghaidh a thabhairt ar a iarmhairtí díobhálacha láithreacha agus gearrthéarmacha;

***(10a) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí slándála bainistithe' soláthraí seirbhísí bainistithe mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (40), de Threoir (AE) 2022/2555;***

(11) ciallaíonn **'soláthraithe *seirbhísí slándála bainistithe* iontaofa'** soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe a roghnaítear ***le háireamh i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais*** i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo.

## *Caibidil II*

## *AN CHIBEARSCIATH EORPACH*

### *Airteagal 3*

### An Chibearsciath Eorpach a bhunú

1. Bunófar ***líonra*** de Lárionaid Oibríochtaí Slándála ('an Chibearsciath Eorpach') chun ardchumais de chuid an Aontais a fhorbairt chun sonraí maidir le cibearbhagairtí a bhrath, a anailísiú agus a phróiseáil agus teagmhais ***a chosc*** san Aontas. Is iad na Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta uile ('SOCanna Náisiúnta') agus na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann uile ('SOCanna Trasteorann') a bheidh ann.

Tacófar le gníomhaíochtaí lena gcuirtear an Chibearsciath Eorpach chun feidhme trí chistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/694 agus go háirithe Cuspóir Sonrach 3 de.

2. Déanfar an méid seo a leanas leis an gCibearsciath Eorpach:

(a) sonraí maidir le cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais ó fhoinsí éagsúla a chomhthiomsú agus a chomhroinnt trí SOCanna Trasteorann ***agus, i gcás inarb ábhartha, faisnéis a mhalartú le Líonra CSIRTanna***;

(b) ábhar faisnéise agus faisnéis ardcháilíochta inghníomhaithe maidir le cibearbhagairtí a sholáthar, trí uirlisí úrscothacha, go háirithe an Intleacht Shaorga agus teicneolaíochtaí anailísíochta sonraí;

(c) rannchuidiú le cosaint agus freagairt níos fearr ar chibearbhagairtí, ***lena n-áirítear trí mholtaí nithiúla a sholáthar d'eintitis***;

(d) rannchuidiú le cibearbhagairtí a bhrath ar bhealach níos tapa agus le feasacht staide ar fud an Aontais;

(e) seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil do phobal na cibearshlándála san Aontas, lena n-áirítear rannchuidiú le harduirlisí intleachta saorga agus anailísíochta sonraí a fhorbairt.

Déanfar í a fhorbairt i gcomhar leis an mbonneagar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta uile-Eorpach a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) 2021/1173.

*Airteagal 4*

**Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta**

1. Chun bheith ***in ann*** rannpháirt a ghlacadh sa Chibearsciath Eorpach, déanfaidh gach Ballstát SOC Náisiúnta amháin ar a laghad a ainmniú. Beidh an SOC Náisiúnta ***ina acmhainn láraithe i*** gcomhlacht poiblí. ***Nuair is féidir, déanfar na SOCanna Náisiúnta a ionchorprú sna CSIRTanna nó i mbonneagair agus rialachas cibearshlándála eile atá ann cheana.***

Beidh sé d'acmhainn aige gníomhú mar phointe tagartha agus mar thairseach chuig eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile ar an leibhéal náisiúnta, ***go háirithe a SOCanna Náisiúnta***, chun faisnéis faoi bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhailiú agus a anailísiú ***agus, i gcás inarb ábhartha, an fhaisnéis sin a chomhroinnt le comhaltaí líonra CSIRTanna an Bhallstáit sin,*** agus rannchuidiú le SOC Trasteorann. Beidh teicneolaíochtaí úrscothacha aige a bheidh in ann sonraí atá ábhartha maidir le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála ***a chosc***, a bhrath, a chomhiomlánú agus a anailísiú.

***Féadfaidh SOC Náisiúnta nó CSIRT sonraí teiliméadrachta, braiteora nó logála a n-eintiteas criticiúil náisiúnta a iarraidh ar sholáthraithe seirbhísí slándála bainistithe a sholáthraíonn seirbhís don eintiteas criticiúil. Déanfar na sonraí sin a chomhroinnt i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus é d'aidhm aonair leis sin tacú leis an SOC Náisiúnta nó CSIRT chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath agus a chosc.***

2. Tar éis glao ar léiriú spéise, ***féadfaidh*** an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála SOCanna Náisiúnta a roghnú chun páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach uirlisí agus bonneagar in éineacht leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Féadfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála deontais a dhámhachtain ar na SOCanna Náisiúnta roghnaithe chun feidhmiú na n-uirlisí agus na mbonneagar sin a chistiú. Leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, cumhdófar suas le 50 % de chostais fála na n-uirlisí agus na mbonneagar, agus suas le 50 % de na costais oibriúcháin, agus beidh na costais eile le cumhdach ag an mBallstát. Sula seolfar an nós imeachta chun na huirlisí agus na bonneagair a fháil, tabharfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus an SOC Náisiúnta comhaontú i gcrích maidir le hóstáil agus úsáid lena rialófar úsáid na n-uirlisí agus na mbonneagar.

3. SOC Náisiúnta a roghnófar de bhun mhír 2, tabharfaidh sé gealltanas go ndéanfaidh sé iarratas chun páirt a ghlacadh i SOC Trasteorann laistigh de 2 bhliain ón dáta a bhfaighfear na huirlisí agus na bonneagair, nó an dáta ar a bhfaighidh sé cistiúchán deontais, cibé acu is túisce a tharlóidh. Más rud é nach bhfuil SOC Náisiúnta ina rannpháirtí i SOC Trasteorann faoin am sin, ní bheidh sé incháilithe le haghaidh tacaíocht bhreise ón Aontas faoin Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann**

1. Cuibhreannas Óstach ina bhfuil ar a laghad trí Bhallstát, a ndéanann SOC Náisiúnta ionadaíocht ar a son, atá tiomanta oibriú le chéile chun a gcuid gníomhaíochtaí cibearbhraite agus faireacháin ar bhagairtí a chomhordú, beidh sé incháilithe do pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun SOC Trasteorann a bhunú. ***Ceapfar SOC trasteorann chun cibearbhagairtí a bhrath agus a anailísiú, chun teagmhais a chosc agus chun tacú le faisnéis ardcháilíochta a chur ar fáil, go háirithe trí shonraí ó fhoinsí éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach, a mhalartú agus trí uirlisí úrscothacha a chomhroinnt agus trí chumais chibearbhraite, anailíse, choisc agus chosanta a fhorbairt go comhpháirteach i dtimpeallacht iontaofa agus shlán.***

2. Tar éis glao ar léiriú spéise, ***féadfaidh*** an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála Cuibhreannas Óstach a roghnú chun páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach uirlisí agus bonneagar in éineacht leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Féadfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála deontas a dhámhachtain ar an gCuibhreannas Óstach chun feidhmiú na n-uirlisí agus na mbonneagar sin a chistiú. Leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, cumhdófar suas le 75 % de chostais fála na n-uirlisí agus na mbonneagar, agus suas le 50 % de na costais oibriúcháin, agus beidh na costais eile le cumhdach ag an gCuibhreannas Óstach. Sula seolfar an nós imeachta chun na huirlisí agus na bonneagair a fháil, tabharfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus an Cuibhreannas Óstach comhaontú i gcrích maidir le hóstáil agus úsáid lena rialófar úsáid na n-uirlisí agus na mbonneagar.

***2a. De mhaolú ar Airteagal 176 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, ní bheidh eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nach páirtithe iad in GPA rannpháirteach i soláthar comhpháirteach uirlisí agus bonneagar.***

3. Tabharfaidh comhaltaí an Chuibhreannais Óstaigh comhaontú cuibhreannais i scríbhinn i gcrích ina leagfar síos na socruithe inmheánacha atá acu chun an Comhaontú maidir le hóstáil agus úsáid a chur chun feidhme.

4. Déanfaidh SOC Náisiúnta, agus é ag feidhmiú mar SOC comhordúcháin, ionadaíocht chun críocha dlíthiúla ar SOC Trasteorann, nó déanfaidh an Cuibhreannas Óstach é má tá pearsantacht dhlítheanach aige. Beidh an SOC comhordúcháin freagrach as ceanglais an chomhaontaithe maidir le hóstáil agus úsáid agus as ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 6*

**Comhar agus comhroinnt faisnéise laistigh de SOCanna *Trasteorann* agus eatarthu**

1. Déanfaidh comhaltaí Cuibhreannais Óstaigh faisnéis ábhartha a mhalartú eatarthu féin laistigh den SOC Trasteorann, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cibearbhagairtí, neasteagmhais, leochaileachtaí, teicnící agus nósanna imeachta, táscairí maidir le cur i mbaol, teaictic sáraíochta, faisnéis a bhaineann go sonrach le gníomhaithe bagartha, foláirimh chibearshlándála agus moltaí maidir le cumraíocht uirlisí cibearshlándála chun cibirionsaithe a bhrath, i gcás ina ndéantar an méid seo a leanas le comhroinnt faisnéise den sórt sin:

(a) ***malartú faisnéise a fheabhsú maidir le cibearbhagairtí idir SOCanna Náisiúnta agus Trasteorann agus ISACanna tionscail d'fhonn bagairtí a chosc, a bhrath nó a mhaolú;***

(b) an leibhéal cibearshlándála a fheabhsú, go háirithe trí fheasacht a mhúscailt i ndáil le cibearbhagairtí, cumas scaipthe bagairtí den sórt sin a theorannú nó bac a chur leo, tacú le réimse cumas cosantach, feabhsúchán agus nochtadh leochaileachta, bagairtí a bhrath, teicnící srianta agus coisc, straitéisí maolaithe, nó céimeanna freagartha agus téarnaimh nó taighde comhoibritheach ar bhagairtí idir eintitis phoiblí agus phríobháideacha a chur chun cinn.

2. Leis an gcomhaontú cuibhreannais i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 5(3), bunófar an méid seo a leanas:

(a) gealltanas ▌sonraí suntasacha dá dtagraítear i mír 1 a chomhroinnt, agus na coinníollacha faoina ndéanfar an fhaisnéis sin a mhalartú;

(b) creat rialachais lena ndreasaítear comhroinnt faisnéise ag na rannpháirtithe uile;

(c) spriocanna maidir le rannchuidiú le harduirlisí intleachta saorga agus anailísíochta a fhorbairt.

3. Chun malartú faisnéise a spreagadh ***i measc*** SOCanna Trasteorann ***agus le ISACanna tionscail***, áiritheoidh SOCanna Trasteorann ardleibhéal idir-inoibritheachta eatarthu féin ***agus, i gcás inar féidir, le ISACanna tionscail***. Chun idir-inoibritheacht a éascú idir SOCanna Trasteorann ***agus le ISACanna tionscail, féadfar caighdeáin agus prótacail comhroinnte faisnéise a chomhchuibhiú le caighdeáin idirnáisiúnta agus le dea-chleachtais tionscail***. ***Déanfar soláthar comhpháirteach cibearbhonneagar, cibirsheirbhísí agus cibearuirlisí a spreagadh freisin. Thairis sin,*** tar éis dó dul i gcomhairle leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála ***agus ENISA, tugtar de chumhacht don Choimisiún, faoin... [sé mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí*** na coinníollacha le haghaidh na hidir-inoibritheachta sin ***a shonrú i ndlúthchomhar leis na SOCanna Trasteorann agus ar bhonn caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais an tionscail***.

4. Tabharfaidh SOCanna Trasteorann comhaontuithe comhair i gcrích le chéile ***agus, i gcás inarb iomchuí, le ISACanna tionscail***, lena sonrófar comhroinnt faisnéise agus prionsabail

idir-inoibritheachta i measc na n-ardán trasteorann, ***agus sásraí ábhartha comhroinnte faisnéise atá ann cheana dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2022/2555 á gcur san áireamh***. ***I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh SOCanna Trasteorann comhaontuithe comhair i gcrích le ISACanna tionscail. I gcomhthéacs teagmhas cibearshlándála mórscála féideartha nó leanúnach, comhlíonfaidh sásraí comhroinnte faisnéise na forálacha ábhartha de Threoir (AE) 2022/2555.***

*Airteagal 7*

**Comhar agus comhroinnt faisnéise le *líonra CSIRT***

1. I gcás ina bhfaighidh SOCanna Trasteorann faisnéis a bhaineann le teagmhas cibearshlándála mórscála féideartha nó leanúnach ***ar mhaithe le feasacht staide chomhroinnte, cuirfidh an SOC comhordúcháin*** an fhaisnéis ábhartha ar fáil ***dá CSIRT nó dá údarás inniúil, a thuairisceoidh é sin chuig*** EU-CyCLONe, chuig líonra CSIRTanna, chuig an gCoimisiún ***agus chuig ENISA, i gcomhréir*** lena róil agus nósanna imeachta bainistithe géarchéime faoi seach i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 gan moill mhíchuí. ***Ní fhorchuirfear leis an mír seo oibleagáidí breise ar eintitis phoiblí nó phríobháideacha teagmhas cibearshlándála mórscála féideartha nó leanúnach a chur in iúl chun na hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2555 a chomhlíonadh.***

2. ***Tugtar de chumhacht*** don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a tar éis dó dul i gcomhairle le líonra CSIRT chun an Rialachán seo a fhorlíonadh*** trí na socruithe nós imeachta a chinneadh maidir le comhroinnt na faisnéise dá bhforáiltear i mír 1 ***den Airteagal seo agus i gcomhréir le Treoir(AE) 2022/2555***.

*Airteagal 8*

**Slándáil**

1. Áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach ardleibhéal ***rúndachta agus*** slándála sonraí agus slándála fisiciúla bhonneagar na Cibearscéithe Eorpaí agus áiritheoidh siad go ndéanfar an bonneagar a bhainistiú go leormhaith sa chaoi go gcosnófar ar bhagairtí é agus go n-áiritheofar slándáil an bhonneagair sin agus slándáil na gcóras, lena n-áirítear slándáil na sonraí a mhalartaítear tríd an mbonneagar.

2. Áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach nach mbeidh tionchar diúltach ag comhroinnt faisnéise laistigh den Chibearsciath Eorpach le heintitis nach comhlachtaí poiblí de chuid na mBallstát iad ar leasanna slándála an Aontais.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh na mBallstát chun a n-oibleagáid faoi mhíreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2) den Rialachán seo. ***Comhlíonfaidh siad Treoracha (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557***. ***Ina ghníomhartha cur chun feidhme***, cuirfidh an Coimisiún, le tacaíocht ón Ardionadaí, caighdeáin slándála ábhartha ar leibhéal na cosanta san áireamh, chun comhar le gníomhaithe míleata a éascú.

## *Caibidil III*

## *SÁSRA UM EIGEANDÁIL CHIBEARSHLÁNDÁLA*

*Airteagal 9*

**An Sásra um Éigeandáil *Chibearshlándála* a bhunú**

1. Bunaítear Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála*** chun feabhas a chur ar athléimneacht an Aontais i leith mórbhagairtí cibearshlándála agus chun ullmhú do thionchar gearrthéarmach teagmhas cibearshlándála suntasach agus mórscála, agus chun iad a mhaolú, de mheon dlúthpháirtíochta (an 'Sásra').

2. Tacófar le gníomhaíochtaí lena gcuirtear an Sásra ▌ chun feidhme trí chistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/694 agus go háirithe Cuspóir Sonrach 3 de.

*Airteagal 10*

**Cineálacha gníomhaíochtaí**

1. Leis an Sásra, tacófar leis na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí ullmhachta, lena n-áirítear tástáil ullmhachta chomhordaithe ar eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil ar fud an Aontais;

(b) gníomhaíochtaí freagartha, lena dtacaítear le freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála agus téarnamh láithreach uathu, atá le soláthar ag soláthraithe ***seirbhísí slándála bainistithe*** iontaofa atá rannpháirteach i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunaítear faoi Airteagal 12;

(c) gníomhaíochtaí cúnaimh fhrithpháirtigh arb é atá i gceist leo cúnamh a sholáthar ó údaráis náisiúnta Ballstáit amháin do Bhallstát eile, go háirithe dá bhforáiltear in Airteagal 11(3), pointe (f), de Threoir (AE) 2022/2555.

***1a. Tar éis an Sásra a spreagadh, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn bliantúil, tuarascáil ar fheidhmiú dearfach agus diúltach an tSásra a mheas agus a fhoilsiú, lena n-áirítear i dtaobh an bhfuil gá le tuilleadh comhair nó ceanglas oiliúna.***

*Airteagal 11*

**Tástáil ullmhachta chomhordaithe na n-eintiteas**

1. Chun tacú le tástáil ullmhachta chomhordaithe na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a), ar fud an Aontais, tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an

nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise agus ENISA, sainaithneoidh sé na hearnálacha, nó na fo-earnálacha, lena mbaineann, ó na hEarnálacha Ardchriticiúlachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555, óna bhféadfaidh eintitis a bheith faoi réir na tástála ullmhachta comhordaithe, agus measúnuithe riosca comhordaithe agus tástáil athléimneachta atá ann cheana agus atá pleanáilte á gcur san áireamh ***i gcomhréir leis na socruithe arna mbunú le haghaidh na n-eintiteas sna hEarnálacha Ardchriticiúilachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555***.

2. Déanfaidh an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar leis an gCoimisiún, ENISA, agus an tArdionadaí, ***agus leis na heintitis atá faoi réir tástáil ullmhachta chomhordaithe de bhun mhír 1,*** cásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna a fhorbairt le haghaidh na gcleachtaí tástála ***ullmhachta*** comhordaithe***, a mbeidh plean oibre comhbheartaithe mar thoradh orthu***. ***Eintitis atá faoi réir tástáil ullmhachta chomhordaithe, déanfaidh siad plean feabhsúcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena gcuirfear i gcrích na moltaí a eascraíonn as tástálacha ullmhachta.***

***Féadfaidh Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise tosaíocht earnálacha, nó fo-earnálacha le haghaidh na gcleachtaí tástála ullmhachta comhordaithe a chur in iúl.***

*Airteagal 12*

**Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú**

1. Bunófar Cúltaca Cibearshlándála an Aontais, chun cúnamh a thabhairt d'úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3, freagairt a thabhairt ar theagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála, nó tacaíocht a thabhairt ina leith sin, agus téarnamh láithreach ó theagmhais den sórt sin.

***I gcás inar léir nach féidir na seirbhísí arna soláthar a úsáid ina n-iomláine chun críocha tacaíocht a thabhairt chun freagairt do theagmhais shuntasacha nó mhórscála, is féidir na seirbhísí sin a thiontú go heisceachtúil ina gcleachtaí nó oiliúint chun déileáil le teagmhais, agus is féidir leis an údarás conarthach iad a sholáthar do na húsáideoirí arna iarraidh sin dó.***

2. Beidh seirbhísí freagartha teagmhais ó sholáthraithe ***seirbhísí slándála bainistithe*** iontaofa i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais, ar soláthraithe iad a roghnófar i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 16. Beidh seirbhísí réamhghealltа i g***Cúltaca Cibearshlándála an Aontais***. Beidh na seirbhísí in-imscartha i ngach Ballstát, ***treiseoidh siad ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, a uathriail straitéiseach oscailte, a iomaíochas agus a athléimneacht in earnáil na cibearshlándála, lena n-áirítear trí bhorradh a chur faoin nuálaíocht sa Mhargadh Aonair Digiteach ar fud an Aontais***.

3. Áireofar an méid seo a leanas ar úsáideoirí na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais:

(a) údaráis bainistithe cibirghéarchéime na mBallstát agus CSIRTanna dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2) agus Airteagal 10 de Threoir (AE) 2022/2555, faoi seach;

(b) Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ***dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) .../2023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] agus CERT-AE***.

4. Úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), úsáidfidh siad na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais chun freagairt do theagmhais shuntasacha nó mhórscála lena ndéantar difear d'eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil nó chun tacú le freagairt agus téarnamh láithreach ina leith.

5. Is ar an gCoimisiún a bheidh an fhreagracht fhoriomlán Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a chur chun feidhme. Cinnfidh an Coimisiún tosaíochtaí agus teacht chun cinn Chúltaca Cibearshlándála an Aontais ***i gcomhar le Grúpa Comhordúcháin NIS2 agus***, i gcomhréir le ceanglais na n-úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3, agus déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme an Chúltaca, agus áiritheoidh sé comhlántacht, comhsheasmhacht, sineirgí agus naisc le gníomhaíochtaí tacaíochta eile faoin Rialachán seo chomh maith le gníomhaíochtaí agus cláir eile de chuid an Aontais.

6. ***Déanfaidh*** an Coimisiún oibriú agus riarachán Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a chur de chúram, ina iomláine nó i bpáirt, ar ENISA, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta.

7. Chun tacú leis an gCoimisiún Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú, ullmhóidh ENISA mapáil ar na seirbhísí is gá, ***lena n-áirítear na scileanna agus an acmhainneacht is gá don lucht saothair cibearshlándála,*** tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, ***agus i gcás inarb iomchuí, le soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe, agus le hionadaithe eile ón tionscal cibearshlándála***. Ullmhóidh ENISA mapáil chomhchosúil, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, ***le soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe, agus, i gcás inarb iomchuí, le hionadaithe eile ón tionscal cibearshlándála*** chun sainaithint a dhéanamh ar riachtanais tríú tíortha atá incháilithe do thacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais de bhun Airteagal 17. I gcás inarb ábhartha, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ardionadaí ***agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi riachtanais tríú tíortha***.

8. ***Tugtar de chumhacht don*** Choimisiún gníomhartha ***tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí*** chineálacha agus líon na seirbhísí freagartha is gá le haghaidh Chúltaca Cibearshlándála an Aontais ***a shonrú***. ▌..

*Airteagal 13*

**Iarrataí ar thacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais**

1. Féadfaidh na húsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 12(3) seirbhísí a iarraidh ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais chun tacú le freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála agus téarnamh láithreach uathu.

2. Chun tacaíocht a fháil ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, déanfaidh na húsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 12(3) bearta chun éifeachtaí an teagmhais a bhfuil an tacaíocht á hiarraidh ina leith a mhaolú, lena n-áirítear cúnamh teicniúil díreach a sholáthar, agus acmhainní eile chun cúnamh a thabhairt don fhreagairt ar an teagmhas, agus d'iarrachtaí téarnaimh láithrigh.

---

[26] ***Rialachán (AE) .../2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais*** (***IO C , , lch, , ELI: ...).***

3. Cuirfear iarrataí ar thacaíocht ó úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 12(3), pointe (a), den Rialachán seo ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig ENISA tríd an bPointe Teagmhála Aonair arna ainmniú nó arna bhunú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Threoir (AE) 2022/2555.

4. Cuirfidh na Ballstáit líonra CSIRTanna, agus EU-CyCLONe i gcás inarb iomchuí, ar an eolas faoina n-iarrataí ar fhreagairt ar theagmhais agus ar thacaíocht téarnaimh láithrigh de bhun an Airteagail seo.

5. Áireofar na nithe seo a leanas in iarrataí ar thacaíocht freagartha ar theagmhais agus ar thacaíocht téarnaimh láithrigh:

(a) faisnéis ábhartha maidir leis an eintiteas dá ndéantar difear agus tionchair fhéideartha an teagmhais agus úsáid bheartaithe na tacaíochta iarrtha, lena n-áirítear léiriú ar na riachtanais mheasta;

(b) faisnéis faoi bhearta a rinneadh chun an teagmhas a n-iarrtar an tacaíocht ina leith a mhaolú, dá dtagraítear i mír 2;

(c) faisnéis faoi chineálacha eile tacaíochta atá ar fáil don eintiteas dá ndéantar difear, lena n-áirítear socruithe conarthacha atá i bhfeidhm maidir le seirbhísí freagartha ar theagmhais agus seirbhísí téarnaimh láithrigh, chomh maith le conarthaí árachais a d'fhéadfadh teagmhas den sórt sin a chumhdach.

6. Déanfaidh ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, teimpléad a fhorbairt chun cur isteach na n-iarrataí ar thacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a éascú.

7. ***Tugtar de chumhacht don*** Choimisiún gníomhartha ***tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonrú*** breise a dhéanamh ar na socruithe mionsonraithe chun seirbhísí tacaíochta Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a leithdháileadh. ▌

*Airteagal 14*

**An tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a chur chun feidhme**

1. Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ó ENISA nó mar a shainmhínítear i gcomhaontuithe ranníocaíochta faoi Airteagal 12(6), measúnú ar iarrataí ar thacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus tarchuirfear freagairt chuig na húsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 12(3) gan moill ***mhíchuí agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig***.

2. Chun iarrataí a chur in ord tosaíochta, i gcás roinnt iarrataí comhthráthacha, ba cheart na critéir seo a leanas a chur san áireamh, i gcás inarb ábhartha:

(a) déine an teagmhais cibearshlándála;

(b) cineál an eintitis dá ndéantar difear, agus tosaíocht níos airde á tabhairt do theagmhais lena ndéantar difear d'eintitis fhíor-riachtanacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555;

(c) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an mBallstát nó ar na Ballstáit nó ar na húsáideoirí dá ndéantar difear;

(d) *__scála agus__* cineál féideartha trasteorann an teagmhais agus an baol go scaipfeadh sé go Ballstáit nó úsáideoirí eile;

(e) na bearta a rinne an t-úsáideoir chun cúnamh a thabhairt don fhreagairt, agus do na hiarrachtaí téarnaimh láithrigh, dá dtagraítear in Airteagal 13(2) agus Airteagal 13(5), pointe (b).

3. Soláthrófar seirbhísí Chúltaca Cibearshlándála an Aontais i gcomhréir le comhaontuithe sonracha idir soláthróir na seirbhíse agus an t-úsáideoir dá dtugtar an tacaíocht faoi Chúltaca Cibearshlándála an Aontais. Áireofar sna comhaontuithe sin coinníollacha dliteanais *__agus aon fhorálacha eile a mheasann na páirtithe sa chomhaontú a bheith riachtanach chun an tseirbhís faoi seach a sholáthar__*.

4. *__Beidh__* na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3 bunaithe ar theimpléid arna n-ullmhú ag ENISA, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit *__agus, i gcás inarb iomchuí, úsáideoirí eile Chúltaca Cibearshlándála an Aontais__*.

5. Ní bheidh aon dliteanas conarthach ar an gCoimisiún ná ar ENISA i leith damáistí a dhéantar do thríú páirtithe de bharr na seirbhísí a sholáthraítear faoi chuimsiú chur chun feidhme Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, *__ach amháin i gcásanna mórfhaillí sa mheastóireacht ar iarratas an tsoláthraí seirbhísí nó i gcás inar úsáideoirí Chúltaca Cibearshlándála an Aontais iad an Coimisiún nó ENISA de réir Airteagal 14(3)__*.

6. Laistigh de mhí amháin ó dheireadh na gníomhaíochta tacaíochta, cuirfidh na húsáideoirí tuarascáil achomair faoi bhráid an Choimisiúin, ENISA, *__Líonra CSIRTanna, agus, i gcás inarb ábhartha, EU-CyCLONe__* maidir leis an tseirbhís a soláthraíodh, na torthaí a baineadh amach agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Nuair is ó thríú tír atá an t-úsáideoir mar a leagtar amach in Airteagal 17, roinnfear an tuarascáil sin leis an Ardionadaí.
*__Urramófar leis an tuarascáil, dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a bhaineann le faisnéis íogair nó rúnaicmithe a chosaint.__*

7. Tuairisceoidh an Coimisiún *__ar bhonn rialta agus ar a laghad dhá uair sa bhliain__* do Ghrúpa Comhair NIS maidir le húsáid agus torthaí na tacaíochta. *__Cosnófar faisnéis rúnda léi, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a bhaineann le faisnéis íogair nó rúnaicmithe a chosaint.__*

*Airteagal 15*

**Comhordúchán le sásraí bainistithe géarchéime**

1. I gcásanna ina dtarlaíonn teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála de dheasca tubaistí, nó ina mbíonn tubaistí mar thoradh orthu, mar a shainmhínítear i gCinneadh 1313/2013/AE[27], beidh an tacaíocht faoin Rialachán seo chun freagairt do theagmhais den sórt sin ina gcomhlánú ar ghníomhaíochtaí faoi Chinneadh 1313/2013/AE agus gan dochar dó.

2. I gcás teagmhas cibearshlándála trasteorann ar mhórscála ina spreagtar Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna (IPCR), déanfar an tacaíocht faoin Rialachán seo chun freagairt do theagmhas den sórt sin a láimhseáil i gcomhréir leis na prótacail agus na nósanna imeachta ábhartha faoi IPCR.

---

[27] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

3. I gcomhairle leis an Ardionadaí, féadfaidh tacaíocht faoin Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála*** comhlánú a dhéanamh ar an gcúnamh a sholáthraítear i gcomhthéacs an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, lena n-áirítear trí na Foirne Mearfhreagartha Cibearshlándála. Féadfar comhlánú a dhéanamh leis freisin ar an gcúnamh a thugann Ballstát amháin do Bhallstát eile, nó rannchuidiú leis sin, i gcomhthéacs Airteagal 42(7) de ***CAE***.

4. Féadfaidh tacaíocht faoin Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála*** a bheith mar chuid den fhreagairt chomhpháirteach idir an tAontas agus na Ballstáit sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 222 de CFAE.

*Airteagal 16*

**Soláthraithe iontaofa**

1. Le linn nósanna imeachta soláthair chun Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú, gníomhóidh an t-údarás conarthach i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (AE), Euratom) 2018/1046 agus i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) a áirithiú go n-áireofar i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais seirbhísí a fhéadfar a imscaradh i ngach Ballstát, agus ceanglais náisiúnta maidir le seirbhísí den sórt sin a sholáthar, lena n-áirítear deimhniú nó creidiúnú, á gcur san áireamh go háirithe;

(b) a áirithiú go gcosnófar leasanna bunúsacha slándála an Aontais agus a Bhallstát.

(c) a áirithiú go dtugtar breisluach AE le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais, trí rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/694, lena n-áirítear forbairt scileanna cibearshlándála san Aontas a chur chun cinn, ***agus cothromaíocht inscne a bhaint amach san earnáil, agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, a uathriail straitéiseach oscailte, a iomaíochas agus a athléimneacht a threisiú***.

2. Agus seirbhísí á soláthar le haghaidh Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, cuirfidh an t-údarás conarthach na critéir roghnúcháin seo a leanas sna doiciméid soláthair:

(a) léireoidh an soláthraí go bhfuil ag a phearsanra an leibhéal is airde ionracais ghairmiúil, neamhspleáchais, freagrachta, agus an inniúlacht theicniúil is gá chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh ina réimse sonrach, agus go n-áirithítear buaine/leanúnachas an tsaineolais chomh maith leis na hacmhainní teicniúla is gá;

(b) beidh creat i bhfeidhm ag an soláthraí, a fhochuideachtaí agus a fhochonraitheoirí chun faisnéis íogair a bhaineann leis an tseirbhís a chosaint, go háirithe fianaise, torthaí agus tuarascálacha, agus beidh an creat i gcomhréir le rialacha slándála an Aontais maidir le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint;

(c) cuirfidh an soláthraí cruthúnas leordhóthanach ar fáil go bhfuil a struchtúr rialaithe trédhearcach, nach dócha go gcuirfeadh sé isteach ar a neamhchlaontacht agus ar cháilíocht a sheirbhísí nó go mbeadh sé ina chúis le coinbhleachtaí leasa;

(d) beidh imréiteach slándála iomchuí ag an soláthraí, i gcás an phearsanra atá beartaithe chun na seirbhísí a chur in úsáid ar a laghad;

(e) beidh an leibhéal ábhartha slándála ag an soláthraí le haghaidh a chóras TF;

(f) beidh an trealamh teicniúil crua-earraí agus bogearraí ***cothrom le dáta*** is gá chun tacú leis an tseirbhís iarrtha ag an soláthraí ***agus comhlíonfaidh sé, de réir mar is infheidhme, Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[28] ***(2022/0272(COD))***;

(g) beidh an soláthraí in ann a léiriú go bhfuil taithí aige ar sheirbhísí comhchosúla a sholáthar d'údaráis náisiúnta ábhartha nó d'eintitis ábhartha atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil;

(h) beidh an soláthraí in ann an tseirbhís a sholáthar laistigh de thréimhse ghearr ama sa Bhallstát nó sna Ballstáit inar féidir leis an tseirbhís a sholáthar;

(i) beidh an soláthraí in ann an tseirbhís a sholáthar i dteanga áitiúil an Bhallstáit nó na mBallstát inar féidir leis an tseirbhís a sholáthar, ***nó i gceann de theangacha oibre institiúidí an Aontais***;

(j) nuair a bheidh scéim ***Eorpach*** um dheimhniú ***cibearshlándála*** i bhfeidhm ***de bhun*** Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe, déanfar an soláthraí a dheimhniú i gcomhréir leis an scéim sin ***laistigh de thréimhse 2 bhliain tar éis don scéim a bheith glactha***.

***(ja) beidh an soláthraí in ann an tseirbhís a sholáthar go neamhspleách agus ní mar chuid de chuach, rud a chosnóidh an fhéidearthacht don úsáideoir aistriú go soláthraí seirbhíse eile;***

***(jb) chun críocha Airteagal 12(1), áireoidh an soláthraí sa togra tairiscintí an fhéidearthacht seirbhísí freagartha do theagmhais nár úsáideadh a thiontú ina gcleachtaí nó ina oiliúint;***

***(jc) bunófar an soláthraí agus beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas, i dtír chomhlachaithe nó i dtríú tír atá mar chuid den Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais i gcomhthéacs na hEagraíochta Domhanda Trádála (GPA).***

***(jd) . Ní bheidh an soláthraí faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe nach bpáirtí in GPA é nó, de rogha air sin, beidh an t-eintiteas sin faoi réir scagadh de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/452 agus, i gcás inar gá, bearta maolaithe, agus na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo á gcur san áireamh.***

*Airteagal 17*

**Tacaíocht le haghaidh tríú tíortha**

1. Féadfaidh tríú tíortha tacaíocht a iarraidh ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin i gComhaontuithe Comhlachais a tugadh i gcrích maidir lena rannpháirtíocht sa Chlár don Eoraip Dhigiteach.

---

28 Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le ... (IO L, …, ELI: …).

2. Beidh an tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus comhlíonfar léi aon choinníoll shonrach a leagtar síos sna Comhaontuithe Comhlachais dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh údaráis inniúla amhail CSIRTanna agus údaráis bainistithe cibirghéarchéime san áireamh in úsáideoirí ó thríú tíortha atá comhlachaithe agus atá incháilithe chun seirbhísí a fháil ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais.

4. Gach tríú tír atá incháilithe le haghaidh tacaíochta ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ainmneoidh sí údarás chun gníomhú mar phointe teagmhála aonair chun críoch an Rialacháin seo.

5. Sula bhfaighidh siad aon tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, tabharfaidh tríú tíortha faisnéis don Choimisiún agus don Ardionadaí maidir faoina gcumais athléimneachta cibearshlándála agus bainistithe riosca, lena n-áirítear faisnéis faoi bhearta náisiúnta arna ndéanamh chun ullmhú do theagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála ar a laghad, chomh maith le faisnéis faoi eintitis náisiúnta fhreagracha, lena n-áirítear CSIRTanna nó eintitis choibhéiseacha, a gcumais agus na hacmhainní a leithdháiltear orthu. I gcás ina ndéantar tagairt i bhforálacha Airteagal 13 agus Airteagal 14 den Rialachán seo do na Ballstáit, beidh feidhm acu maidir le tríú tíortha mar a leagtar amach i mír 1.

6. Déanfaidh an Coimisiún, ***gan moill mhíchuí, fógra a thabhairt don Chomhairle agus*** comhordú leis an Ardionadaí maidir leis na hiarrataí a gheofar agus maidir le cur chun feidhme na tacaíochta a thabharfar do thríú tíortha ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais.

## *Caibidil IV*

## *SÁSRA UM ATHBHREITHNIÚ AR THEAGMHAIS CHIBEARSHLÁNDÁLA*

### *Airteagal 18*

### Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála

1. Arna iarraidh sin don Choimisiún, do EU-CyCLONe nó do líonra CSIRTanna, déanfaidh ENISA athbhreithniú agus measúnú ar bhagairtí, leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí maolaithe i ndáil le teagmhas sonrach suntasach nó mórscála. I ndiaidh do ENISA athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhas, cuirfidh sé tuarascáil maidir le hathbhreithniú teagmhais faoi bhráid líonra CSIRTanna, EU-CyCLONe agus an Choimisiúin chun tacú leo agus a gcúraimí á ndéanamh acu, go háirithe i bhfianaise na gcúraimí a leagtar amach in Airteagail 15 agus 16 de Threoir (AE) 2022/2555. I gcás inarb ábhartha, roinnfidh an Coimisiún an tuarascáil leis an Ardionadaí.

2. Chun an tuarascáil maidir le hathbhreithniú teagmhais dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú, oibreoidh ENISA i gcomhar ***leis*** na páirtithe leasmhara ábhartha uile ***agus baileoidh sé aiseolas uathu***, lena n-áirítear ionadaithe ó na Ballstáit, an Coimisiún, institiúidí, comhlachtaí, ***oifigí*** agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe ***sna SOCanna Náisiúnta agus Trasteorann*** agus úsáideoirí seirbhísí cibearshlándála, ***arna gcomhlánú le ráthaíochtaí agus le faireachán atá leormhaith chun a áirithiú go dtugann na gníomhaithe sa tionscal seirbhísí cibearshlándála tacaíocht do na ceachtanna a foghlaimíodh agus na cleachtais is fearr a shainaithnítear***. I gcás inarb iomchuí, oibreoidh ENISA freisin le heintitis a ndéantar difear dóibh le teagmhais

chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála. Chun tacú leis an athbhreithniú, féadfaidh ENISA dul i gcomhairle le cineálacha eile páirtithe leasmhara. Na hionadaithe a ndeachthas i gcomhairle leo, nochtfaidh siad aon choinbhleacht fhéideartha leasa.

3. Leis an tuarascáil, cumhdófar athbhreithniú agus anailís ar an teagmhas cibearshlándála sonrach suntasach nó mórscála, lena n-áirítear na príomhchúiseanna, na leochaileachtaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Cosnófar faisnéis rúnda léi, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a bhaineann le faisnéis íogair nó rúnaicmithe a chosaint. ***Ní áireofar ann aon mhionsonraí maidir le leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach agus atá fós neamhphaisteáilte.***

***3a. Leagfar amach sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ceachtanna a foghlaimíodh ó na hathbhreithnithe piaraí a rinneadh de bhun Airteagal 19 de Threoir (AE) 2022/2555.***

4. I gcás inarb iomchuí, déanfar moltaí sa tuarascáil, ***lena n-áirítear le haghaidh na ngeallsealbhóirí ábhartha uile,*** chun feabhas a chur ar sheasamh cibearshlándála an Aontais.

5. I gcás inar féidir, cuirfear leagan den tuarascáil ar fáil go poiblí. Ní bheidh ach faisnéis phoiblí san áireamh sa leagan seo.

## *Caibidil V*

## *FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*

*Airteagal 19*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/694**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(***i***) cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

‘(aa) tacú le Cibearsciath an Aontais a bhunú, lena n-áirítear forbairt, cur in úsáid agus feidhmiú ardáin na SOCanna Náisiúnta agus Trasteorann lena rannchuidítear le feasacht staide san Aontas agus le feabhas a chur ar acmhainneachtaí an Aontais maidir le faisnéis faoi chibearbhagairtí’;

(***ii***) cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

‘(g) Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála*** a bhunú agus oibriú chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag ullmhú do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus ag freagairt dóibh, ar sásra é atá comhlántach le hacmhainní agus cumais náisiúnta agus cineálacha eile tacaíochta atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú’;

(***b***) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfear na gníomhaíochtaí faoi Chuspóir Sonrach 3 chun feidhme go príomha tríd an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* cé is moite de ghníomhaíochtaí lena gcuirtear chun feidhme Cúltaca Cibearshlándála an Aontais, a chuirfidh an Coimisiún agus ENISA chun feidhme.

---

* Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (IO L 202, 8.6.2021, lch. 1, ***ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/887/oj). '***;

(2) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b), (c) agus (d):

'(b), EUR 1 776 956 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 2 – an Intleacht Shaorga;

(c), EUR ***1 620 566 000*** le haghaidh Chuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándáil agus Iontaoibh;

(d), EUR ***500 347 000*** le haghaidh Chuspóir Sonrach 4 – Ardscileanna Digiteacha';

***(aa) cuirtear an mhír nua 2a seo a leanas isteach:***

***' (2a). Úsáidfear an méid dá dtagraítear i mír 2 pointe c go príomha chun na cuspóirí oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 6 mír 1 (a-f) den Chlár a bhaint amach.';***

***(ab) cuirtear an mhír nua 2b seo a leanas isteach:***

***' (2b). Ní rachaidh an méid le haghaidh bunú agus cur chun feidhme Chúltaca Cibearshlándála an Aontais thar EUR 27 milliún d'fhad beartaithe an Rialacháin lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh.';***

(b) cuirtear isteach an mhír 8 seo a leanas:

'8. De mhaolú ***ar*** Airteagal 12(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí nár úsáideadh ***i gcomhthéacs chur chun feidhme Chúltaca Cibearshlándála an Aontais,*** lena saothraítear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointe (g) den Rialachán seo, ar leithreasuithe iad nár úsáideadh, tabharfar anonn go huathoibríoch iad agus féadfar iad a ghealladh agus a íoc suas leis an 31 Nollaig an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.';

***Cuirfidh an Coimisiún an Pharlaimint agus an Chomhairle ar an eolas maidir le leithreasuithe a tugadh anonn i gcomhréir le hAirteagal 12(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046***.

(3) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin a bheith in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán ***(AE, Euratom) 2018/1046***, lena n-áirítear go háirithe trí sholáthar mar phríomhfhoirm nó deontais agus duaiseanna.

I gcás inar gá earraí agus seirbhísí nuálacha a sholáthar chun cuspóir gníomhaíochta a bhaint amach, ní fhéadfar deontais a dhámhachtain ach ar thairbhithe ar údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha iad mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/24/AE [27] agus 2014/25/AE [28] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

I gcás inar gá earraí nó seirbhísí nuálacha nach bhfuil ar fáil fós ar bhonn tráchtála ar scála mór a sholáthar chun cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach, féadfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach dámhachtain conarthaí iomadúla a údarú laistigh den nós imeachta soláthair céanna.

Ar chúiseanna slándála poiblí a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach a éileamh go mbeadh áit feidhmíochta an chonartha lonnaithe laistigh de chríoch an Aontais.

Agus nósanna imeachta soláthair á gcur chun feidhme le haghaidh Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a bunaíodh le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2023***/…***, féadfaidh an Coimisiún agus ENISA gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh chun soláthar a dhéanamh thar ceann nó in ainm tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár i gcomhréir le hAirteagal 10. Féadfaidh an Coimisiún agus ENISA gníomhú mar mhórdhíoltóir freisin, trí sholáthairtí agus seirbhísí a cheannach, a bheith i stoc acu agus a athdhíol nó a dheonú do na tríú tíortha sin, lena n-áirítear iad a ligean ar cíos. De mhaolú ar Airteagal 169(3) de Rialachán (AE). ***…/…***, is leor an iarraidh ó thríú tír amháin chun sainordú a thabhairt don Choimisiún nó do ENISA gníomhú.

Agus nósanna imeachta soláthair á gcur chun feidhme le haghaidh Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a bunaíodh le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2023/***…***XX, féadfaidh an Coimisiún agus ENISA gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh chun soláthar a dhéanamh thar ceann nó in ainm institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais. Féadfaidh an Coimisiún agus ENISA gníomhú mar mhórdhíoltóir freisin, trí sholáthairtí agus seirbhísí a cheannach, a bheith i stoc acu agus a athdhíol nó a dheonú do na hinstitiúidí, na comhlachtaí nó na gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais, lena n-áirítear iad a ligean ar cíos. De mhaolú ar Airteagal 169(3) de Rialachán (AE) ***…/…***, is leor an iarraidh ó institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht amháin de chuid an Aontais chun sainordú a thabhairt don Choimisiún nó do ENISA gníomhú.

Féadfaidh an Clár maoiniú i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha a sholáthar freisin. ’;

(4) cuirtear an tAirteagal 16a seo a leanas leis:

***'Airteagal 16a***

I gcás gníomhaíochtaí lena gcuirtear chun feidhme an Chibearsciath Eorpach a bunaíodh le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/XX, is iad na rialacha a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2023/... na rialacha is infheidhme. I gcás coinbhleacht idir forálacha an Rialacháin seo agus Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2023/***...,*** is ag Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2023/XX a bheidh forlámhas agus beidh feidhm acu maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha sin.***';***

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

'Dámhfar agus bainisteofar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046*** agus féadfar suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach leo, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe a leagtar síos in Airteagal 190 ***de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.*** Dámhfar agus bainisteofar deontais den sórt sin mar a shonraítear le haghaidh gach cuspóra shonraigh.

Féadfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála tacaíocht i bhfoirm deontas a dhámhachtain go díreach gan glao ar thograí ar na Lárionaid Oibríochtaí Cibearshlándála Náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán ***(AE) .../...*** agus ar an gCuibhreannas Óstach dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán ***(AE) .../...***, i gcomhréir le hAirteagal 195(1), pointe (d) ***de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046***.

Féadfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála tacaíocht i bhfoirm deontas le haghaidh an tSásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála*** a leagtar amach in Airteagal 10 de Rialachán ***(AE) .../...*** a dhámhachtain go díreach ar Bhallstáit gan glao ar thograí, i gcomhréir le hAirteagal 195(1), pointe (d) de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046***.

I gcás gníomhaíochtaí a shonraítear in Airteagal 10(1), pointe (c) de Rialachán (AE) ***.../...***, cuirfidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála an Coimisiún agus ENISA ar an eolas faoi iarrataí ar dheontais dhíreacha gan glao ar thograí.

Chun tacú le cúnamh frithpháirteach le haghaidh freagairt ar theagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála mar a shainmhínítear in Airteagal 10(c), de Rialachán ***(AE) .../...***, agus i gcomhréir le hAirteagal 193(2), an dara fomhír, pointe (a), de ***Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046,*** i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar na costais a mheas mar chostais incháilithe fiú más rud é gur tabhaíodh iad sular tíolacadh an t-iarratas ar dheontas.';

(6) Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/694 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

***Airteagal 19a***
***Acmhainní breise le haghaidh ENISA***

***Gheobhaidh ENISA acmhainní breise chun a chúraimí breise a thugtar dó leis an Rialachán seo a chur i gcrích. Ní chuirfidh an tacaíocht bhreise sin, lena n-áirítear cistiú, gnóthú chuspóirí chláir eile an Aontais i mbaol, go háirithe an Clár don Eoraip Dhigiteach.***

*Airteagal 20*

**Meastóireacht agus Athbhreithniú**

1. Faoin ... [***dhá*** bhliain ***ó*** dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ***agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin,*** déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ***ar fheidhmiú na mbeart a leagtar síos sa*** Rialachán seo ***agus cuirfidh sé tuarascáil*** faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

***2. Sa mheastóireacht, déanfar measúnú ar an méid seo a leanas go háirithe:***

***(a) úsáid agus breisluach na Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann agus a mhéid a rannchuidíonn siad le dlús a chur faoi chibearbhagairtí a bhrath agus freagairt orthu agus le feasacht staide; rannpháirtíocht ghníomhach na Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta sa Chibearsciath Eorpach, lena n-áirítear líon na na Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta agus na Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann a bunaíodh agus a mhéid a rannchuidigh sé le faisnéis inghníomhaithe ardcháilíochta agus faisnéis chibearbhagartha a tháirgeadh agus a mhalartú; an líon bonneagar cibearshlándála, nó na n-uirlisí cibearshlándála, nó an dá cheann, arna soláthar go comhpháirteach; líon na gcomhaontuithe comhair a tugadh i gcrích idir na Lárionaid Oibríochtaí Slándála trasteorann agus le ISACanna an tionscail; líon na dteagmhas a thuairiscítear do líonra CSIRT agus an tionchar atá aige ar obair Líonra CSIRT;***

***(b) oibriú dearfach agus oibriú diúltach an tSásra Éigeandála Cibearshlándála, lena n-áirítear an bhfuil gá le tuilleadh ceanglas comhair nó oiliúna;***

***(c) rannchuidiú an Rialacháin seo le hathléimneacht agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a threisiú, chun feabhas a chur ar iomaíochas na n-earnálacha***

*ábhartha tionscail, micrifhiontar, FBManna lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus forbairt scileanna cibearshlándála san Aontas;*

*(d) úsáid agus breisluach Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais, lena n-áirítear líon na soláthraithe slándála iontaofa atá mar chuid de Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais; líon, cineál, costais agus tionchar na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh lena dtacaítear leis an bhfreagairt ar theagmhais cibearshlándála, chomh maith lena húsáideoirí agus a soláthraithe; an meántréimhse ama a thógann sé ar an gCoimisiún aitheantas a thabhairt do Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais a imscaradh agus freagairt dó, agus ar an úsáideoir téarnamh ó theagmhais; cibé acu atá nó nach bhfuil raon feidhme Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais le leathnú chuig seirbhísí ullmhachta teagmhais nó chuig freachnaimh choiteanna leis na soláthraithe seirbhísí slándála iontaofa bainistithe agus úsáideoirí féideartha Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais chun feidhmiú éifeachtúil Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais a áirithiú i gcás inar gá;*

*(e) rannchuidiú an Rialacháin seo le forbairt agus feabhsú scileanna agus inniúlachtaí an lucht saothair in earnáil na cibearshlándála, a bhfuil gá leis chun acmhainneacht an Aontais a neartú maidir le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, a chosc, freagairt dóibh agus téarnamh uathu;*

*(f) rannchuidiú an Rialacháin seo le teicneolaíochtaí úrscothacha a imscaradh agus a fhorbairt san Aontas.*

*3. Ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an Rialachán seo a leasú.*

*Airteagal 20a*

*An tarmligean a fheidhmiú*

*1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.*

*2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 6(3), 7(2), 12(8) agus 13(7) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse... bliana amhail ón... [dáta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse … bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí*

***comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

***3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(3), Airteagal 7(2), Airteagal 12(8) agus Airteagal 13(7) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

***4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

***5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.***

***6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(3), Airteagal 7(2), Airteagal 12(8) agus Airteagal 13(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***

*Airteagal 21*

**Nós imeachta coiste**

1. An Coiste Comhordúcháin um an gClár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694, déanfaidh sé cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 22*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne/na caibidle 'Cuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándáil agus Iontaoibh':

'Cuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándáil agus Iontaoibh

Leis an gClár, spreagfar treisiú, tógáil agus fáil acmhainneachtaí bunriachtanacha chun geilleagar digiteach, sochaí agus daonlathas an Aontais a áirithiú trí acmhainneacht thionsclaíoch agus iomaíochas cibearshlándála an Aontais a threisiú, agus trí chumais na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí araon a fheabhsú chun saoránaigh agus gnólachtaí a chosaint ar chibearbhagairtí, lena n-áirítear trí thacú le Treoir (AE) 2016/1148 a chur chun feidhme.

Áireofar an méid seo a leanas sna gníomhaíochtaí tosaigh agus, i gcás inarb iomchuí, sna gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin faoin gcuspóir seo:

1. Comhinfheistíocht leis na Ballstáit in ardtrealamh, ard-bhonneagair agus ardfhios gnó cibearshlándála atá riachtanach chun bonneagair ríthábhachtacha agus an Margadh Aonair Digiteach i gcoitinne a chosaint. D'fhéadfaí a áireamh leis an gcomhinfheistíocht sin infheistíochtaí i saoráidí candamacha agus acmhainní sonraí le haghaidh na cibearshlándála, feasacht staide sa chibearspás ***lena n-áirítear Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta agus Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann lena mbunaítear an Chibearsciath Eorpach***, chomh maith le huirlisí eile atá le cur ar fáil don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach ar fud na hEorpa.

2. Na hacmhainneachtaí teicneolaíochta atá ann cheana a mhéadú agus na lárionaid inniúlachtaí sna Ballstáit a líonrú, agus a áirithiú go mbeidh na hacmhainneachtaí sin ag freastal ar riachtanais na hearnála poiblí agus na hearnála tionsclaíochta, lena n-áirítear trí tháirgí agus seirbhísí lena dtreisítear an chibearshlándáil agus iontaoibh laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach.

3. A áirithiú go gcuirfear réitigh éifeachtacha úrscothacha chibearshlándála agus iontaoibhe chun úsáide go forleathan ar fud na mBallstát. Áirítear le cur chun úsáide den sórt sin slándáil agus sábháilteacht táirgí a neartú, óna ndearadh go dtí a dtráchtálú.

4. Tacú leis an mbearna scileanna cibearshlándála a dhúnadh, ***agus béim ar leith á leagan ar chothromaíocht inscne a bhaint amach trí,*** mar shampla, cláir scileanna cibearshlándála a ailíniú, iad a oiriúnú do riachtanais shonracha earnála, ***lena n-áirítear fócas idirdhisciplíneach agus ginearálta*** agus rochtain ar oiliúint speisialaithe spriocdhírithe a éascú ***chun go mbeidh gach duine agus gach críoch in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an Rialachán seo.***

5. Dlúthpháirtíocht a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le hullmhú agus freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha trí sheirbhísí cibearshlándála a chur chun úsáide thar theorainneacha, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh cúnamh frithpháirteach idir údaráis phoiblí agus cúltaca soláthraithe ***cibearshlándála iontaofa*** a bhunú ar leibhéal an Aontais.';

(2) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne/na caibidle 'Cuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándáil agus Iontaoibh':

'Cuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándáil agus Iontaoibh

3.1. Líon na mbonneagar cibearshlándála, nó na n-uirlisí cibearshlándála, nó an dá cheann, arna soláthar go comhpháirteach ***nó mar chuid den Sciath Chibearshlándála.***

3.2. An líon úsáideoirí agus pobal úsáideoirí a fhaigheann rochtain ar shaoráidí cibearshlándála Eorpacha

3.3. Líon, ***cineál, costais agus tionchar*** gníomhaíochtaí ***arna ndéanamh*** lena dtacaítear le hullmhacht agus le freagairt ar theagmhais chibearshlándála faoin Sásra um Éigeandáil ***Chibearshlándála***. ***A mhéid a rinne an t-úsáideoir moltaí maidir le tástálacha ullmhachta a chur chun feidhme agus a chur i gcrích chomh maith leis an meántréimhse ama a thógann sé ar an gCoimisiún teagmhais a aithint, ar Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais freagairt dóibh, agus ar an úsáideoir téarnamh uathu.'***

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS

Tá an chibearshlándáil i gcroílár ár ndaonlathas agus ba cheart go mbeadh sí i gcroílár ár ndaonlathas. Tá bagairtí ar an gcibearshlándáil nasctha le leathadh na neamhshláine i measc an daonra agus cuideachtaí, agus le teacht chun cinn na bréagaisnéise, lena dtugtar dúshlán na bprionsabal daonlathach lena gcaomhnaítear urraim do chearta an duine. Chun é sin a chosc, tá timpeallacht dhigiteach shlán faoi réir grinnscrúdú poiblí ríthábhachtach dár ndaonlathais.

Tá méadú ag teacht ar chibearionsaithe san Aontas ó thaobh modhanna agus tionchair de. Ina theannta sin, chruthaigh ionsaí na Rúise ar an Úcráin athruithe doimhne, fiú roimh an ionradh, agus d'oscail sé ré nua le haghaidh ***cibear-earraí*** de réir thuarascáil 2022 ar Thírdhreach Bhagairt ENISA[1]. Is iad na tosaíochtaí a sainaithníodh ón gcibearchoinbhleacht seo an gá atá le **cumais a fhorbairt** i gcláir agus i **dtionscadail iltaobhacha** agus an gá atá le **scileanna a fhorbairt** go tapa. Chun bheith níos athléimní, tá géarghá le freagairt choiteann Eorpach, bunaithe ar chomhar níos láidre ar an leibhéal Eorpach lasmuigh den leibhéal náisiúnta.

***Beidh sé ríthábhachtach an Cultúr Cibearshlándála lena gcuimsítear slándáil, lena n-áirítear slándáil na timpeallachta digití, a mhéadú mar leas poiblí chun an rialachán seo a chur chun feidhme go rathúil.***

Ina theannta sin, is minic a dhírítear cibirionsaithe ar sheirbhísí agus bonneagair phoiblí **áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta** (e.g. earnáil an chúraim sláinte atá fós ina príomhsprioc le haghaidh cibirionsaithe[2]). Tugtar le fios san fhianaise freisin go bhfuil **na húdaráis áitiúla** ar na spriocanna is leochailí mar gheall ar easpa acmhainní airgeadais agus daonna, agus tá sé thar a bheith tábhachtach feasacht na gceannairí ar an leibhéal áitiúil a mhéadú chun athléimneacht dhigiteach a mhéadú[3]. Bíonn tionchar ag ionsaithe ar shaoránaigh den chuid is mó agus ar an gcaoi sin ár ndaonlathais a chur i mbaol, lena n-áirítear trí fheachtais bhréagaisnéise. Is féidir le roghanna polaitiúla a leanann tiomantas radacach don tslándáil, rud a dhéanann dochar d'urraim do chearta bunúsacha, a bheith mar thoradh ar an neamhshláine a d'fhéadfadh na cásanna sin a chruthú sa phobal. Mar sin féin, tá a mhalairt fíor: is cuid riachtanach dár ndaonlathais í an tslándáil, atá comhoiriúnach leis na cearta eile ar fad agus atá riachtanach dóibh.

Ina theannta sin, tá cibearchoireacht ar siúl i **gcuideachtaí agus FBManna** san Aontas freisin, agus leis an méadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaintear as an réimse digiteach chun gnó a dhéanamh, is mó an chúis imní sa chibearshlándáil. Is FBManna iad siúd nach bhfuil chomh hullmhaithe sin, agus tá níos lú acmhainní acu chun iad féin a chosaint agus is lú an tuiscint atá acu go bhféadfadh siad a bheith faoi réir ionsaithe den sórt sin.

[1] Tírdhreach Bhagairt ENISA 2022, Deireadh Fómhair 2022. https://www.enisa.europa.eu/publications/enisa-threat-landscape-2022/@@download/fullReport
[2] ENISA Timpeallacht na bagartha. Earnáil na Sláinte, Iúil 2023. https://www.enisa.europa.eu/publications/health-threat-landscape/@@download/fullReport
[3] Coiste Eorpach na Réigiún, Athléimneacht Dhigiteach, 2023. https://cor.europa.eu/en/engage/studies/Documents/Digital%20resilience.pdf

Táthar ag súil go leanfaidh na hionsaithe sin ar aghaidh agus go dtiocfaidh méadú orthu amach anseo. Go háirithe i gcásanna éagobhsaíochta polaitiúla agus go háirithe i gcomhthéacsanna cogaidh. Agus an t-aistriú digiteach ag dul níos faide gach lá, is tábhachtaí an athléimneacht dhigiteach dár saol laethúil agus do **neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais.**

TUAIRIM AN RAPÓIRTÉARA

Creideann an Rapóirtéir gur gá do AE a bheith ullmhaithe níos fearr don todhchaí agus is geal léi an píosa práinneach reachtaíochta sin chun acmhainní, faisnéis agus eolas a chomhthiomsú chun dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a áirithiú, chun acmhainneacht thionsclaíoch a fhás in AE, chun **scileanna agus cumais chomhordaithe** a fhorbairt lena n-áirithítear an chibearshlándáil, chun bheith níos athléimní i gcoinne ionsaithe a dhéanfar amach anseo agus chun ár ndaonlathais a chosaint ar úsáid féinfhreastail a bhaint as riachtanais slándála. Thairis sin, tá sé tábhachtach sláine ár bpróiseas toghcháin a chosaint. Is tiomantas ríthábhachtach é an píosa reachtaíochta seo chun cuspóir na **huathrialach straitéisí oscailte** a bhaint amach.

Ar na cúiseanna sin, tá gá ag an Aontas le **rialachas** láidir agus **comhordaithe** san Aontas agus le comhar struchtúrtha leis an earnáil phríobháideach chun forbairt chibearthionscal na hEorpa a chothú. Chomh maith le comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leo, ach freisin le tíortha eile nach bhfuil na cumais chéanna acu agus a bhféadfadh sé gur ghá cúnamh a thabhairt dóibh nuair is íospartaigh cibirionsaithe iad. Ní mór do Ghníomh Cibeardhlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a rialachas a shainiú go maith agus gan forluí a bheith ann idir na tionscnaimh agus an reachtaíocht atá ann cheana, amhail Treoir NIS2.

Tá an togra bunaithe go mór ar mhalartú faisnéise ar bhealach deonach i measc na mBallstát. Ar an gcúis sin, molann an Rapóirtéir feabhas a chur ar na ráthaíochtaí chun muinín a chothú i measc na mBallstát chun a rannpháirtíocht agus a gcomhar a mhéadú, mar shampla maidir le héadálacha comhpháirteacha bonneagair chomh maith le rannpháirtíocht na gcumhachtaí reachtacha, chun muinín na saoránach agus **ráthaíochtaí daonlathacha** a áirithiú.

Ar an dara dul síos, molann an Rapóirtéir go **n-áiritheofaí an buiséad** ó na CAInna atá ar na bacáin don tionscnamh seo, le tiomantas ó na Ballstáit freisin, chun leanúnachas a ráthú do na gníomhaíochtaí arna bhforbairt faoi Ghníomh Cibear-Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh tar éis 2027.

Ar an tríú dul síos, molann an Rapóirtéir an **struchtúr rialachais** a fheabhsú, sainmhíniú soiléir rialachais a bheith aige, agus é a nascadh leis an reachtaíocht atá ann cheana.

Molann an Rapóirtéir freisin **comhordú** níos fearr i measc eintitis éagsúla na mBallstát atá i gceannas ar chibearshlándáil chun cibearsciath coiteann a thairiscint. Thairis sin, rannchuidiú ENISA a mhéadú maidir leis an gcomhordú agus leis an idirghníomhaíocht idir gníomhaithe éagsúla na bpobal náisiúnta.

Maidir leis an **gcúlchiste cibearshlándála nua**, creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé d'acmhainn aige acmhainneachtaí tionsclaíocha a fhorbairt in AE, lena n-áirítear do FBManna, le hinfheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht chun teicneolaíochtaí úrscothacha a fhorbairt,

amhail néalríomhaireacht agus teicneolaíochtaí na hintleachta saorga. Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir rannphháirtíocht an tionscail a choinneáil, feabhas a chur ar chritéir agus ar mhuinín a rannphháirtíochta (i.e. a rannphháirtíocht le cuideachta náisiúnta nó áitiúil a nascadh) trí shoiléiriú a dhéanamh ar na **critéir** agus ar an sainmhíniú ar **cheannasacht theicneolaíoch** agus cothromaíocht a ráthú idir gníomhaithe neamh-AE agus gníomhaithe AE. Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir go n-úsáidfí an **Sásra Cibearéigeandála scéim deimhniúcháin** do sholáthraithe príobháideacha chun comhpháirtíocht sheanbhunaithe iontaofa a thógáil.

Maidir leis an **sásra athbhreithnithe teagmhas**, molann an Rapóirtéir ról ENISA agus na hearnála príobháidí sna Lárionaid Oibríochtaí Slándála a threisiú, trí na ráthaíochtaí cuí agus an faireachán cuí, chun bailíochtú a dhéanamh má thacaíonn na gníomhaithe sa tionscal freisin leis na ceachtanna a foghlaimíodh. Thairis sin, molann an Rapóirtéir go n-áireofaí mar cheachtanna a foghlaimíodh trí na hathbhreithnithe piaraí mar a luaitear i dTreoir NIS2 agus cistiú ENISA a mhéadú arb é is aidhm dó cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta agus cosaint leormhaith a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí cibearshlándála.

Ina theannta sin, tá **gné sheachtrach** an-ábhartha ag an togra seo de réir sainmhínithe, bíodh sé toisc gur féidir le tríú tíortha rochtain a fháil ar acmhainní agus ar thacaíocht ó Ghníomh Cibear‑dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, trí úsáid a bhaint as an tacaíocht freagartha do theagmhais ó Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais, agus ós rud é go bhfuil gá fós le gníomhaithe neamh-AE ón earnáil phríobháideach don chibearchúltaca. Ní mór an ghné sheachtrach a bheith faoi réir grinnscrúdú poiblí freisin, le rannpháirtíocht na gcumhachtaí reachtacha chun a ráthú gur féidir le saoránaigh páirt a ghlacadh sa phróiseas. Ba cheart an chibearshlándáil a mheas mar leas an phobail.

Ina theannta sin, is colún lárnach den togra seo scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt ar cheart dóibh dul níos faide ná infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt eolais, ach infheistiú i rochtain do gach saoránach a bheith in ann oiliúint a fháil sna scileanna sin. Molann an Rapóirtéir an nasc le hAcadamh **Scileanna Cibearshlándála AE** a threisiú, a bhfuil sé ar intinn aige an bhearna thallainne ó thaobh na cibearshlándála de a dhúnadh trí thionscnaimh phríobháideacha agus phoiblí a thabhairt le chéile agus trí oiliúint agus deimhniú a chur ar fáil do na saoránaigh. Beidh gá le coimircí chun imirce daoine oilte a sheachaint agus ní dhéanfadh sé dochar do shoghluaisteacht an lucht saothair.

Thairis sin, molann an Rapóirtéir bearta gníomhacha a infheistiú agus a áireamh chun scileanna a fhorbairt san earnáil sin, ós rud é gurb í 2023 Bliain Eorpach na Scileanna, chomh maith le feasacht na saoránach a mhéadú. Ceapfar na bearta ionas nach gcruthóidh infheistíochtaí míchothromaíochtaí idir na Ballstáit, ós rud é go bhféadfadh cineál áirithe imirce daoine oilte i dtreo na roghanna is fearr pá a bheith mar thoradh ar an ardéileamh agus an pá ard atá san earnáil sin faoi láthair.

Ar na cúiseanna sin, molann an Rapóirtéir go ndéanfaí treisiú ar scileanna agus inniúlachtaí speisialaithe, idirdhisciplíneacha agus ginearálta ar fud an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar mhná, ós rud é go bhfuil an bhearna inscne fós ann ó thaobh na cibearshlándála de agus go

bhfuil 20 % den mheánláithreacht dhomhanda ag mná[4]. Ní mór do mhná a bheith i láthair agus mar chuid de dhearadh na todhchaí digití agus dá rialachas.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an Rapóirtéir an triantán idir na lárionaid náisiúnta inniúlachta, an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECCC) agus ENISA a threisiú chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt. Thairis sin, ról na **tionsclaíochta** a mhéadú maidir le scileanna a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a chruthú le gníomhaithe sa **saol acadúil** agus sa tsochaí shibhialta, agus taithí réigiúnach, eolas agus speisialtóireacht agus comhghuaillíochtaí tríú tíortha á gcur san áireamh, le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo d'fhonn na malartuithe a mhéadú agus cur chuige domhanda a áirithiú chun tacú le saoránaigh, gnólachtaí agus institiúidí.

Molann an Rapóirtéir freisin comhar a roinnt maidir le tallann agus tomhas dhíobháil dhaonna na gcibearionsaithe (e.g., an tionchar a bheadh ag ionsaí bogearraí éirice ar earnáil na sláinte).

Molann an Rapóirtéir bearta chun feasacht na saoránach a áireamh agus a mhéadú gan imní, mar bheart eile chun cosaint ár ndaonlathas agus ár luachanna bunúsacha a ráthú. Cur leis an **gCultúr Cibearshlándála** lena gcuimsítear slándáil, lena n-áirítear slándáil na timpeallachta digití, mar leas an phobail. Ar an gcaoi sin, beimid in ann samhail den daonlathas digiteach a ráthú, seachas údarásaíochas digiteach, le trédhearcacht, daonlathas, agus an chinnteacht a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar reachtaíocht ex-ante a fhorbairt.

Thairis sin, creideann an Rapóirtéir, trí T & N a neartú sa chibearshlándáil, go méadófar athléimneacht agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart sineirgí le cláir taighde agus forbartha agus le hionstraimí agus le hinstitiúidí atá ann cheana a áirithiú, chomh maith le triantán an eolais a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna ar fud an Aontais.

Thairis sin, cuirfidh an reachtaíocht sin le hathléimneacht an Aontais agus a Bhallstát, ní hamháin trí na dlíthe cibearshlándála agus cibear-athléimneachta, ach leis an tionchar is féidir a bheith aici ar fhorbairt easpónantúil na hintleachta saorga agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rialáil sonraí agus príobháideachais sonraí ar an gcibearshlándáil.

Ina theannta sin, cuideoidh an reachtaíocht sin le tiomantas an **Dearbhaithe Eorpaigh maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití** atá nasctha le leasanna daoine, gnólachtaí agus institiúidí poiblí a chosaint ar rioscaí cibearshlándála agus ar chibearchoireacht lena n-áirítear sáruithe sonraí agus goid céannachta nó cúbláil.

I bhfianaise an mhéid sin, creideann an Rapóirtéir gur cheart go mbeadh an togra seo oibríochtúil chomh tapa agus is féidir, lena n-áirítear an sciath Eorpach um Chibearshlándáil agus an Sásra Cibear-Éigeandála, chun creat ginearálta a bheith aige agus chun bacainní a sheachaint, ós rud é nach bhfuil teorainneacha ag an gcibearspás.

[4]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2021 maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn in oideachas agus i ngairmeacha eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) (2019/2164(INI)) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0296_EN.html#def_1_22

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that she has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

| Entity and/or person |
|---|
| CorwdStrike |
| CyberPeace institute |
| Microsoft Corporation |
| Romanian National Cyber Security Directorate |
| ENISA |
| Centro Criptológico Nacional |
| Permanent Representation of Spain |
| Trellix |
| Palo Alto Networks Inc |
| Committee of the regions rapporteur |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

27.10.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh
(COM(2023/0209) – C9-0136/2023 – 2023/0109(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Dragoş Tudorache

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus spleáchas orthu, ina ngnéithe bunúsacha i ngach earnáil den ghníomhaíocht eacnamaíoch toisc go bhfuil ár n-údaráis riaracháin phoiblí, ár gcuideachtaí agus ár saoránaigh níos idirnasctha agus níos idirspleáiche thar earnálacha agus thar theorainneacha ná mar a bhí riamh. | (1) Tá úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus spleáchas orthu, ina ngnéithe bunúsacha i ngach earnáil den ghníomhaíocht eacnamaíoch ***chomh maith le gníomhaíocht mhíleata*** toisc go bhfuil ár n-údaráis riaracháin phoiblí, ár gcuideachtaí agus ár saoránaigh, ***chomh maith leis na gníomhaithe míleata agus cosanta*** níos idirnasctha agus níos idirspleáiche thar earnálacha agus thar theorainneacha ná mar a bhí riamh. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá méid, minicíocht agus tionchar teagmhas cibearshlándála ag méadú, lena | (2) Tá méid, minicíocht agus tionchar teagmhas cibearshlándála ag méadú, lena |

n-áirítear ionsaithe ar an slabhra soláthair a bhfuil sé d’aidhm acu cibearspiaireacht a dhéanamh, bogearraí éirice a úsáid nó cur isteach a dhéanamh. Is bagairt mhór iad ar fheidhmiú córas gréasáin agus faisnéise. I bhfianaise thimpeallacht na bagartha atá ag athrú go tapa, is gá d’ullmhacht mhéadaithe ar gach leibhéal de chreat cibearshlándála an Aontais mar gheall ar an mbagairt ó theagmhais mhórscála a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh mór nó damáiste mór ar bhonneagair chriticiúla. Tá níos mó i gceist leis an mbagairt sin ná ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, agus is dócha go leanfaidh sí de bheith ann i bhfianaise an iliomaid gníomhaithe atá ailínithe le stát, gníomhaithe coiriúla agus haiceálaithe cúise a bhfuil baint acu leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Le teagmhais den sórt sin, is féidir bac a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí agus ar shaothrú gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil, caillteanais shuntasacha airgeadais a ghiniúint, an bonn a bhaint de mhuinín na n-úsáideoirí, damáiste mór a dhéanamh do gheilleagar an Aontais, agus d’fhéadfadh iarmhairtí sláinte nó bagracha don bheatha a bheith acu fiú. Thairis sin, tá teagmhais chibearshlándála dothuartha, toisc gur minic a thagann siad chun cinn agus go bhforbraítear iad laistigh de thréimhsí ama an-ghearr, nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach ar leith iad, agus go dtarlaíonn siad ag an am céanna nó go scaiptear iad ar an toirt ar fud go leor tíortha.

n-áirítear ionsaithe ar an slabhra soláthair a bhfuil sé d’aidhm acu cibearspiaireacht a dhéanamh, bogearraí éirice a úsáid nó cur isteach a dhéanamh. Is bagairt mhór iad ar fheidhmiú córas gréasáin agus faisnéise. I bhfianaise thimpeallacht na bagartha atá ag athrú go tapa, tá gá le hullmhacht mhéadaithe ar gach leibhéal de chreat cibearshlándála an Aontais mar gheall ar an mbagairt ó theagmhais mhórscála a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh mór nó damáiste mór ar bhonneagair chriticiúla. ***Bhí tromchúis na mbagairtí sin níos ábhartha fós mar gheall ar fhilleadh na cogaíochta ar an mór-roinn seo againne. Tá níos mó i gceist leis na bagairtí sin*** ná ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, agus is dócha go leanfaidh ***siad*** de bheith ann i bhfianaise an iliomaid gníomhaithe atá ailínithe le stát, gníomhaithe coiriúla agus haiceálaithe cúise a bhfuil baint acu leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Le teagmhais den sórt sin, is féidir bac a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí agus ar shaothrú gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil, caillteanais shuntasacha airgeadais a ghiniúint, an bonn a bhaint de mhuinín na n-úsáideoirí, damáiste mór a dhéanamh do gheilleagar agus do shlándáil an Aontais, agus d’fhéadfadh iarmhairtí sláinte nó bagracha don bheatha a bheith acu fiú ***trí bhonn a bhaint de shuiteálacha áitiúla agus náisiúnta a bhaineann leis an tslándáil, b’fhéidir***. Thairis sin, tá teagmhais chibearshlándála dothuartha, toisc gur minic a thagann siad chun cinn agus go bhforbraítear iad laistigh de thréimhsí ama an-ghearr, nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach ar leith iad, agus go dtarlaíonn siad ag an am céanna nó go scaiptear iad ar an toirt ar fud go leor tíortha. ***Tá an chibearshlándáil tábhachtach chun ár luachanna Eorpacha a chosaint, agus chun feidhmiú ár ndaonlathas a áirithiú trínár mbonneagar toghcháin agus nósanna imeachta daonlathacha a chosaint ar aon***

| | |
|---|---|
| | ***chur isteach eachtrach.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tá cibearshlándáil ríthábhachtach chun an tAontas seo againne a choinneáil slán agus cosc a chur ar ghníomhaithe mailíseacha, ar gníomhaithe stáit nó neamhstáit iad, an bonn a bhaint ó dhaonlathas, ó gheilleigear agus ó shlándáil an Aontais. Is gá timpeallacht ilroinnte a chosc ós rud é nach mbeadh cás den sórt sin ina chur chuige leordhóthanach, go háirithe nuair a thugtar aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le cibearionsaí ar mhórscála a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo lena ndíreofar ar roinnt Ballstát ag an am céanna nó le bonneagar criticiúil trasnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá gá le comhlacht de chuid an Aontais a bheadh ina ardán comhordúcháin le haghaidh na n-ionstraimí, na gcistí agus na sásraí cibearshlándála uile atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Is gá staid iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a neartú ar fud an gheilleagair dhigitithe agus tacú lena n-aistriú digiteach, trí leibhéal na cibearshlándála sa Mhargadh Aonair Digiteach a threisiú. Mar a mholtar i dtrí thogra éagsúla ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[16], is gá athléimneacht na saoránach, na | (3) Is gá staid iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a neartú ar fud an gheilleagair dhigitithe agus tacú lena n-aistriú digiteach, trí leibhéal na cibearshlándála sa Mhargadh Aonair Digiteach a threisiú. Mar a mholtar i dtrí thogra éagsúla ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[16], is gá athléimneacht na saoránach, na |

| | |
|---|---|
| ngnólachtaí agus na n-eintiteas a oibríonn bonneagair chriticiúla a mhéadú i gcoinne na mbagairtí cibearshlándála atá ag dul i méid, ar bagairtí iad a bhféadfadh tionchar tubaisteach sochaíoch agus eacnamaíoch a bheith acu. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíocht i mbonneagair agus i seirbhísí lena dtacófar le brath níos tapa agus le freagairt níos tapa ar bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála, agus tá cúnamh de dhíth ar na Ballstáit chun ullmhú níos fearr do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála, agus chun freagairt dóibh. Ba cheart don Aontas a acmhainneachtaí a mhéadú sna réimsí sin freisin, go háirithe maidir le sonraí maidir le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhailiú agus a anailísiú. | ngnólachtaí agus na n-eintiteas a oibríonn bonneagair chriticiúla a mhéadú i gcoinne na mbagairtí cibearshlándála atá ag dul i méid, ar bagairtí iad a bhféadfadh tionchar tubaisteach sochaíoch agus eacnamaíoch a bheith acu. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíocht i mbonneagair agus i seirbhísí lena dtacófar le brath níos tapa agus le freagairt níos tapa ar bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála, agus tá cúnamh de dhíth ar na Ballstáit chun ullmhú níos fearr do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála, agus chun freagairt dóibh. Ba cheart don Aontas a acmhainneachtaí a mhéadú sna réimsí sin freisin, go háirithe maidir le sonraí maidir le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhailiú agus a anailísiú, ***chomh maith lena chumas gníomhú go réamhghníomhach agus frithghníomhú go cinntitheach do bhagairtí agus do theagmhais chibearshlándála***. |

[16] https://futureu.europa.eu/ga/

[16] https://futureu.europa.eu/ga/

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá roinnt beart déanta ag an Aontas cheana chun leochaileachtaí a laghdú agus chun athléimneacht bonneagar criticiúil agus eintiteas i gcoinne rioscaí cibearshlándála a mhéadú, go háirithe Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], Moladh (AE) 2017/1584[18] ón gCoimisiún, Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Ina theannta sin, sa Mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun | (4) Tá roinnt beart déanta ag an Aontas cheana chun leochaileachtaí a laghdú agus chun athléimneacht bonneagar criticiúil agus eintiteas i gcoinne rioscaí cibearshlándála a mhéadú, go háirithe Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], Moladh (AE) 2017/1584[18] ón gCoimisiún, Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Ina theannta sin, sa Mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun |

athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, iarrtar ar na Ballstáit bearta práinneacha éifeachtacha a dhéanamh, agus oibriú i gcomhar go dílis, go héifeachtúil, i ndlúthpháirtíocht agus ar bhealach comhordaithe lena chéile, leis an gCoimisiún agus le húdaráis phoiblí ábhartha chomh maith leis na heintitis lena mbaineann, chun feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a úsáidtear chun seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar sa mhargadh inmheánach.

athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, iarrtar ar na Ballstáit bearta práinneacha éifeachtacha a dhéanamh, agus oibriú i gcomhar go dílis, go héifeachtúil, ***agus go réamhghníomhach***, i ndlúthpháirtíocht agus ar bhealach comhordaithe lena chéile, leis an gCoimisiún agus le húdaráis phoiblí ábhartha chomh maith leis na heintitis lena mbaineann, chun feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a úsáidtear chun seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar sa mhargadh inmheánach. ***Thairis sin, d'fhormheas agus sheol an tAontas a Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint i mí an Mhárta 2022, lena ndírítear inter alia ar an gcibearshlándáil a neartú agus ar fheabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta le comhghuaillithe agus comhpháirtithe daonlathacha atá ar aon intinn leis, go háirithe maidir leis an ábhar seo. Thairis sin, bhí an chibearshlándáil lárnach sa Tríú Dearbhú Comhpháirteach a rinneadh le déanaí maidir le Comhar idir an tAontas agus ECAT ó mhí Eanáir 2023. Go háirithe, sa tuarascáil mheasúnachta deiridh ó Thascfhórsa AE-ECAT, moladh leas iomlán a bhaint as na sineirgí idir AE agus ECAT[1], lena n-áirítear dea-chleachtais a mhalartú idir gníomhaithe sibhialta agus míleata ar chur chun feidhme na mbeartas agus na reachtaíochta cibearbhaintí ábhartha.***

***https://commission.europa.eu/document/34209534-3c59-4b01-b4f0-b2c6ee2df736_ga***

[17] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022).

[17] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022).

[18] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

[19] Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).

[20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

[18] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

[19] Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).

[20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Beartas Cibearchosanta an Aontais[22] a glacadh an 10 Samhain 2022, fógraíodh Tionscnamh Cibear-Dhlúthpháirtíochta de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí seo a leanas aige: cumais choiteanna braite, feasachta staide agus freagartha san Aontas a neartú trí chur in úsáid bonneagair Eorpaigh de Lárionaid Oibríochtaí Slándála a chur chun cinn, trí thacú le cúltaca cibearshlándála ar leibhéal an Aontais le seirbhísí ó sholáthraithe príobháideacha iontaofa agus trí eintitis chriticiúla a thástáil le haghaidh leochaileachtaí féideartha bunaithe ar mheasúnuithe riosca an Aontais. | (6) Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Beartas Cibearchosanta an Aontais[22] a glacadh an 10 Samhain 2022, fógraíodh Tionscnamh Cibear-Dhlúthpháirtíochta de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí seo a leanas aige: cumais choiteanna braite, feasachta staide agus freagartha san Aontas a neartú trí chur in úsáid bonneagair Eorpaigh de Lárionaid Oibríochtaí Slándála a chur chun cinn, trí thacú le cúltaca cibearshlándála ar leibhéal an Aontais le seirbhísí ó sholáthraithe príobháideacha iontaofa agus trí eintitis chriticiúla a thástáil le haghaidh leochaileachtaí féideartha bunaithe ar mheasúnuithe riosca an Aontais. ***Ina theannta sin, léiríonn timpeallacht*** |

| | |
|---|---|
| | ***cibearbhagairtí atá ag athrú go tapa agus luas tapa na forbartha teicneolaíche freisin an gá le comhordú agus comhar feabhsaithe sibhialta-míleata, mar a chuir an Chomhairle in iúl go láidir ina Conclúidí i ndáil le Beartas Cibearchosanta an Aontais[1].*** |
| | ***[1] Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Beartas Cibearchosanta an Aontais, mar a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Bealtaine 2023, (9618/23)*** |
| [22] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais JOIN/2022/49 final | [22] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais JOIN/2022/49 final |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) Ós rud é go bhfuil mearbhall ann idir cúrsaí sibhialta agus míleata agus nádúr dé-úsáide cibearuirlisí agus cibeartheicneolaíochtaí, tá gá le cur chuige cuimsitheach iomlánaíoch maidir leis an réimse digiteach. I gcás teagmhas agus géarchéim chibearshlándála ar scála mór a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin, bunófar bainistiú géarchéime agus rialachas géarchéime iomchuí. Ba cheart go n-eagróidh na struchtúir sin malartú faisnéise, comhordú agus comhar le struchtúir an Aontais maidir le slándáil sheachtrach agus bainistiú géarchéime míleata, agus le comhlachtaí na mBallstát atá i gceannas ar an tslándáil agus ar an gcosaint (pobal na cibearchosanta). Ba cheart go mbeidh feidhm aige sin freisin maidir le hoibríochtaí agus misin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta arna ndéanamh ag an Aontas chun an*** |

***tsíocháin agus an chobhsaíocht a áirithiú ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is gá brath agus feasacht staide cibearbhagairtí agus cibirtheagmhas a neartú ar fud an Aontais agus dlúthpháirtíocht a neartú trí fheabhas a chur ar ullmhacht agus cumais na mBallstát agus an Aontais freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Dá bhrí sin, ba cheart bonneagar uile-Eorpach de Lárionaid Oibríochtaí Slándála a chur in úsáid ('An Chibearsciath Eorpach') chun cumais choiteanna braite agus feasachta staide a thógáil agus a fheabhsú; ba cheart Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála a bhunú chun tacú leis na Ballstáit ullmhú do theagmhais shuntasacha mhórscála chibearshlándála, freagairt dóibh agus téarnamh uathu láithreach; ba cheart Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála a bhunú chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála. Beidh na gníomhaíochtaí sin gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). | (7) Is gá brath agus feasacht staide cibearbhagairtí agus cibirtheagmhas a neartú ar fud an Aontais agus dlúthpháirtíocht a neartú trí fheabhas a chur ar ullmhacht agus cumais na mBallstát agus an Aontais freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Dá bhrí sin, ba cheart bonneagar uile-Eorpach de Lárionaid Oibríochtaí Slándála a chur in úsáid ('An Chibearsciath Eorpach') chun cumais choiteanna braite agus feasachta staide a thógáil agus a fheabhsú; ba cheart Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála a bhunú chun tacú leis na Ballstáit ullmhú do theagmhais shuntasacha mhórscála chibearshlándála, freagairt dóibh agus téarnamh uathu láithreach, ***lena n-áirítear teagmhais a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin***; ***Nuair is féidir agus nuair is gá, ba cheart go n-eagródh Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála comhroinnt faisnéise agus comhar le húdaráis chosanta na mBallstát agus le tacaíocht ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (pobal cibearchosanta an Aontais);*** ba cheart Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála a bhunú chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála. ***Ba cheart do struchtúir nua den sórt sin tacú freisin le hoibríochtaí agus misin CBSC de chuid an Aontais.*** Beidh na gníomhaíochtaí sin gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú |

an Aontais Eorpaigh ('CFAE').

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun críche bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh a thabhairt anonn. Agus urraim á tabhairt don phrionsabal go socrófar buiséad an Aontais ar bhonn bliantúil, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo, mar gheall ar chineál dothuartha, eisceachtúil agus sonrach thimpeallacht na cibearshlándála, maidir le deiseanna chun cistí nár úsáideadh a thabhairt anonn thar na cistí sin a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais, agus ar an gcaoi sin acmhainneacht an tSásra um Éigeandáil Chibearshlándála a uasmhéadú chun tacú leis na Ballstáit cibearbhagairtí a chomhrac go héifeachtach. | (11) Chun críche bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh a thabhairt anonn. Agus urraim á tabhairt don phrionsabal go socrófar buiséad an Aontais ar bhonn bliantúil, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo, mar gheall ar chineál dothuartha, eisceachtúil agus sonrach thimpeallacht na cibearshlándála, maidir le deiseanna chun cistí nár úsáideadh a thabhairt anonn thar na cistí sin a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais, agus ar an gcaoi sin acmhainneacht an tSásra um Éigeandáil Chibearshlándála a uasmhéadú chun tacú leis na Ballstáit cibearbhagairtí a chomhrac go héifeachtach. ***D'fhágfadh na rialacha sonracha sin go bhféadfaí tacaíocht fhadtéarmach airgeadais le haghaidh sholáthar comhpháirteach na n-uirlisí agus an bhonneagair den chéad ghlúin eile ann agus na n-uirlisí agus an bhonneagair atá sárshlán, chun feabhas a chur ar chumais chomhbhraite trí leas a bhaint as an intleacht shaorga (IS) agus as an anailísíocht sonraí is déanaí.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart do gach Ballstát comhlacht poiblí a ainmniú ar an leibhéal | (13) Ba cheart do gach Ballstát comhlacht poiblí a ainmniú ar an leibhéal |

| | |
|---|---|
| náisiúnta a mbeidh sé de chúram air comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí braite cibearbhagairtí sa Bhallstát sin. Ba cheart na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta sin a bheith mar phointe tagartha agus mar thairseach ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh rannpháirtíocht sa Chibearsciath Eorpach agus a áirithiú go gcomhroinnfear agus go mbaileofar faisnéis faoi chibearbhagairtí ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal náisiúnta ar bhealach éifeachtach cuíchóirithe. | náisiúnta a mbeidh sé de chúram air comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí braite cibearbhagairtí sa Bhallstát sin. Ba cheart na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta sin a bheith mar phointe tagartha agus mar thairseach ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh rannpháirtíocht sa Chibearsciath Eorpach agus a áirithiú go gcomhroinnfear agus go mbaileofar faisnéis faoi chibearbhagairtí ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal náisiúnta ar bhealach éifeachtach cuíchóirithe. ***Nuair is féidir agus is gá, ba cheart go bhfágfadh Lárionaid Oibríochta Cibearshlándála (SOCanna) go bhféadfadh na heintitis chosanta a bheith rannpháirteach, lena mbunaítear 'colún cosanta' i dtéarmaí rialachais agus an cineál faisnéise a roinntear, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i ndáil le Beartas Cibearchosanta an Aontais[1] agus arna dtacú ag an Ardionadaí.***<br><br>***[1] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais JOIN/2022/49 final*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Mar chuid den Chibearsciath Eorpach, ba cheart roinnt Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann a bhunú. Leis na lárionaid sin, ba cheart Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta ó thrí Bhallstát ar a laghad a thabhairt le chéile, ionas gur féidir na tairbhí a bhaineann le brath bagairtí trasteorann agus comhroinnt agus bainistiú faisnéise trasteorann a bhaint amach ina n-iomláine. Ba cheart é a bheith mar chuspóir ginearálta ag Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann | (14) Mar chuid den Chibearsciath Eorpach, ba cheart roinnt Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann a bhunú. Leis na lárionaid sin, ba cheart Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta ó thrí Bhallstát ar a laghad a thabhairt le chéile, ***lena n-áirítear 'colún cosanta'***, ionas gur féidir na tairbhí a bhaineann le brath bagairtí trasteorann agus comhroinnt agus bainistiú faisnéise trasteorann a bhaint amach ina n-iomláine. Ba cheart é a bheith mar chuspóir ginearálta ag Lárionaid |

acmhainneachtaí a neartú chun bagairtí cibearshlándála a anailísiú, a chosc agus a bhrath agus chun tacú le táirgeadh faisnéise ardcháilíochta maidir le bagairtí cibearshlándála, go háirithe trí shonraí ó fhoinsí éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach, a chomhroinnt, agus trí uirlisí úrscothacha a chomhroinnt agus a úsáid, agus cumais bhraite, anailíse agus choisc a fhorbairt go comhpháirteach i dtimpeallacht iontaofa. Ba cheart acmhainneacht bhreise nua a chur ar fáil leo, lena gcuirtear le Lárionaid Oibríochtaí Slándála agus le foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) atá ann cheana agus lena gcomhlánaítear iad.

Oibríochtaí Slándála Trasteorann acmhainneachtaí a neartú chun bagairtí cibearshlándála a anailísiú, a chosc agus a bhrath agus chun tacú le táirgeadh faisnéise ardcháilíochta maidir le bagairtí cibearshlándála, go háirithe trí shonraí ó fhoinsí éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach ***agus nuair is gá, ó míleata féideartha agus treoir leordhóthanach le haghaidh faisnéis a chomhroinnt***, agus trí uirlisí úrscothacha a chomhroinnt agus a úsáid, agus cumais bhraite, anailíse agus choisc a fhorbairt go comhpháirteach i dtimpeallacht iontaofa. Ba cheart acmhainneacht bhreise nua a chur ar fáil leo, lena gcuirtear le Lárionaid Oibríochtaí Slándála agus le foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) atá ann cheana agus lena gcomhlánaítear iad.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ar an leibhéal náisiúnta, is gnách a dhéanann Lárionaid Oibríochtaí Slándála eintiteas poiblí agus príobháideach faireachán, brath agus anailís ar chibearbhagairtí a áirithiú, i gcomhar le CSIRTanna. Ina theannta sin, déanann CSIRTanna faisnéis a mhalartú i gcomhthéacs líonra CSIRT, i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555. Ba cheart cumas nua a bheith sna Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann atá comhlántach le líonra CSIRTanna, trí shonraí maidir le bagairtí cibearshlándála ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha a chomhthiomsú agus a chomhroinnt, lena bhfeabhsaítear luach na sonraí sin trí anailís shaineolach agus bonneagair agus uirlisí úrscothacha a fuarthas go comhpháirteach, agus lena rannchuidítear le forbairt chumais agus | (15) Ar an leibhéal náisiúnta, is gnách a dhéanann Lárionaid Oibríochtaí Slándála eintiteas poiblí agus príobháideach faireachán, brath agus anailís ar chibearbhagairtí a áirithiú, i gcomhar le CSIRTanna. Ina theannta sin, déanann CSIRTanna faisnéis a mhalartú i gcomhthéacs líonra CSIRT, i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555. Ba cheart cumas nua a bheith sna Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann atá comhlántach le líonra CSIRTanna, trí shonraí maidir le bagairtí cibearshlándála ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha a chomhthiomsú agus a chomhroinnt, lena bhfeabhsaítear luach na sonraí sin trí anailís shaineolach agus bonneagair agus uirlisí úrscothacha a fuarthas go comhpháirteach, agus lena rannchuidítear le forbairt chumais agus |

| | |
|---|---|
| cheannasacht theicneolaíoch an Aontais. | ***athléimneacht*** an Aontais. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann a bheith mar phointe lárnach lena gceadófar comhthiomsú leathan sonraí ábhartha agus faisnéise faoi chibearbhagairtí, lena n-éascaítear faisnéis faoi bhagairtí a scaipeadh i measc tacar mór éagsúil gníomhaithe (e.g., Foirne Práinnfhreagartha Ríomhaire (‘CERTanna’), CSIRTanna, Lárionaid um Chomhroinnt agus Anailísiú Faisnéise (‘ISACanna’), oibreoirí bonneagar criticiúil). D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh san fhaisnéis a mhalartaítear i measc rannpháirtithe i Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann: sonraí ó líonraí agus ó bhraiteoirí, fothaí faisnéise faoi bhagairtí, táscairí maidir le cur i mbaol, agus faisnéis atá curtha i gcomhthéacs faoi theagmhais, bagairtí agus leochaileachtaí. Ina theannta sin, ba cheart do Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann comhaontuithe comhair a dhéanamh le Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann eile. | (16) Ba cheart na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann a bheith mar phointe lárnach lena gceadófar comhthiomsú leathan sonraí ábhartha agus faisnéise faoi chibearbhagairtí, lena n-éascaítear faisnéis faoi bhagairtí a scaipeadh i measc tacar mór éagsúil gníomhaithe (e.g., Foirne Práinnfhreagartha Ríomhaire (‘CERTanna’), CSIRTanna, Lárionaid um Chomhroinnt agus Anailísiú Faisnéise (‘ISACanna’), oibreoirí bonneagar criticiúil, ***chomh maith le pobal na cibearchosanta.*** D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh san fhaisnéis a mhalartaítear i measc rannpháirtithe i Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann: sonraí ó líonraí agus ó bhraiteoirí, fothaí faisnéise faoi bhagairtí, táscairí maidir le cur i mbaol, agus faisnéis atá curtha i gcomhthéacs faoi theagmhais, bagairtí agus leochaileachtaí. Ina theannta sin, ba cheart do Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann comhaontuithe comhair a dhéanamh le Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann eile ***agus gréasán oibríochtúil a chruthú le haghaidh milCERT (MICNET) nuair a bheidh sé bunaithe***. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Is réamhriachtanas fíor-riachtanach í feasacht staide chomhroinnte i measc na | (17) Is réamhriachtanas fíor-riachtanach í feasacht staide chomhroinnte i measc na |

n-údarás ábhartha le haghaidh ullmhacht agus comhordú uile-Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Le Treoir (AE) 2022/2555, bunaítear EU-CyCLONe chun tacú le bainistiú comhordaithe teagmhas mórscála cibearshlándála agus géarchéimeanna ar an leibhéal oibríochtúil agus chun malartú tráthrialta faisnéise ábhartha i measc na mBallstát agus institiúidí, comhlachtaí, agus gníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú. Le Moladh (AE) 2017/1584 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála, tugtar aghaidh ar ról na ngníomhaithe ábhartha uile. Le Treoir (AE) 2022/2555, meabhraítear freisin freagrachtaí an Choimisiúin sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ('UCPM') a bunaíodh le Cinneadh 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith le tuarascálacha anailíseacha a chur ar fáil le haghaidh socruithe Shásra Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna ('IPCR') faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993. Dá bhrí sin, i gcásanna ina bhfaigheann Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann faisnéis a bhaineann le teagmhas cibearshlándála mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ar siúl faoi láthair, ba cheart dóibh an fhaisnéis ábhartha a thabhairt do EU-CycLONe, do líonra CSIRTanna agus don Choimisiún. Go háirithe, ag brath ar an gcás, d'fhéadfadh faisnéis theicniúil, faisnéis faoi chineál agus cúiseanna an ionsaitheora nó an ionsaitheora fhéideartha, agus faisnéis neamhtheicniúil ardleibhéil faoi theagmhas cibearshlándála mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ar siúl faoi láthair a bheith san áireamh san fhaisnéis atá le comhroinnt. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an bprionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais' agus ar chineál na faisnéise a chomhroinntear a d'fhéadfadh a bheith íogair.

n-údarás ábhartha le haghaidh ullmhacht agus comhordú uile-Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Le Treoir (AE) 2022/2555, bunaítear EU-CyCLONe chun tacú le bainistiú comhordaithe teagmhas mórscála cibearshlándála agus géarchéimeanna ar an leibhéal oibríochtúil agus chun malartú tráthrialta faisnéise ábhartha i measc na mBallstát agus institiúidí, comhlachtaí, agus gníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú. Le Moladh (AE) 2017/1584 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála, tugtar aghaidh ar ról na ngníomhaithe ábhartha uile. Le Treoir (AE) 2022/2555, meabhraítear freisin freagrachtaí an Choimisiúin sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ('UCPM') a bunaíodh le Cinneadh 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith le tuarascálacha anailíseacha a chur ar fáil le haghaidh socruithe Shásra Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna ('IPCR') faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993. Dá bhrí sin, i gcásanna ina bhfaigheann Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann faisnéis a bhaineann le teagmhas cibearshlándála mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ar siúl faoi láthair, ba cheart dóibh an fhaisnéis ábhartha a thabhairt do EU-CycLONe, do líonra CSIRTanna, ***do phobal na cibearchosanta*** agus don Choimisiún. Go háirithe, ag brath ar an gcás, d'fhéadfadh faisnéis theicniúil, faisnéis faoi chineál agus cúiseanna an ionsaitheora nó an ionsaitheora fhéideartha, agus faisnéis neamhtheicniúil ardleibhéil faoi theagmhas cibearshlándála mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ar siúl faoi láthair a bheith san áireamh san fhaisnéis atá le comhroinnt. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an bprionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais' agus ar chineál na faisnéise a chomhroinntear a d'fhéadfadh a bheith

íogair.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun malartú sonraí maidir le bagairtí cibearshlándála ó fhoinsí éagsúla a éascú, ar bhonn mórscála, i dtimpeallacht iontaofa, ba cheart uirlisí, trealamh agus bonneagair atá úrscothach agus an-slán a bheith ag na heintitis atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach. Leis sin, ba cheart go bhféadfaí feabhas a chur ar acmhainneachtaí braite comhchoiteanna agus rabhaidh thráthúla d'údaráis agus d'eintitis ábhartha, go háirithe trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí intleachta saorga agus anailísíochta sonraí is déanaí. | (19) Chun malartú sonraí maidir le bagairtí cibearshlándála ó fhoinsí éagsúla a éascú, ar bhonn mórscála, i dtimpeallacht iontaofa, ba cheart uirlisí, trealamh agus bonneagair atá úrscothach agus an-slán a bheith ag na heintitis atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach***, seachas soláthróirí ardriosca na dtáirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a áireamh***. Leis sin, ba cheart go bhféadfaí feabhas a chur ar acmhainneachtaí braite comhchoiteanna agus rabhaidh thráthúla d'údaráis agus d'eintitis ábhartha, go háirithe trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí intleachta saorga agus anailísíochta sonraí is déanaí. ***Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le formhaoirseacht dhaonna agus IS á úsáid, agus ba cheart leibhéal leordhóthanach litearthachta intleachta saorga, an tacaíocht agus an t-údarás is gá chun go bhfheidhmeofar an fheidhm sin a áirithiú.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19 a) I gcomhréir le Rialachán [XX/XXXX (Gníomh um Chibear-Athléimneacht)], ba cheart go gcumhdódh na heintitis atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach freisin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo le haghaidh gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I bhfianaise an*** |

***mhéadaithe atá ag teacht ar rioscaí ó spleáchais eacnamaíocha, is gá neamhchosaint ar sholáthróirí ardriosca na dtáirgí criticiúla a laghdú, trí chomhchreat straitéiseach do shlándáil eacnamaíoch an Aontais. Tá baol straitéiseach, ar cheart aghaidh a thabhairt air ar leibhéal an Aontais, ag baint le spleáchais ar sholáthróirí ardriosca na dtáirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha , go háirithe cibé acu a théann nó nach dtéann tír i mbun spiaireacht eacnamaíoch nó comhéigean eacnamaíoch agus an gceanglaíonn a reachtaíocht rochtain threallach ar aon chineál oibríochtaí cuideachta nó sonraí cuideachta, go háirithe nuair atá úsáid beartaithe do tháirgí criticiúla ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2022/2555.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Trí shonraí a bhailiú, a chomhroinnt agus a mhalartú, ba cheart go ndéanfaí ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a fheabhsú leis an gCibearsciath Eorpach. Agus sonraí coimeádaithe ardcháilíochta á gcomhthiomsú, ba cheart go rannchuideofaí le forbairt ardteicneolaíochtaí intleachta saorga agus anailísíochta sonraí. Ba cheart é a éascú tríd an gCibearsciath Eorpach a nascadh leis an mbonneagar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta uile-Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle[25]. | (20) Trí shonraí a bhailiú, a chomhroinnt agus a mhalartú, ba cheart go ndéanfaí ceannasacht theicneolaíoch, ***neamhspleáchas straitéiseach, iomaíochas agus athléimneacht*** an Aontais a fheabhsú leis an gCibearsciath Eorpach. Agus sonraí coimeádaithe ardcháilíochta á gcomhthiomsú, ba cheart go rannchuideofaí le forbairt ardteicneolaíochtaí intleachta saorga agus anailísíochta sonraí. Ba cheart é a éascú tríd an gCibearsciath Eorpach a nascadh leis an mbonneagar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta uile-Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle[25]. |
| [25] Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an | [25] Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an |

gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3).

gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3).

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Leis an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála, ba cheart tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit lena gcomhlánaítear a mbearta agus a n-acmhainní féin, agus roghanna tacaíochta eile atá ann cheana i gcás freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála agus téarnamh láithreach uathu, amhail na seirbhísí a sholáthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') i gcomhréir lena sainordú, an fhreagairt chomhordaithe agus an cúnamh ó líonra CSIRTanna, an tacaíocht mhaolaithe ó EU-CyCLONe, chomh maith le cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit lena n-áirítear i gcomhthéacs Airteagal 42(7) CAE, Foirne Mearfhreagartha Cibearslándála[26] agus Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha PESCO. Ba cheart aghaidh a thabhairt ann ar an ngá atá lena áirithiú go bhfuil modhanna speisialaithe ar fáil chun tacú le hullmhacht agus freagairt do theagmhais chibearshlándála ar fud an Aontais agus i dtríú tíortha. | (25) Leis an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála, ba cheart tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit lena gcomhlánaítear a mbearta agus a n-acmhainní féin, agus roghanna tacaíochta eile atá ann cheana i gcás freagairt do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála agus téarnamh láithreach uathu, amhail na seirbhísí a sholáthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') i gcomhréir lena sainordú, an fhreagairt chomhordaithe agus an cúnamh ó líonra CSIRTanna, an tacaíocht mhaolaithe ó EU-CyCLONe, chomh maith le cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit lena n-áirítear i gcomhthéacs Airteagal 42(7) CAE, Foirne Mearfhreagartha Cibearslándála PESCO[1], Lárionaid Comhordúcháin um Earnáil na Cibearchosanta agus Faisnéise (CIDCC) ***de chuid thionscadal PESCO agus leis an Ionad a mholtar a chur in áit an lárionaid, Ionad Comhordúcháin Cibearchosanta an Aontais (EUCDCC),*** agus Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha. Ba cheart aghaidh a thabhairt ann ar an ngá atá lena áirithiú go bhfuil modhanna speisialaithe ar fáil chun tacú le hullmhacht agus freagairt do theagmhais chibearshlándála ar fud an Aontais agus i dtríú tíortha, ***go háirithe na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas sin atá ailínithe le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus le Comhbheartas Slándála agus Cosanta,*** |

***agus tacú leo a gcibear-chumais a fhorbairt agus comhar trasteorann agus réigiúnach a fheabhsú i measc na dtíortha sin is iarrthóirí i réimse na gcibearshlándála.***

***[1] CINNEADH (CBES) 2017/2315 ÓN gCOMHAIRLE - an 11 Nollaig 2017 - lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.***

---

[26] CINNEADH (CBES) 2017/2315 ÓN gCOMHAIRLE - an 11 Nollaig 2017 - lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

[26] CINNEADH (CBES) 2017/2315 ÓN gCOMHAIRLE - an 11 Nollaig 2017 - lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Tá an ionstraim gan dochar do nósanna imeachta agus creataí chun freagairt ar ghéarchéim ar leibhéal an Aontais a chomhordú, go háirithe an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[27], IPCR[28], agus Treoir (AE) 2022/2555. Féadfar rannchuidiú le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhthéacs Airteagal 42(7) CAE nó i gcásanna a shainítear in Airteagal 222 CFAE nó na gníomhaíochtaí a chomhlánú. Ba cheart úsáid na hionstraime sin a chomhordú freisin le cur chun feidhme bhearta Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta, ***i gcás inarb iomchuí***. | (26) Tá an ionstraim gan dochar do nósanna imeachta agus creataí chun freagairt ar ghéarchéim ar leibhéal an Aontais a chomhordú, go háirithe an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[27], IPCR[28], agus Treoir (AE) 2022/2555. Féadfar rannchuidiú le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhthéacs Airteagal 42(7) CAE nó i gcásanna a shainítear in Airteagal 222 CFAE nó na gníomhaíochtaí a chomhlánú. Ba cheart úsáid na hionstraime sin a chomhordú freisin le cur chun feidhme bhearta an Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta, ***lena bhfeabhsaítear comhar ar an leibhéal straitéiseach, oibríochtúil agus teicniúil idir an chibearchosaint agus cibearphobail eile, go háirithe chun cumais a neartú i gcoinne bagairtí cibearshlándála ó lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear bearta sriantacha, ar féidir*** |

***iad a úsáid chun cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc agus freagairt orthu***.

[27] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

[28] Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna (IPCR) agus i gcomhréir le Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála.

[27] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

[28] Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna (IPCR) agus i gcomhréir le Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Le Treoir (AE) 2022/2555, ceanglaítear ar na Ballstáit údarás bainistithe cibirghéarchéime amháin nó níos mó a ainmniú nó a bhunú agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun a gcúraimí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit cumais, sócmhainní agus nósanna imeachta is féidir a chur in úsáid i gcás géarchéime a shainaithint chomh maith le plean náisiúnta freagartha do theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a ghlacadh ina leagtar amach na cuspóirí agus na socruithe maidir le teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a bhainistiú. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin CSIRT amháin nó níos mó a bhunú a mbeidh freagrachtaí láimhseála teagmhas de chúram orthu i gcomhréir le próiseas dea-shainithe agus lena gcumhdaítear ar a laghad na hearnálacha, na fo-earnálacha | (28) Le Treoir (AE) 2022/2555, ceanglaítear ar na Ballstáit údarás bainistithe cibirghéarchéime amháin nó níos mó a ainmniú nó a bhunú agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun a gcúraimí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit cumais, sócmhainní agus nósanna imeachta is féidir a chur in úsáid i gcás géarchéime a shainaithint chomh maith le plean náisiúnta freagartha do theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a ghlacadh ina leagtar amach na cuspóirí agus na socruithe maidir le teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a bhainistiú. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin CSIRT amháin nó níos mó a bhunú a mbeidh freagrachtaí láimhseála teagmhas de chúram orthu i gcomhréir le próiseas dea-shainithe agus lena gcumhdaítear ar a laghad na hearnálacha, na fo-earnálacha |

| | |
|---|---|
| agus na cineálacha eintiteas faoi raon feidhme na Treorach sin, agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach. Tá an Rialachán seo gan dochar do ról an Choimisiúin maidir le comhlíontacht na mBallstát le hoibleagáidí Threoir (AE) 2022/2555 a áirithiú. Leis an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála, ba cheart cúnamh a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ullmhacht a threisiú chomh maith le gníomhaíochtaí freagartha ar theagmhais chun tionchar teagmhas cibearshlándála suntasach agus mórscála a mhaolú, chun tacú le téarnamh láithreach agus/nó chun feidhmiú seirbhísí fíor-riachtanacha a athbhunú. | agus na cineálacha eintiteas faoi raon feidhme na Treorach sin, agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach. Tá an Rialachán seo gan dochar do ról an Choimisiúin maidir le comhlíontacht na mBallstát le hoibleagáidí Threoir (AE) 2022/2555 a áirithiú. Leis an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála, ba cheart cúnamh a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ullmhacht a threisiú chomh maith le gníomhaíochtaí freagartha ar theagmhais chun tionchar teagmhas cibearshlándála suntasach agus mórscála a mhaolú, chun tacú le téarnamh láithreach agus/nó chun feidhmiú seirbhísí fíor-riachtanacha a athbhunú***, agus úsáid iomchuí á baint as raon iomlán na roghanna cosanta atá ar fáil do na pobail shibhialtacha agus mhíleata***. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Mar chuid de na gníomhaíochtaí ullmhachta, chun cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn agus chun slándáil a neartú ar fud an Aontais agus ina mhargadh inmheánach, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun tástáil agus measúnú a dhéanamh ar chibearshlándáil eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil arna sainaithint de bhun Threoir (AE) 2022/2555 ar bhealach comhordaithe. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó ENISA agus i gcomhar leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise arna bhunú le Treoir (AE) 2022/2555, earnálacha agus fo-earnálacha ábhartha a shainaithint go tráthrialta, ar earnálacha agus fo-earnálacha iad ar cheart a bheith incháilithe do thacaíocht airgeadais le | (29) Mar chuid de na gníomhaíochtaí ullmhachta, chun cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn agus chun slándáil a neartú ar fud an Aontais agus ina mhargadh inmheánach, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun tástáil agus measúnú a dhéanamh ar chibearshlándáil eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil arna sainaithint de bhun Threoir (AE) 2022/2555 ar bhealach comhordaithe. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó ENISA agus i gcomhar leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise arna bhunú le Treoir (AE) 2022/2555, earnálacha agus fo-earnálacha ábhartha a shainaithint go tráthrialta, ar earnálacha agus fo-earnálacha iad ar cheart a bheith incháilithe do thacaíocht airgeadais le |

haghaidh tástáil chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Ba cheart ***na*** hearnálacha nó na fo-earnálacha a roghnú ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 (‘Earnálacha Ardchriticiúlachta’). Ba cheart na cleachtaí tástála comhordaithe a bheith bunaithe ar chásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna. Agus earnálacha á roghnú agus cásanna riosca á bhforbairt, ba cheart measúnuithe riosca agus cásanna riosca uile-Aontais a chur san áireamh, lena n-áirítear an gá atá le dúbailt a sheachaint, amhail an mheastóireacht riosca agus na cásanna riosca arna n-iarraidh sna conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún, an tArdionadaí agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha sibhialta agus míleata agus líonraí bunaithe, lena n-áirítear EU CyCLONe, chomh maith leis an measúnú riosca ar líonraí cumarsáide agus bonneagair chumarsáide arna n-iarraidh ag an nGlao Aireachta Comhpháirteach ó Nevers agus arna dhéanamh ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ENISA, agus i gcomhar le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), na measúnuithe riosca atá le déanamh faoi Airteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555 agus an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. Agus na hearnálacha á roghnú, ba cheart an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht bonneagair chriticiúil a neartú a chur san áireamh.

haghaidh tástáil chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. ***I gcás inarb iomchuí, ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), go háirithe trí Lárionad Faisnéise an Aontais Eorpaigh (INTCEN) agus tríd an gCill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha, ar cill de chuid an Lárionaid sin é, agus tacaíocht á fáil ó Stiúrthóireacht Faisnéise Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUMS) faoi chreat na hAcmhainneachta Aontais Anailíse Faisnéise (SIAC), measúnuithe atá cothrom le dáta a sholáthar agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le sainaithint na*** n-earnálacha nó bhfo-earnálacha ***ar*** cheart a roghnú ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 (‘Earnálacha Ardchriticiúlachta’) Ba cheart na cleachtaí tástála comhordaithe a bheith bunaithe ar chásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna. ***Ba cheart go mbeadh ról tábhachtach freisin ag na cleachtaí sin chun comhar a fheabhsú idir eintitis shibhialtacha agus mhíleata. Agus na cleachtaí á n-eagrú acu, ba cheart don Choimisiún, do SEGS agus do ENISA, dá bhrí sin, breithniú córasach a dhéanamh chun rannpháirtithe ó chibearphobail eile a áireamh, amhail Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) agus eintitis ábhartha eile.*** Agus earnálacha á roghnú agus cásanna riosca á bhforbairt, ba cheart measúnuithe riosca agus cásanna riosca uile-Aontais a chur san áireamh, lena n-áirítear an gá atá le dúbailt a sheachaint, amhail an mheastóireacht riosca agus na cásanna riosca arna n-iarraidh sna conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún, an tArdionadaí agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha sibhialta agus míleata agus líonraí bunaithe, lena n-áirítear EU CyCLONe, chomh maith leis an measúnú riosca ar líonraí cumarsáide agus bonneagair chumarsáide arna n-

iarraidh ag an nGlao Aireachta Comhpháirteach ó Nevers agus arna dhéanamh ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ENISA, agus i gcomhar le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), na measúnuithe riosca atá le déanamh faoi Airteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555 agus an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[1]***. Agus na hearnálacha á roghnú, ba cheart an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht bonneagair chriticiúil a neartú a chur san áireamh.

***[1] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011***

---

[29] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011

[29] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Leis an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála, ba cheart tacú le cúnamh a chuireann na Ballstáit ar fáil do Bhallstát a ndéanann teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála difear dó, lena n-áirítear trí líonra CSIRTanna a leagtar amach in Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2555. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a chuireann cúnamh ar fáil iarrataí a chur isteach chun costais a bhaineann le foirne saineolaithe a sheoladh faoi chuimsiú an chúnaimh fhrithpháirtigh a chumhdach. D'fhéadfaí speansais taistil, lóistín agus liúntais laethúla saineolaithe cibearshlándála a áireamh ar na costais incháilithe. | (32) Leis an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála, ba cheart tacú le cúnamh a chuireann na Ballstáit ar fáil do Bhallstát a ndéanann teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála difear dó, lena n-áirítear trí líonra CSIRTanna a leagtar amach in Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2555. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a chuireann cúnamh ar fáil iarrataí a chur isteach chun costais a bhaineann le foirne saineolaithe a sheoladh faoi chuimsiú an chúnaimh fhrithpháirtigh a chumhdach, ***lena n-áiritheofar comhordú éifeachtúil i measc chláir agus ionstraimí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid Eorpach Síochána (EPF), CBES agus ICFCI, agus cúnamh á chur ar fáil do thríú tíortha, go háirithe an Úcráin agus an Mholdóiv***. D'fhéadfaí speansais taistil, lóistín agus liúntais laethúla saineolaithe cibearshlándála a áireamh ar na costais incháilithe. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Ba cheart Cúltaca Cibearshlándála ar leibhéal an Aontais a bhunú de réir a chéile, ina bhfuil seirbhísí ó sholáthraithe príobháideacha seirbhísí slándála bainistithe chun tacú le gníomhaíochtaí freagartha agus téarnaimh láithrigh i gcásanna teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála. Le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart infhaighteacht agus ullmhacht seirbhísí a áirithiú. Leis na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart tacú leis na húdaráis náisiúnta cúnamh a chur ar fáil do na heintitis dá ndéantar difear agus atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó | (33) Ba cheart Cúltaca Cibearshlándála ar leibhéal an Aontais a bhunú de réir a chéile, ina bhfuil seirbhísí ó sholáthraithe príobháideacha seirbhísí slándála bainistithe chun tacú le gníomhaíochtaí freagartha agus téarnaimh láithrigh i gcásanna teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála. Le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart infhaighteacht agus ullmhacht seirbhísí a áirithiú. Leis na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart tacú leis na húdaráis náisiúnta cúnamh a chur ar fáil do na heintitis dá ndéantar difear agus atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó |

| | |
|---|---|
| an-chriticiúil mar chomhlánú lena ngníomhaíochtaí féin ar an leibhéal náisiúnta. Agus tacaíocht á hiarraidh ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht a thugtar don eintiteas dá ndéantar difear ar an leibhéal náisiúnta a shonrú, ar cheart í a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar an iarraidh ón mBallstát. Leis na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, d'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais freisin, faoi choinníollacha comhchosúla. | an-chriticiúil mar chomhlánú lena ngníomhaíochtaí féin ar an leibhéal náisiúnta. Agus tacaíocht á hiarraidh ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht a thugtar don eintiteas dá ndéantar difear ar an leibhéal náisiúnta a shonrú, ar cheart í a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar an iarraidh ón mBallstát. Leis na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, d'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais freisin, ***lena n-áirítear misin CBSC*** faoi choinníollacha comhchosúla. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Chun soláthraithe seirbhíse príobháideacha a roghnú chun seirbhísí a sholáthar i gcomhthéacs Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, is gá tacar critéar íosta a bhunú ar cheart iad a chur san áireamh sa ghlao ar thairiscintí chun na soláthraithe sin a roghnú, chun a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais údaráis agus eintitis na mBallstát atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil. | (34) Chun soláthraithe seirbhíse príobháideacha a roghnú chun seirbhísí a sholáthar i gcomhthéacs Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, is gá tacar critéar íosta a bhunú ar cheart iad a chur san áireamh sa ghlao ar thairiscintí chun na soláthraithe sin a roghnú, chun a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais údaráis agus eintitis na mBallstát atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil, ***agus na rioscaí a bhaineann le rannpháirtíocht na soláthraithe ó thíortha is iomaitheoirí straitéiseacha á gcur san áireamh freisin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le rioscaí eacnamaíocha slándála, chomh maith leis na himpleachtaí do shlándáil straitéiseach an Aontais***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo maidir le feasacht choiteann staide a chur chun cinn, athléimneacht an Aontais a fheabhsú agus freagairt éifeachtach do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála a chumasú, ba cheart do EU=CyCLONe, do líonra CSIRTanna nó don Choimisiún a bheith in ann iarraidh ar ENISA athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar bhagairtí, leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí maolaithe i leith teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála. Tar éis do ENISA athbhreithniú agus measúnú ar theagmhas a chur i gcrích, ba cheart dó tuarascáil maidir le hathbhreithniú teagmhais a ullmhú, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ón earnáil phríobháideach, na Ballstáit, an Coimisiún agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais. A mhéid a bhaineann leis an earnáil phríobháideach, tá bealaí á bhforbairt ag ENISA chun faisnéis a mhalartú le soláthraithe speisialaithe, lena n-áirítear soláthraithe réiteach slándála bainistithe agus díoltóirí, chun rannchuidiú le misean ENISA maidir le hardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud an Aontais. Agus an tuarascáil athbhreithnithe maidir le teagmhais shonracha ag tógáil ar an gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, ba cheart é a bheith d’aidhm aici measúnú a dhéanamh ar chúiseanna, tionchair agus maoluithe teagmhais, tar éis dó tarlú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an ionchur agus ar na ceachtanna a roinneann na soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe a chomhlíonann coinníollacha na sláine gairmiúla is airde, na neamhchlaontachta agus an tsaineolais theicniúil is gá mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart an tuarascáil a chur ar fáil, agus ba cheart cur le hobair EU=CyCLONe, líonra | (36) Chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo maidir le feasacht choiteann staide a chur chun cinn, athléimneacht an Aontais a fheabhsú agus freagairt éifeachtach do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála a chumasú, ba cheart do EU=CyCLONe, do líonra CSIRTanna nó don Choimisiún a bheith in ann iarraidh ar ENISA athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar bhagairtí, leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí maolaithe i leith teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórscála. ***I bhfianaise go ndearnadh córas slán nascachta a fhorbairt, lena gcuirtear le bonneagar cumarsáide candamaí na hEorpa (EuroQCI) agus le Cumarsáid Satailíte Rialtais an Aontais Eorpaigh (GOVSATCOM), go háirithe cur chun feidhme GNSS GALILEO d’úsáideoirí cosanta, ba cheart go gcuirfí san áireamh in aon fhorbairt a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo teacht chun cinn an ‘hipearchogaidh’ lena gcumascfar luas agus sofaisticiúlacht na ríomhaireachta candamaí le córais mhíleata fhioruathrialaitheacha.*** Tar éis do ENISA athbhreithniú agus measúnú ar theagmhas a chur i gcrích, ba cheart dó tuarascáil maidir le hathbhreithniú teagmhais a ullmhú, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ón earnáil phríobháideach, na Ballstáit, an Coimisiún agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais. A mhéid a bhaineann leis an earnáil phríobháideach, tá bealaí á bhforbairt ag ENISA chun faisnéis a mhalartú le soláthraithe speisialaithe, lena n-áirítear soláthraithe réiteach slándála bainistithe agus díoltóirí, chun rannchuidiú le misean ENISA maidir le hardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud an Aontais. Agus an tuarascáil athbhreithnithe maidir le teagmhais shonracha ag tógáil ar an gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n- |

| | |
|---|---|
| CSIRTanna agus an Choimisiúin léi. Nuair a bhaineann an teagmhas le tríú tír, comhroinnfidh an Coimisiún leis an Ardionadaí é freisin. | áirítear an earnáil phríobháideach, ba cheart é a bheith d'aidhm aici measúnú a dhéanamh ar chúiseanna, tionchair agus maoluithe teagmhais, tar éis dó tarlú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an ionchur agus ar na ceachtanna a roinneann na soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe a chomhlíonann coinníollacha na sláine gairmiúla is airde, na neamhchlaontachta agus an tsaineolais theicniúil is gá mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart an tuarascáil a chur ar fáil, agus ba cheart cur le hobair EU=CyCLONe, líonra CSIRTanna agus an Choimisiúin léi. Nuair a bhaineann an teagmhas le tríú tír, comhroinnfidh an Coimisiún leis an Ardionadaí, ***le SEGS agus le haon mhisean CBSC sa tír a ndéanann teagmhas trína ceanncheathrú difear di*** é freisin. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Agus cineál dothuartha ionsaithe cibearshlándála á chur san áireamh, agus ós rud é gur minic nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach iad agus go bhfuil riosca ard iarmharta ag baint leo, rannchuidítear leis an Aontas a chosaint ina iomláine le neartú athléimneacht na dtíortha comharsanachta agus a n-acmhainneachta freagairt go héifeachtach do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Dá bhrí sin, ***féadfar*** tacaíocht a thabhairt do na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais, i gcás ***ina bhforáiltear dó sin sa chomhaontú comhlachais faoi seach a ghabhann leis an gClár don Eoraip Dhigiteach***. Ba cheart don Aontas tacú leis an gcistiú do thríú tíortha comhlachaithe faoi chuimsiú | (37) Agus cineál dothuartha ionsaithe cibearshlándála á chur san áireamh, agus ós rud é gur minic nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach iad agus go bhfuil riosca ard iarmharta ag baint leo, rannchuidítear leis an Aontas a chosaint ina iomláine le neartú athléimneacht na dtíortha comharsanachta, ***go háirithe an Úcráin agus an Mholdóiv***, agus a n-acmhainneachta freagairt go héifeachtach do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála. Dá bhrí sin, ***ba cheart*** tacaíocht a thabhairt do na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais***. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an tacaíocht do thríú tíortha freisin*** i gcás ***ina bhfuil misean CBSC imscartha ag a bhfuil sainordú sonrach chun athléimneacht i gcoinne*** |

| | |
|---|---|
| comhpháirtíochtaí ábhartha agus ionstraimí cistiúcháin do na tíortha sin. Leis an tacaíocht sin, ba cheart seirbhísí i réimse na freagartha ar theagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála agus téarnaimh láithreach uathu a chumhdach. Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha a leagtar síos do Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus do sholáthraithe iontaofa sa Rialachán seo agus tacaíocht á tabhairt do na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach. | ***bagairtí hibrideacha a neartú lena n-áirítear cibearbhagairtí nó i gcás ina bhfuil beart cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána glactha chun cibear-athléimneacht na tíre a neartú***. Ba cheart don Aontas tacú leis an gcistiú do thríú tíortha comhlachaithe faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí ábhartha agus ionstraimí cistiúcháin do na tíortha sin. Leis an tacaíocht sin, ba cheart seirbhísí i réimse na freagartha ar theagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála agus téarnaimh láithreach uathu a chumhdach. Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha a leagtar síos do Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus do sholáthraithe iontaofa sa Rialachán seo agus tacaíocht á tabhairt do na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Sásra Eorpach um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála a bhunú chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála. | (c) Sásra Eorpach um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála a bhunú chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála ***nó ar bhagairtí***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) brath agus feasacht staide choiteann an Aontais a neartú maidir le cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais ionas gur féidir seasamh iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a threisiú ar fud an gheilleagair dhigitigh agus gur féidir rannchuidiú le | (a) brath agus feasacht staide choiteann an Aontais a neartú maidir le cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais ionas gur féidir seasamh iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a threisiú ar fud an gheilleagair dhigitigh agus gur féidir rannchuidiú le |

| | |
|---|---|
| ***ceannasacht*** theicneolaíoch an Aontais i réimse na cibearshlándála; | ***hathléimneacht*** theicneolaíoch an Aontais i réimse na cibearshlándála; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ullmhacht eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla agus an-chriticiúil ar fud an Aontais a threisiú agus dlúthpháirtíocht a neartú trí acmhainneachtaí freagartha coiteanna a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála, lena n-áirítear trí thacaíocht an Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála a chur ar fáil do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach; | (b) ullmhacht eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla agus an-chriticiúil ar fud an Aontais a threisiú agus dlúthpháirtíocht a neartú trí acmhainneachtaí freagartha coiteanna a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála, lena n-áirítear trí thacaíocht an Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála a chur ar fáil do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach ***nó do na tríú tíortha sin, ar iarrthóirí iad ar aontachas leis an Aontas, agus nach sáraíonn siad a leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear i gcreat CBES de bhun Theideal V de CAE***; ***Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh i dtaobh clár cibearchosanta gníomhach a bheith mar chuid dá straitéis náisiúnta cibearshlándálaina gcorpraítear comhfhreachnaimh oiliúna rialta idir na Ballstáit agus ar fud eagraíochtaí idirnáisiúnta. Leis an gclár sin, ba cheart go soláthrófaí cumas sioncrónaithe, fíor-ama chun bagairtí a aimsiú, a bhrath, a anailísiú agus a mhaolú;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***2 a. chun go ndéanfar laghdú ar rioscaí córasacha cibearshlándála a bhaineann le spleáchais ar threalamh criticiúil ó thíortha, rud a sháródh leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear i gcreat CBES de bhun Theideal V de CAE;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***ciallaíonn 'pobal na cibearchosanta' údaráis chosanta na mBallstát agus arna dtacú le hinstitiúidí, le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí an Aontais mar a leagtar amach i dTeachtaireacht Chomhpháirteach i ndáil le Beartas Cibearchosanta an Aontais[1]***<br>***[1] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais JOIN/2022/49 final*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(b a) chun cabhrú leis na córais chibearchosanta ar fad a nuachóiriú, cáilíocht na gcumas cibearchosanta a mhéadú trí chórais IS a chur in úsáid agus dlús a chur le malartú faisnéise i measc Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta agus Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus ar threalamh cibearshlándála criticiúla arna n-imscaradh ag SOCanna chun freagairt ar theagmhais chibearshlándála le haghaidh rioscaí sistéamacha ó rialú ag tíortha a sháródh leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V CAE.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh sé d'acmhainn aige gníomhú mar phointe tagartha agus mar thairseach chuig eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile ar an leibhéal náisiúnta chun faisnéis faoi bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhailiú agus a anailísiú agus chun rannchuidiú le Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann. Beidh teicneolaíochtaí úrscothacha aige atá in ann sonraí atá ábhartha maidir le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, a chomhiomlánú agus a anailísiú. | Beidh sé d'acmhainn aige gníomhú mar phointe tagartha agus mar thairseach chuig eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile ***agus nuair is gá, chuig eagraíochtaí míleata,*** ar an leibhéal náisiúnta chun faisnéis faoi bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhailiú agus a anailísiú agus chun rannchuidiú le Lárionad Oibríochtaí Slándála Trasteorann. Beidh teicneolaíochtaí úrscothacha aige atá in ann sonraí atá ábhartha maidir le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, a chomhiomlánú agus a anailísiú. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tar éis glao ar léiriú spéise, roghnóidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta chun páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach uirlisí agus bonneagar in éineacht leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Féadfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála deontais a dhámhachtain ar na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta roghnaithe chun feidhmiú na n-uirlisí agus na mbonneagar sin a chistiú. Leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, cumhdófar suas le 50 % de chostais fála na n-uirlisí agus na mbonneagar, agus suas le 50 % de na costais oibriúcháin, agus beidh na costais eile le cumhdach ag an mBallstát. Sula seolfar an nós imeachta chun na huirlisí agus na bonneagair a fháil, tabharfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus an Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta comhaontú i gcrích maidir le hóstáil agus úsáid lena rialófar úsáid na n-uirlisí agus na mbonneagar. | 2. Tar éis glao ar léiriú spéise, roghnóidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta chun páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach uirlisí agus bonneagar in éineacht leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Féadfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála deontais a dhámhachtain ar na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta roghnaithe chun feidhmiú na n-uirlisí agus na mbonneagar sin a chistiú***, ar choinníoll dhian go bhfuil uirlisí agus bonneagar den sórt sin curtha ar fáil ag soláthraithe iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 16.*** Leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, cumhdófar suas le 50 % de chostais fála na n-uirlisí agus na mbonneagar, agus suas le 50 % de na costais oibriúcháin, agus beidh na costais eile le cumhdach ag an mBallstát. Sula seolfar an nós imeachta chun na huirlisí agus na bonneagair a fháil, tabharfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus an Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta comhaontú i gcrích maidir le hóstáil agus úsáid lena rialófar úsáid na n-uirlisí agus na mbonneagar. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 - mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tar éis glao ar léiriú spéise, roghnóidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála Cuibhreannas Óstach chun páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach uirlisí agus bonneagar in éineacht leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Féadfaidh an | 2. Tar éis glao ar léiriú spéise, roghnóidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála Cuibhreannas Óstach chun páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach uirlisí agus bonneagar in éineacht leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Féadfaidh an |

| | |
|---|---|
| Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála deontais a dhámhachtain ar an gCuibhreannas Óstach chun feidhmiú na n-uirlisí agus na mbonneagar sin a chistiú. Leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, cumhdófar suas le 75 % de chostais fála na n-uirlisí agus na mbonneagar, agus suas le 50 % de na costais oibriúcháin, agus beidh na costais eile le cumhdach ag an gCuibhreannas Óstach. Sula seolfar an nós imeachta chun na huirlisí agus na bonneagair a fháil, tabharfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus an Cuibhreannas Óstach comhaontú i gcrích maidir le hóstáil agus úsáid lena rialófar úsáid na n-uirlisí agus na mbonneagar. | Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála deontais a dhámhachtain ar an gCuibhreannas Óstach chun feidhmiú na n-uirlisí agus na mbonneagar sin a chistiú, ***ar choinníoll dhian go bhfuil uirlisí agus bonneagar den sórt sin curtha ar fáil ag soláthraithe iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 16***. Leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, cumhdófar suas le 75 % de chostais fála na n-uirlisí agus na mbonneagar, agus suas le 50 % de na costais oibriúcháin, agus beidh na costais eile le cumhdach ag an gCuibhreannas Óstach. Sula seolfar an nós imeachta chun na huirlisí agus na bonneagair a fháil, tabharfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus an Cuibhreannas Óstach comhaontú i gcrích maidir le hóstáil agus úsáid lena rialófar úsáid na n-uirlisí agus na mbonneagar. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfar aon bhonneagar nó soláthraí de thionscnamh tríú tír ardriosca a eisiamh go huathoibríoch.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) ag tacú go díreach le cumais mhíleata agus chosanta na gcomhaltaí rannpháirteacha a neartú nó garbhagairt dhíreach ar shlándáil na gcomhaltaí a chosc. Bíodh is go bhféadfadh dúshaothrú leochaileachtaí san earnáil cosanta a bheith ina gcúis le míshocracht*** |

***shuntasach agus le dochar suntasach, éilítear le cibearshlándáil thionscal na cosanta bearta speisialta chun slándáil na slabhraí soláthair a áirithiú, go háirithe eintitis ar lú slabhraí soláthair atá iontu agus nach dteastaíonn rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe uathu, ach a bhféadfadh rioscaí tromchúiseacha a bheith ag baint leo don earnáil ar fad. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon sárú agus bagairt aon chúblála ionchasaí ar shonraí líonra a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh sócmhainní cosanta criticiúla a bheith gan mhaith nó fiú a gcórais oibriúcháin a shárú, rud a d'fhágfadh go mbeidís leochaileach i leith fuadaigh.***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b b) tacú le cumais chosanta na gcomhaltaí rannpháirteacha á neartú nó garbhagairt dhíreach ar shlándáil na gcomhaltaí a chosc, chun slándáil na slabhraí soláthair a áirithiú, go háirithe na heintitis sin ar lú slabhraí soláthair atá iontu agus nach dteastaíonn rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe uathu, ach a bhféadfadh rioscaí tromchúiseacha a bheith ag baint leo don earnáil ar fad.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfaigheann na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann faisnéis a bhaineann le teagmhas cibearshlándála mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá | 1. I gcás ina bhfaigheann na Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann faisnéis a bhaineann le teagmhas cibearshlándála mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá |

| | |
|---|---|
| ar siúl faoi láthair, tabharfaidh siad an fhaisnéis ábhartha do EU=CyCLONe, do líonra CSIRT agus don Choimisiún, i bhfianaise a ról bainistithe géarchéime féin i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 gan moill mhíchuí. | ar siúl faoi láthair, tabharfaidh siad an fhaisnéis ábhartha do EU=CyCLONe, do líonra CSIRT agus don Choimisiún, ***lena n-áirítear an tArdionadaí agus SEGS nuair a bhaineann sé le tríú tír***, i bhfianaise a ról bainistithe géarchéime féin i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 gan moill mhíchuí. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach ardleibhéal slándála sonraí agus slándála fisiciúla bhonneagar na Cibearscéithe Eorpaí agus áiritheoidh siad go ndéanfar an bonneagar a bhainistiú go leordhóthanach sa chaoi go gcosnófar ar bhagairtí é agus go n-áiritheofar slándáil an bhonneagair sin agus slándáil na gcóras, lena n-áirítear ***slándáil*** na sonraí a mhalartaítear tríd an mbonneagar. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach ardleibhéal slándála sonraí agus slándála fisiciúla bhonneagar na Cibearscéithe Eorpaí agus áiritheoidh siad go ndéanfar an bonneagar a bhainistiú go leordhóthanach sa chaoi go gcosnófar ar bhagairtí é agus go n-áiritheofar slándáil an bhonneagair sin agus slándáil na gcóras, ***trí riosca a bhaint de bhuntáiste teicneolaíochta an Aontais Eorpaigh in earnálacha criticiúla agus an buntáiste sin a chur chun cinn,*** lena n-áirítear ***bearta chun srian a chur ar sholáthróirí ardriosca nó iad a eisiamh***, ***chomh maith le slándáil*** na sonraí a mhalartaítear tríd an mbonneagar ***a chosaint***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach nach mbeidh tionchar diúltach ag comhroinnt faisnéise laistigh den Chibearsciath Eorpach le heintitis nach comhlachtaí poiblí de chuid na mBallstát | 2. Áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chibearsciath Eorpach nach mbeidh tionchar diúltach ag comhroinnt faisnéise laistigh den Chibearsciath Eorpach le heintitis nach comhlachtaí poiblí de chuid na mBallstát |

| | |
|---|---|
| iad ar leasanna slándála an Aontais. | iad ar leasanna slándála an Aontais ***agus go mbeidh raon feidhme teoranta ag aon chomhroinnt faisnéise le soláthraithe ardriosca agus nach gcuirfear leasanna slándála agus straitéiseacha an Aontais i mbaol leis sin***. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh na mBallstát chun a n-oibleagáid faoi mhíreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2) den Rialachán seo. Agus an méid sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, le tacaíocht ón Ardionadaí, caighdeáin slándála ábhartha ar leibhéal na cosanta, chun comhar le gníomhaithe míleata a éascú. | 3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh na mBallstát chun a n-oibleagáid faoi mhíreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2) den Rialachán seo. Agus an méid sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, le tacaíocht ón Ardionadaí, caighdeáin slándála ábhartha ar leibhéal na cosanta, chun comhar le gníomhaithe míleata a éascú, ***agus úsáid iomchuí á baint as raon iomlán na roghanna cosanta atá ar fáil do na pobail shibhialtacha agus mhíleata ar mhaithe le slándáil agus cosaint níos leithne an Aontais, agus go gcuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eola***s. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tacófar le gníomhaíochtaí lena gcuirtear an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála chun feidhme trí chistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le | 2. Tacófar le gníomhaíochtaí lena gcuirtear an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála chun feidhme trí chistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le |

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE) 2021/694 agus go háirithe Cuspóir Sonrach 3 de. | Rialachán (AE) 2021/694 agus go háirithe Cuspóir Sonrach 3 de ***agus tríd an tSaoráid Eorpach Síochána agus bearta cúnaimh á gcur ar fáil do thríú tíortha, go háirithe an Úcráin agus an Mholdóiv***; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gníomhaíochtaí ullmhachta, lena n-áirítear tástáil ullmhachta chomhordaithe ar eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil ar fud an Aontais; | (a) gníomhaíochtaí ullmhachta, lena n-áirítear tástáil chomhordaithe ullmhachta ar eintitis a oibríonn in earnálacha an-tábhachtach, ***amhail bonneagar poiblí, bonneagar toghcháin, iompar, airgeadas cúraim sláinte, teileachumarsáid, soláthar bia agus slándáil*** san Aontas; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) gníomhaíochtaí cúnaimh fhrithpháirtigh arb é atá i gceist leo cúnamh a sholáthar ó údaráis náisiúnta Ballstáit amháin do Bhallstát eile, go hairithe dá bhforáiltear in Airteagal 11(3), pointe (f), de Threoir (AE) 2022/2555. | (c) gníomhaíochtaí cúnaimh fhrithpháirtigh arb é atá i gceist leo cúnamh a sholáthar ó údaráis náisiúnta Ballstáit amháin do Bhallstát eile, go hairithe dá bhforáiltear in Airteagal 11(3), pointe (f), de Threoir (AE) 2022/2555 ***agus i gcomhthéacs Airteagal 42(7) CAE agus Airteagal 222 CFAE***; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) trealamh criticiúil ó sholáthróirí ardriosca a athsholáthar agus deireadh a*** |

***chur leis de réir a chéile, lena sháródh leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V CAE.***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 - mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar leis an gCoimisiún, ENISA, ***agus*** an tArdionadaí, cásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna a fhorbairt le haghaidh na gcleachtaí tástála comhordaithe. | 2. Déanfaidh an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar leis an gCoimisiún, ENISA, an tArdionadaí, ***SEGS, agus i gcás inarb ábhartha, GEC***, cásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna a fhorbairt le haghaidh na gcleachtaí tástála comhordaithe. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh seirbhísí freagartha teagmhais ó sholáthraithe iontaofa i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais, ar soláthraithe iad a roghnófar i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 16. Beidh seirbhísí réamhgheallta sa Chúltaca. Beifear in ann na seirbhísí a chur in úsáid sna Ballstáit uile. | 2. Beidh seirbhísí freagartha teagmhais ó sholáthraithe iontaofa i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais, ar soláthraithe iad a roghnófar i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 16. Beidh seirbhísí réamhgheallta sa Chúltaca. Beifear in ann na seirbhísí a chur in úsáid sna Ballstáit uile ***agus sna tríú tíortha a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme den Rialachán seo***. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais. | (b) institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ***lena n-áirítear misin CBSC***. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), úsáidfidh siad na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais chun freagairt do theagmhais shuntasacha nó mhórscála lena ndéantar difear d'eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil nó chun tacú le freagairt agus téarnamh láithreach ina leith. | 4. Úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), úsáidfidh siad na seirbhísí ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais chun freagairt do theagmhais shuntasacha nó mhórscála lena ndéantar difear d'eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil nó chun tacú le freagairt agus téarnamh láithreach ina leith, ***amhail bonneagar poiblí, bonneagar toghcháin, iompar, airgeadas cúraim sláinte, teileachumarsáid, soláthar bia agus slándáil***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Is ar an gCoimisiún a bheidh an fhreagracht fhoriomlán Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a chur chun feidhme. Cinnfidh an Coimisiún tosaíochtaí agus teacht chun cinn Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, i gcomhréir le ceanglais na n-úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3, agus déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme an Chúltaca, agus áiritheoidh sé comhlántacht, comhsheasmhacht, sineirgí agus naisc le gníomhaíochtaí tacaíochta eile faoin Rialachán seo chomh maith le | 5. Is ar an gCoimisiún a bheidh an fhreagracht fhoriomlán Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a chur chun feidhme. Cinnfidh an Coimisiún tosaíochtaí agus teacht chun cinn Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, i gcomhréir le ceanglais na n-úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3, agus déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme an Chúltaca, agus áiritheoidh sé comhlántacht, comhsheasmhacht, sineirgí agus naisc le gníomhaíochtaí tacaíochta eile faoin Rialachán seo chomh maith le |

| | |
|---|---|
| gníomhaíochtaí agus cláir eile de chuid an Aontais. | gníomhaíochtaí, cláir ***agus cuspóirí eile de chuid an Aontais, go háirithe an cuspóir straitéiseach chun spleáchas ar sholáthróirí ardriosca a laghdú, lena sháródh leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V CAE***. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Chun tacú leis an gCoimisiún Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú, ullmhóidh ENISA mapáil ar na seirbhísí is gá, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún. Ullmhóidh ENISA mapáil chomhchosúil, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, chun sainaithint a dhéanamh ar riachtanais tríú tíortha atá incháilithe do thacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais de bhun Airteagal 17. I gcás inarb ábhartha, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ardionadaí. | 7. Chun tacú leis an gCoimisiún Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú, ullmhóidh ENISA mapáil ar na seirbhísí is gá, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún. Ullmhóidh ENISA mapáil chomhchosúil, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, chun sainaithint a dhéanamh ar riachtanais tríú tíortha atá incháilithe do thacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais de bhun Airteagal 17***, arna dtacú le SEGS***. I gcás inarb ábhartha, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ardionadaí. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tionchar an teagmhais ar shlándáil agus ar chosaint an Aontais;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 3. I gcomhairle leis an Ardionadaí, féadfaidh tacaíocht faoin Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála comhlánú a dhéanamh ar an gcúnamh a sholáthraítear i gcomhthéacs an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, lena n-áirítear trí na Foirne Mearfhreagartha Cibearshlándála. Féadfar comhlánú a dhéanamh leis freisin ar an gcúnamh a thugann Ballstát amháin do Bhallstát eile, nó rannchuidiú leis sin, i gcomhthéacs Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | 3. I gcomhairle leis an Ardionadaí, féadfaidh tacaíocht faoin Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála comhlánú a dhéanamh ar an gcúnamh a sholáthraítear i gcomhthéacs an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, lena n-áirítear trí na Foirne Mearfhreagartha Cibearshlándála ***(CRRTanna) chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do na Ballstáit AE, do mhisin agus oibríochtaí CBSC agus na tríú tíortha sin atá ailínithe le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus le Comhbheartas Slándála agus Cosanta ina n-iarrachtaí fothaithe acmhainneachta cibearchosanta, go háirithe an Úcráin agus an Mholdóiv.*** Féadfar comhlánú a dhéanamh leis freisin ar an gcúnamh a thugann Ballstát amháin do Bhallstát eile, nó rannchuidiú leis sin, i gcomhthéacs Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 –mír 2 – pointe b a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(a a) léireoidh an soláthraí go bhfuil a chinneadh agus a struchtúir bainistithe saor ó aon tionchar míchuí ag rialtais na stát, a sháródh leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V CAE;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) beidh an trealamh teicniúil crua-earraí agus bogearraí is gá chun tacú leis an tseirbhís iarrtha ag an soláthraí; | (f) beidh an trealamh teicniúil crua-earraí agus bogearraí is gá chun tacú leis an tseirbhís iarrtha ag an soláthraí ***agus comhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal X de Rialachán XX/XXXX (Gníomh um Chibear-Athléimneacht).*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(j a) Ní bheidh soláthraí de thionscnamh tríú tír ardriosca inghlactha.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe j b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(j b) beidh an soláthraí i ndlúthchomhar le FBManna ábhartha, i gcás inar féidir;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh tríú tíortha tacaíocht a iarraidh ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin i gComhaontuithe Comhlachais a tugadh i gcrích maidir lena rannpháirtíocht sa Chlár don Eoraip Dhigiteach. | 1. Féadfaidh tríú tíortha tacaíocht a iarraidh ar Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, má tá: |

***a)*** déantar foráil maidir leis sin i gComhaontuithe Comhlachais a tugadh i gcrích maidir lena rannpháirtíocht sa Chlár don Eoraip Dhigiteach***;***

***b) na tríú tíortha sin, i gcás ina bhfuil misean CBSC imscartha ag a bhfuil sainordú sonrach chun athléimneacht i gcoinne bagairtí hibrideacha a neartú lena n-áirítear cibearbhagairtí nó i gcás ina bhfuil beart cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána glactha chun cibear-athléimneacht na tíre a neartú.***

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus comhlíonfar léi aon choinníoll shonrach a leagtar síos sna Comhaontuithe Comhlachais dá dtagraítear i mír ***1***. | 2. Beidh an tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus comhlíonfar léi aon choinníoll shonrach a leagtar síos sna Comhaontuithe Comhlachais dá dtagraítear i mír ***ach amháin ag na tríú tíortha sin a chumhdaítear leis na forálacha a leagtar amach i mír 1(b).*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Arna iarraidh sin don Choimisiún, do EU-CyCLONe nó do líonra CSIRTanna, déanfaidh ENISA athbhreithniú agus measúnú ar bhagairtí, leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí maolaithe i ndáil le teagmhas sonrach suntasach nó mórscála. I ndiaidh do ENISA athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhas, cuirfidh sé tuarascáil maidir le hathbhreithniú | 1. Arna iarraidh sin don Choimisiún, do EU-CyCLONe nó do líonra CSIRTanna, déanfaidh ENISA athbhreithniú agus measúnú ar bhagairtí, leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí maolaithe i ndáil le teagmhas sonrach suntasach nó mórscála. I ndiaidh do ENISA athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhas, cuirfidh sé tuarascáil maidir le hathbhreithniú |

| | |
|---|---|
| teagmhais faoi bhráid líonra CSIRTanna, EU-CyCLONE agus an Choimisiúin chun tacú leo agus a gcúraimí á ndéanamh acu, go háirithe i bhfianaise na gcúraimí a leagtar amach in Airteagail 15 agus 16 de Threoir (AE) 2022/2555. I gcás inarb ábhartha, roinnfidh an Coimisiún an tuarascáil leis an Ardionadaí. | teagmhais faoi bhráid líonra CSIRTanna, EU-CyCLONE agus an Choimisiúin chun tacú leo agus a gcúraimí á ndéanamh acu, go háirithe i bhfianaise na gcúraimí a leagtar amach in Airteagail 15 agus 16 de Threoir (AE) 2022/2555. I gcás inarb ábhartha, ***go háirithe nuair a bhaineann an teagmhas le tríú tír***, déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil a chomhroinnt leis an Ardionadaí ***agus le SEGS***. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfar an tuarascáil a chomhroinnt le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a bhaineann le faisnéis íogair nó rúnaicmithe a chosaint.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a – pointe 1**
Rialachán (AE) 2021/694
Airteagal 6, mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aa) tacú le Cibearsciath an Aontais a bhunú, lena n-áirítear forbairt, cur in úsáid agus feidhmiú ardáin na Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta agus Trasteorann lena rannchuidítear le feasacht staide san Aontas agus le feabhas a chur ar acmhainneachtaí an Aontais maidir le faisnéis faoi chibearbhagairtí; | (aa) tacú le Cibearsciath an Aontais a bhunú, lena n-áirítear forbairt, cur in úsáid agus feidhmiú ardáin na Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta agus Trasteorann lena rannchuidítear le feasacht staide san Aontas agus le feabhas a chur ar acmhainneachtaí an Aontais maidir le faisnéis faoi chibearbhagairtí ***agus spleáchas an Aontais ar sholáthraithe ardriosca an trealaimh nó na gcomhpháirteanna cibearshlándála criticiúla a laghdú, lena sháródh leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V CAE***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi [***4*** bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. | Faoi [***3*** bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ***agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin***], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh |
| **Tagairtí** | COM(2023)0209 – C9-0136/2023 – 2023/0109(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>1.6.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>1.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Dragoş Tudorache<br>16.6.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 18.9.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 4<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, David Lega, Leopoldo López Gil, Jaak Madison, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Andreas Schieder, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Dragoş Tudorache, Thomas Waitz, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Attila Ara-Kovács, Lars Patrick Berg, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, Sergey Lagodinsky, Giuliano Pisapia, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 39 | + |
|---|---|
| ECR | Lars Patrick Berg, Dominik Tarczyński |
| ID | Anna Bonfrisco, Jaak Madison |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Leopoldo López Gil, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, Dragoş Tudorache |
| S&D | Attila Ara-Kovács, Włodzimierz Cimoszewicz, Dietmar Köster, Pedro Marques, Sven Mikser, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| Verts/ALE | Sergey Lagodinsky, Jordi Solé, Tineke Strik, Thomas Waitz |

| 4 | - |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Giorgos Georgiou, Mick Wallace |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh25.10.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh
(COM(2023)0209 – C9-0136/2023 – 2023/0109(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Gheorghe Falcă

# RÉASÚNÚ GEARR

Maidir le heagraíochtaí a fhulaingíonn cibirionsaithe, lena n-áirítear san earnáil iompair, is annamh a dhéanann siad tuairisciú orthu, go háirithe cuideachtaí san earnáil phríobháideach, mar go mbíonn imní orthu faoin 'drochphoiblíocht'. Is fearr leis an gcuid is mó d'eagraíochtaí déileáil leo go hinmheánach agus is minic gurb iad na hionsaitheoirí a thugann poiblíocht dóibh. In AE, tá go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024 ag na Ballstáit trasuí a dhéanamh ar Threoir 2022/2555 maidir le slándáil gréasán (ar a dtugtar 'Treoir NIS2'). Is dea-scéal an méid seo mar go ndéantar na hoibleagáidí tuairiscithe teagmhas a chomhoiriúnú ar fud na mBallstát le teacht i bhfeidhm na Treorach. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh tuiscint níos fearr ar chineál agus ar scála na faidhbe sna blianta amach romhainn.

D'fhoilsigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) tuarascáil1 le déanaí a chuireann eolas ar fáil faoi bhagairtí cibearshlándála san earnáil iompair. Sa tuarascáil sin leagann an ghníomhaireacht béim ar an bhfíoras go raibh cibearchoirpigh freagrach as níos mó ná leath de na teagmhais a scrúdaíodh i dtréimhse tuairiscithe 2022 (55%) agus gurbh é gnóchan airgeadais an phríomhchúis leis na hionsaithe seo. Tugann sé dá aire freisin go ndíríonn an chuid is mó de chibirionsaithe san earnáil iompair ar chórais TF, rud a chuireann isteach ar oibríochtaí dá bharr.

A mhéid a bhaineann le hullmhacht agus freagairt do theagmhais chibearshlándála, níl ach tacaíocht theoranta ar fáil ar leibhéal an Aontais agus níl ach dlúthpháirtíocht theoranta ann idir na Ballstáit faoi láthair. Leagadh béim sna Conclúidí ón gComhairle ó Bhealtaine 2022 ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, trí iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir le **Ciste Freagartha Éigeandála nua le haghaidh na Cibearshlándála**[2].

Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme **Straitéis Chibearshlándála AE** a glacadh i Nollaig 2020 inar fógraíodh go gcruthófaí **Cibearsciath Eorpach**, lena dtreisítear cumais bhraite cibearbhagairtí agus comhroinnt faisnéise san Aontas Eorpach trí chónaidhm Lárionad Oibríochtaí Slándála náisiúnta agus trasteorann. Tacófar le gníomhaíochtaí an Rialacháin seo trí chistiú faoin gCuspóir Straitéiseach 'Cibearshlándáil' de chuid an Chláir don Eoraip Dhigiteach.

Áirítear sa bhuiséad iomlán méadú EUR 100 milliún a mholtar sa Rialachán seo a ath-leithdháileadh ó chuspóirí straitéiseacha eile de chuid an Chláir don Eoraip Dhigiteach. Fágfaidh sé sin gur EUR 842.8 milliún an méid iomlán nua a bheidh ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí cibearshlándála faoin gClár don Eoraip Dhigiteach.

Le cuid den EUR 100 milliún breise, treiseofar an buiséad atá á bhainistiú ag an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECCC) chun gníomhaíochtaí maidir le Lárionaid

[1] "Tuiscint ar Chibearbhagairtí san Iompar", ENISA, arna fhoilsiú an 21 Márta, 2023.
[2] Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt, an 23 Bealtaine 2022, (9364/22).

Oibríochtaí Slándála agus ullmhacht a chur chun feidhme mar chuid dá gcláir oibre. Thairis sin, úsáidfear an cistiú breise chun tacú le Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú. Comhlánaíonn sé an buiséad atá beartaithe cheana féin le haghaidh gníomhaíochtaí comhchosúla sa phríomh-Chlár don Eoraip Dhigiteach agus i gClár Oibre Cibearshlándála an Chláir don Eoraip Dhigiteach don tréimhse 2023-2027, rud a d'fhéadfadh an méid iomlán a thabhairt go dtí 551 mhilliún do 2023-2027, agus tiomnaíodh 115 mhilliún cheana féin i bhfoirm treoirthionscadal do 2021-2022. Agus ranníocaíochtaí na mBallstát san áireamh, d'fhéadfadh suas le EUR 1.109 billiún a bheith sa bhuiséad foriomlán.

**Seasamh an Rapóirtéara**

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra nua agus creideann sé go gcuirfidh sé tairbhí suntasacha ar fáil do na geallsealbhóirí éagsúla. Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gur gá tuiscint níos doimhne a fháil ar riachtanais chibearshlándála agus ar cheanglais iompair, chomh maith le rochtain a sholáthar d'eintitis chriticiúla iompair ar chistiú cuí le haghaidh ullmhachta, freagartha agus réiteach teagmhais.

Cé go bhformhuiníonn an Rapóirtéir 'an tsraith straitéisí um chibearshlándáil iompair', a bhfuil sé mar aidhm aige cur le leibhéil níos airde cibirfheasachta agus cibearshláinteachais, le béim ar leith ar an earnáil iompair. Tugann sé aghaidh ar eagraíochtaí iompair gan beann ar a méid agus réimse gníomhaíochta, chomh maith le bonneagar criticiúil iompair agus soghluaisteacht mhíleata a chur i gcuntas, go sonrach ag féachaint don chogadh san Úcráin, go háirithe, ach gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas:

- Aeriompróirí, comhlachtaí bainistithe aerfoirt, croí-aerfoirt, bainistíocht aerthráchta agus ionaid rialaithe aerthráchta, Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus Eurocontrol;
- Bainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS);
- Cuideachtaí iompair paisinéirí agus lasta d'uiscebhealaí intíre, ar muir agus cois cósta, comhlachtaí bainistíochta calafort, lena n-áirítear a saoráidí calafoirt, eintitis a oibríonn oibreacha agus trealamh atá laistigh de chalafoirt, oibreoirí seirbhísí um thrácht árthaí;
- Údaráis bhóithre freagrach as rialú bainistíochta tráchta, oibreoirí Córais Cliste Iompair;
- Sheirbhísí poist agus cúiréireachta.

Creideann an Rapóirtéir gurb é méid an bhuiséid chun an **Ciste Freagartha Éigeandála le haghaidh na Cibearshlándála** (ERFC) a fheidhmiú a chinneoidh a rath. dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé mór go leor chun tacú leis na Ballstáit **ullmhú do** theagmhais shuntasacha mhórscála chibearshlándála, **freagairt dóibh agus téarnamh uathu**. Cuirfear tacaíocht le haghaidh na freagartha ar theagmhais ar fáil freisin d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais.

Leis an **gCibearsciath Eorpach**, cuirfear feabhas ar chumais na mBallstát chun cibearbhagairtí a bhrath. Déanfar gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhlánú leis an **Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála** trí thacaíocht éigeandála le haghaidh ullmhachta, freagartha agus téarnamh láithreach/feidhmiú seirbhísí riachtanacha a chur ar bun arís.

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur i gcuntas:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá méid, minicíocht agus tionchar teagmhas cibearshlándála ag méadú, lena n-áirítear ionsaithe ar an slabhra soláthair a bhfuil sé d'aidhm acu cibearspiaireacht a dhéanamh, bogearraí éirice a úsáid nó cur isteach a dhéanamh. Is bagairt mhór iad ar fheidhmiú córas gréasáin agus faisnéise. I bhfianaise thimpeallacht na bagartha atá ag athrú go tapa, is gá d'ullmhacht mhéadaithe ar gach leibhéal de chreat cibearshlándála an Aontais mar gheall ar an mbagairt ó theagmhais mhórscála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh mór nó damáiste mór ar bhonneagair chriticiúla. Tá níos mó i gceist leis an mbagairt sin ná ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, agus is dócha go leanfaidh sí de bheith ann i bhfianaise an iliomaid gníomhaithe atá ailínithe le stát, gníomhaithe coiriúla agus haiceálaithe cúise a bhfuil baint acu leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair. ***Le*** teagmhais ***den sórt*** sin, is féidir ***bac a chur ar sholáthar*** seirbhísí poiblí agus ***ar shaothrú*** gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil, caillteanais shuntasacha airgeadais a ghiniúint, an bonn a bhaint de mhuinín na n-úsáideoirí, damáiste mór a dhéanamh do gheilleagar an Aontais***,*** agus d'fhéadfadh iarmhairtí sláinte nó bagracha don bheatha a bheith acu fiú. Thairis sin, tá teagmhais chibearshlándála dothuartha, toisc gur minic a thagann siad chun cinn agus go bhforbraítear iad laistigh de thréimhsí ama an-ghearr, nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach ar leith iad, agus go dtarlaíonn siad ag an am céanna nó go scaiptear iad ar an toirt ar fud go leor tíortha. | (2) Tá méid, minicíocht agus tionchar teagmhas cibearshlándála ag méadú, lena n-áirítear ionsaithe ar an slabhra soláthair a bhfuil sé d'aidhm acu cibearspiaireacht a dhéanamh, bogearraí éirice a úsáid nó cur isteach a dhéanamh. Is bagairt mhór iad ar fheidhmiú córas gréasáin agus faisnéise***, chomh maith le bonneagar TF agus fisiciúil criticiúil***. I bhfianaise thimpeallacht na bagartha atá ag athrú go tapa, is gá d'ullmhacht mhéadaithe ar gach leibhéal de chreat cibearshlándála an Aontais mar gheall ar an mbagairt ó theagmhais mhórscála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh mór nó damáiste mór ar bhonneagair chriticiúla. Tá níos mó i gceist leis an mbagairt sin ná ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, agus is dócha go leanfaidh sí de bheith ann i bhfianaise an iliomaid gníomhaithe atá ailínithe le stát, gníomhaithe coiriúla agus haiceálaithe cúise a bhfuil baint acu leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair. ***Leis na*** teagmhais sin, is féidir ***soláthar*** seirbhísí poiblí***, iompair phoiblí*** agus ***phríobháidigh, agus saothrú*** gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear in earnálacha criticiúla nó an-chriticiúil, caillteanais shuntasacha airgeadais a ghiniúint, an bonn a bhaint de mhuinín na n-úsáideoirí, damáiste mór a dhéanamh do gheilleagar an Aontais ***chomh maith le soghluaisteacht laistigh den Aontas*** agus d'fhéadfadh iarmhairtí sláinte nó bagracha don bheatha a bheith acu fiú. Thairis sin, tá teagmhais chibearshlándála dothuartha, toisc gur minic a thagann siad chun cinn agus go bhforbraítear iad laistigh de thréimhsí ama an-ghearr, nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach ar leith iad, agus go dtarlaíonn siad ag an am céanna nó go scaiptear iad ar an toirt ar fud go leor tíortha. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Is bagairt í an chibearshlándáil atá ag éirí níos tromaí ar an earnáil iompair ó ghníomhaithe státurraithe, ó chibearchoirpigh agus ó haiceathaigh atá dírithe ar údaráis, oibreoirí, monaróirí agus soláthraithe seirbhíse san iompar eitlíochta, muirí, iarnróid agus ar bhóithre. Tá méadú 25% tugtha faoi deara ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) ar mheánlíon míosúil na dteagmhas tuairiscithe a dhéanann difear don earnáil iompair in 2022, i gcomparáid le leibhéil 2021. Díríonn tromlach na n-ionsaithe ar an earnáil iompair ar chórais teicneolaíochta faisnéise (TF), agus d'fhéadfadh cur isteach oibríochtúil a bheith ann dá bharr[14a].*** |
| | ***[14b] ENISA (2023), timpeallacht bhagartha ENISA: Earnáil an iompair, leathanaigh 7 agus 17.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Chinn ionradh gan chúis na Rúise ar an Úcráin méadú suntasach ar theagmhais chibearshlándála, lena n-áirítear cibirionsaithe diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS), lena ndírítear ar an earnáil iompair in AE agus ar limistéir atá gar do AE, go príomha aerfoirt, iarnróid agus údaráis iompair[14b]. Is mór an seans go leanfaidh an méadú sin ar ionsaithe.*** |

***[14b] ENISA (2023), timpeallacht bhagartha ENISA: Earnáil an iompair, leathanach 9.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2c) Díríonn cibirionsaithe ar údaráis agus ar chomhlachtaí i ngach fo-earnáil iompair, agus déantar difear do ghnóthais iarnróid agus bainisteoirí bonneagair chomh maith le hoibreoirí calafoirt. Maidir le hearnáil na mbóithre, díríodh ar mhonaróirí buntrealaimh (OEManna), ar sholáthróirí agus ar sholáthraithe seirbhíse, mar aon le hoibreoirí iompair phoiblí. In earnáil na heitlíochta, ba iad na príomhspriocanna ná aerlínte agus oibreoirí aerfoirt, agus ina dhiaidh sin soláthraithe seirbhíse, oibreoirí iompair de mhuir is tír agus an slabhra soláthair[14c].*** |

***[14c] ENISA (2023), timpeallacht bhagartha ENISA: Earnáil an iompair, leathanach 17.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Is gá staid iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a neartú ar fud an gheilleagair dhigitithe agus tacú lena n-aistriú digiteach, trí leibhéal na cibearshlándála sa Mhargadh Aonair Digiteach a threisiú. Mar a mholtar i dtrí thogra éagsúla ón | (3) Is gá staid iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a neartú ar fud an gheilleagair dhigitithe agus tacú lena n-aistriú digiteach, trí leibhéal na cibearshlándála sa Mhargadh Aonair Digiteach a threisiú. Mar a mholtar i dtrí thogra éagsúla ón |

| | |
|---|---|
| gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[16], is gá athléimneacht na saoránach, na ***ngnólachtaí*** agus na n-eintiteas a oibríonn bonneagair chriticiúla a mhéadú i gcoinne na mbagairtí cibearshlándála atá ag dul i méid, ar bagairtí iad a bhféadfadh tionchar tubaisteach sochaíoch agus eacnamaíoch a bheith acu. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíocht i mbonneagair agus i seirbhísí lena dtacófar le brath níos tapa agus le freagairt níos tapa ar bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála, agus tá cúnamh de dhíth ar na Ballstáit chun ullmhú níos fearr do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála, agus chun freagairt dóibh. Ba cheart don Aontas a acmhainneachtaí a mhéadú sna réimsí sin freisin, go háirithe maidir le sonraí ***maidir le bagairtí agus teagmhais chibearshlándála*** a bhailiú agus a anailísiú. | gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[16], is gá athléimneacht na saoránach, na ***ngnóthaí, na n-oibreoirí iompair*** agus na n-eintiteas a oibríonn bonneagair chriticiúla a mhéadú i gcoinne na mbagairtí cibearshlándála atá ag dul i méid, ar bagairtí iad a bhféadfadh tionchar tubaisteach sochaíoch agus eacnamaíoch a bheith acu. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíocht i mbonneagair agus i seirbhísí lena dtacófar le brath níos tapa agus le freagairt níos tapa ar bhagairtí agus teagmhais chibearshlándála, agus tá cúnamh de dhíth ar na Ballstáit chun ullmhú níos fearr do theagmhais chibearshlándála shuntasacha agus mhórscála, agus chun freagairt dóibh. Ba cheart don Aontas a acmhainneachtaí a mhéadú sna réimsí sin freisin, go háirithe maidir le sonraí a bhailiú agus a anailísiú ***ar bhagairtí agus ar theagmhais chibearshlándála chomh maith le staid agus éabhlóid mhargadh saothair na cibearshlándála toisc go bhfuil ról lárnach aige chun na seirbhísí braite agus freagartha is gá a sholáthar***. |

[16] https://futureu.europa.eu/en/

[16] https://futureu.europa.eu/en/

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá roinnt beart déanta ag an Aontas cheana chun leochaileachtaí a laghdú agus chun athléimneacht bonneagar criticiúil agus eintiteas i gcoinne rioscaí cibearshlándála a mhéadú, go háirithe Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún[18] , Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón | (4) Tá roinnt beart déanta ag an Aontas cheana chun leochaileachtaí a laghdú agus chun athléimneacht bonneagar criticiúil agus eintiteas i gcoinne rioscaí cibearshlándála a mhéadú, go háirithe Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún[18] , Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón |

gComhairle[20] . Ina theannta sin, sa Mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, iarrtar ar na Ballstáit bearta práinneacha éifeachtacha a dhéanamh, agus oibriú i gcomhar go dílis, go héifeachtúil, i ndlúthpháirtíocht agus ar bhealach comhordaithe lena chéile, leis an gCoimisiún agus le húdaráis phoiblí ábhartha chomh maith leis na heintitis lena mbaineann, chun feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a úsáidtear chun seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar sa mhargadh inmheánach.

[17] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022).

[18] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

[19] Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).

[20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um

gComhairle[20] ***chomh maith leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le treoirlínte chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, agus an togra le haghaidh rialachán maidir le ceanglais chothrománacha cibearshlándála do tháirgí ina bhfuil eilimintí digiteacha (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)***. Ina theannta sin, sa Mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, iarrtar ar na Ballstáit bearta práinneacha éifeachtacha a dhéanamh, agus oibriú i gcomhar go dílis, go héifeachtúil, i ndlúthpháirtíocht agus ar bhealach comhordaithe lena chéile, leis an gCoimisiún agus le húdaráis phoiblí ábhartha chomh maith leis na heintitis lena mbaineann, chun feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a úsáidtear chun seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar sa mhargadh inmheánach.

[17] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022).

[18] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

[19] Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).

[20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um

Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(4a) Cé gur díol sásaimh di Sraith Straitéisí um Chibearshlándáil Iompair an Choimisiúin[2a], ina bhfuil bunfhaisnéis ar bhagairtí a fhéadfaidh difear a dhéanamh d'eagraíochtaí iompair (idirleathadh bogearraí mailíseacha, diúltú seirbhíse, rochtain neamhúdaraithe agus goid, agus cúbláil bogearraí) agus ina liostaítear dea-chleachtais mhaolaitheacha, ba cheart oiliúint chuí a chur ar fáil d'oibreoirí iompair maidir leis an gcibearshlándáil agus uirlisí cuí a chur ar fáil dóibh chun cibearbhagairtí a chosc. Ba cheart go gcumhdófaí freisin i mbuiséad an Aontais an tacaíocht, amhail oiliúint, a chuireann ENISA ar fáil chun gur féidir le hoibreoirí iompair na cleachtais mhaolaithe is fearr atá san áireamh sa tSraith Straitéisí a chur chun feidhme go héifeachtach.*** |
| | ***[1a] timpeallacht bhagartha ENISA: earnáil an iompair/ENISA, Márta 2023*** |
| | ***[2a] An Coimisiún Eorpach, (2021). Sraith Straitéisí um Chibearshlándáil Iompair, ar fáil ag https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/security-safety/cybersecurity_ga*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(4a) Tá cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun ullmhacht agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil, amhail bonneagar iompair, a neartú bunaithe ar fhothú acmhainneachta na mBallstát. Mar a aithníodh sa Teachtaireacht le déanaí ón gCoimisiún chun Parlaimint na hEorpa agus chun na Comhairle maidir leis an mbearna tallainne cibearshlándála a dhúnadh chun borradh a chur faoi iomaíochas, fás agus athléimneacht AE[19a], ní féidir slándáil AE a áirithiú gan an tsócmhainn is luachmhaire atá aige: na daoine.*** |
| | ___________________ |
| | ***[19a] Teachtaireacht ón gCoimisiún chun Parlaimint na hEorpa agus chun na Comhairle maidir leis an mbearna tallainne cibearshlándála a dhúnadh chun borradh a chur faoi iomaíochas, fás agus athléimneacht AE ('An tAcadamh Scileanna Cibearshlándála') COM(2023) 207 final*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (12) Chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, measúnú a dhéanamh orthu agus freagairt dóibh ar bhealach níos éifeachtaí, is gá eolas níos cuimsithí a fhorbairt faoi na bagairtí ar shócmhainní criticiúla agus ar bhonneagair chriticiúla ar chríoch an Aontais**,** lena n-áirítear a ndáileadh geografach, a n-idirnasc agus a dtionchar féideartha i gcás cibirionsaithe lena ndéantar difear do na bonneagair sin. Ba cheart bonneagar | (12) Chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, measúnú a dhéanamh orthu agus freagairt dóibh ar bhealach níos éifeachtaí, is gá eolas níos cuimsithí a fhorbairt faoi na bagairtí ar shócmhainní criticiúla agus ar bhonneagair chriticiúla ar chríoch an Aontais lena n-áirítear a ndáileadh geografach, a n-idirnasc agus a dtionchar féideartha i gcás cibirionsaithe lena ndéantar difear do na bonneagair sin. ***Áirítear ar na sócmhainní*** |

mórscála an Aontais de Lárionaid Oibríochtaí Slándála a chur in úsáid (‘an Chibearsciath Eorpach’), ina bhfuil roinnt ardán trasteorann idiroibritheach, agus ina ndéantar roinnt Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta a ghrúpáil le chéile. Ba cheart an bonneagar sin a bheith ag freastal ar leasanna agus riachtanais chibearshlándála náisiúnta agus ar leasanna agus riachtanais chibearshlándála an Aontais, agus leas á bhaint as teicneolaíocht úrscothach le haghaidh arduirlisí bailithe sonraí agus anailísíochta, lena bhfeabhsaítear cibearchumais bhraite agus bhainistithe agus lena soláthraítear feasacht staide fíor-ama. Leis an mbonneagar sin, ba cheart brath bagairtí agus teagmhas cibearshlándála a mhéadú agus, dá bhrí sin, eintitis agus líonraí an Aontais atá freagrach as bainistiú géarchéime san Aontas a chomhlánú, go háirithe an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (‘EU-CyCLONe’), mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] .

[24]Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

***agus na bonneagair chriticiúla sin Córais Chliste Iompair, a oibríonn ar bhonn malartaithe ríthábhachtacha sonraí íogaire, cé go bhfuil siad bunriachtanach do shoghluaisteacht uathoibrithe agus ilmhódach.*** Ba cheart bonneagar mórscála an Aontais de Lárionaid Oibríochtaí Slándála a chur in úsáid (‘an Chibearsciath Eorpach’), ina bhfuil roinnt ardán trasteorann idiroibritheach, agus ina ndéantar roinnt Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta a ghrúpáil le chéile. Ba cheart an bonneagar sin a bheith ag freastal ar leasanna agus riachtanais chibearshlándála náisiúnta agus ar leasanna agus riachtanais chibearshlándála an Aontais, agus leas á bhaint as teicneolaíocht úrscothach le haghaidh arduirlisí bailithe sonraí agus anailísíochta, lena bhfeabhsaítear cibearchumais bhraite agus bhainistithe agus lena soláthraítear feasacht staide fíor-ama. Leis an mbonneagar sin, ba cheart brath bagairtí agus teagmhas cibearshlándála a mhéadú agus, dá bhrí sin, eintitis agus líonraí an Aontais atá freagrach as bainistiú géarchéime san Aontas a chomhlánú, go háirithe an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (‘EU-CyCLONe’), mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] .

[24]Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Tá an earnáil iompair ag éirí níos brabúsaí do chibearchoirpigh, agus sonraí custaiméirí á meas mar earra an-luachmhar agus an slabhra soláthair iompair ag éirí níos spriocdhírithe de réir a chéile. Ar an gcúis sin, ba cheart bonneagar iompair is sainairíonna de chineál trasteorann nó de bharr malartú sonraí trí theicneolaíochtaí gan sreang a mheas mar phríomhchuspóir anailíse agus faireacháin i gcás Lárionaid Oibríochtaí Slándála náisiúnta agus, go háirithe, i gcás Lárionaid Oibríochtaí Slándála trasteorann araon. Mar shampla, leis an togra le déanaí lena n-athbhreithnítear Rialachán TEN-T is gá níos mó dlúthpháirtíochta agus comhair i bhfaisnéis a roinnt ar na cibearbhagairtí trasteorann a d'fhéadfadh a bheith roimh an ngréasán trasnáisiúnta seo. Mar an gcéanna, tá Córais Chliste Iompair (CCI) ríthábhachtach chun go mbeidh iompar níos sábháilte, níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe, ach fós féin déanann siad córais iompair níos leochailí i leith cibirionsaithe ar féidir leo tionóiscí, tranglam tráchta nó caillteanais eacnamaíocha a chruthú d'oibreoirí príobháideacha agus poiblí araon. Chun sábháilteacht paisinéirí, sonraí úsáideoirí agus soláthraithe a chosaint agus chun damáistí airgeadais a sheachaint, tá sé bunriachtanach go n-áireofar i gclár cur chun feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le Córais Chliste Iompair forálacha agus uirlisí chun an comhar i measc na mBallstát a neartú chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, ullmhú dóibh agus freagairt orthu.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ar an leibhéal náisiúnta, is gnách a dhéanann Lárionaid Oibríochtaí Slándála eintiteas poiblí agus príobháideach faireachán, brath agus anailís ar chibearbhagairtí a áirithiú, i gcomhar le CSIRTanna. Ina theannta sin, déanann CSIRTanna faisnéis a mhalartú i gcomhthéacs líonra CSIRT, i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555. Ba cheart cumas nua a bheith sna Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann atá comhlántach le líonra CSIRTanna, trí shonraí maidir le bagairtí cibearshlándála ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha a chomhthiomsú agus a chomhroinnt, lena bhfeabhsaítear luach na sonraí sin trí anailís shaineolach agus bonneagair agus uirlisí úrscothacha a fuarthas go comhpháirteach, agus lena rannchuidítear le forbairt chumais agus cheannasacht theicneolaíoch an Aontais. | (15) Ar an leibhéal náisiúnta, is gnách a dhéanann Lárionaid Oibríochtaí Slándála eintiteas poiblí agus príobháideach faireachán, brath agus anailís ar chibearbhagairtí a áirithiú, i gcomhar le CSIRTanna. Ina theannta sin, déanann CSIRTanna faisnéis a mhalartú i gcomhthéacs líonra CSIRT, i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555. Ba cheart cumas nua a bheith sna Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann atá comhlántach le líonra CSIRTanna, trí shonraí maidir le bagairtí cibearshlándála ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha a chomhthiomsú agus a chomhroinnt, lena bhfeabhsaítear luach na sonraí sin trí anailís shaineolach agus bonneagair agus uirlisí úrscothacha a fuarthas go comhpháirteach, agus lena rannchuidítear le forbairt chumais agus cheannasacht theicneolaíoch an Aontais. ***Ina leith sin, d'fhonn uathriail an Aontais sa chibear-réimse a neartú agus ag tagairt d'Airteagal 47(4) den togra le haghaidh Rialachán maidir le treoirlínte chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (COM(2021)0812), is gá freisin rochtain ar shonraí as a dtagann cibearbhagairtí a chosc trí chreat rialála láidir a fhorfheidhmiú a rialaíonn úinéireacht eachtrach agus infheistíochtaí i mbonneagar ríthábhachtach, amhail san iompar.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Cé gur tionscadal sibhialtach é an Chibearsciath Eorpach, d'fhéadfadh an pobal cibearchosanta leas a bhaint as cumais shibhialtacha bhraite agus feasachta | (21) Cé gur tionscadal sibhialtach é an Chibearsciath Eorpach, d'fhéadfadh an pobal cibearchosanta leas a bhaint as cumais shibhialtacha bhraite agus feasachta |

| | |
|---|---|
| staide níos láidre a fhorbraítear chun bonneagar criticiúil a chosaint. Ba cheart do Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, agus i gcomhar le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí'), prótacail agus caighdeáin thiomnaithe a fhorbairt de réir a chéile chun comhar a éascú leis an bpobal cibearchosanta, lena n-áirítear coinníollacha grinnfhiosrúcháin agus dálaí. Agus an Chibearsciath Eorpach á forbairt, ba cheart machnamh a dhéanamh lena gcumasófar comhoibriú amach anseo leis na líonraí agus na hardáin atá freagrach as comhroinnt faisnéise sa chomhphobal cibearchosanta, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí. | staide níos láidre a fhorbraítear chun bonneagar criticiúil a chosaint. Ba cheart do Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, agus i gcomhar le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí'), prótacail agus caighdeáin thiomnaithe a fhorbairt de réir a chéile chun comhar a éascú leis an bpobal cibearchosanta, lena n-áirítear coinníollacha grinnfhiosrúcháin agus dálaí. Agus an Chibearsciath Eorpach á forbairt, ba cheart machnamh a dhéanamh lena gcumasófar comhoibriú amach anseo leis na líonraí agus na hardáin atá freagrach as comhroinnt faisnéise sa chomhphobal cibearchosanta, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí. ***Ba cheart go gcumasófaí sineirgí leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0 freisin. Ní mór líonra soghluaisteachta míleata dea-fheidhmithe a bheith athléimneach, lena n-áirítear i gcomhthéacs cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha eile a d'fhéadfadh cur isteach ar nóid chriticiúla sa chóras iompair dé-úsáide. Mar shampla, d'fhéadfadh iarmhairtí móra a bheith ag cibirionsaí ar chórais a úsáidtear in aerfoirt, calafoirt nó iarnróid nó cibirionsaí ar shócmhainní míleata. Mar sin, chun próisis agus nósanna imeachta a dhigitiú, lena n-áirítear an comhar sibhialta agus míleata is gá, beidh gá le neartú na gcóras faisnéise ríomhaireachta (CIS) i gcoinne cibearbhagairtí.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(21a) I gcás géarchéim cibearshlándála, tá malartú éifeachtach faisnéise ríthábhachtach chun feasacht staide a áirithiú i measc na n-earnálacha iompair mhíleata agus shibhialta. Ba cheart go spreagfadh an malartú faisnéise seo comhar freisin idir údaráis earnálacha ábhartha atá freagrach as iompar, údaráis inniúla cibearshlándála, Lárionaid Oibríochtaí Slándála agus CSIRTanna.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Mar chuid de na gníomhaíochtaí ullmhachta, chun cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn agus chun slándáil a neartú ar fud an Aontais agus ina mhargadh inmheánach, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun tástáil agus measúnú a dhéanamh ar chibearshlándáil eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil arna sainaithint de bhun Threoir (AE) 2022/2555 ar bhealach comhordaithe. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó ENISA agus i gcomhar leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise arna bhunú le Treoir (AE) 2022/2555, earnálacha agus fo-earnálacha ábhartha a shainaithint go tráthrialta, ar earnálacha agus fo-earnálacha iad ar cheart a bheith incháilithe do thacaíocht airgeadais le haghaidh tástáil chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na hearnálacha nó na fo-earnálacha a roghnú ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 (‘Earnálacha Ardchriticiúlachta’). Ba cheart na cleachtaí tástála comhordaithe a bheith bunaithe ar chásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna. Agus earnálacha á roghnú agus cásanna riosca á bhforbairt, ba cheart measúnuithe riosca | (29) Mar chuid de na gníomhaíochtaí ullmhachta, chun cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn agus chun slándáil a neartú ar fud an Aontais agus ina mhargadh inmheánach, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun tástáil agus measúnú a dhéanamh ar chibearshlándáil eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil arna sainaithint de bhun Threoir (AE) 2022/2555 ar bhealach comhordaithe. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó ENISA agus i gcomhar leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise arna bhunú le Treoir (AE) 2022/2555, earnálacha agus fo-earnálacha ábhartha a shainaithint go tráthrialta, ar earnálacha agus fo-earnálacha iad ar cheart a bheith incháilithe do thacaíocht airgeadais le haghaidh tástáil chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na hearnálacha nó na fo-earnálacha a roghnú ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 (‘Earnálacha Ardchriticiúlachta’). Ba cheart ***aird ar leith a thabhairt ar earnáil an iompair agus ar a fo-earnálacha (aer, iarnród, uisce, bóithre), toisc go n-ionchorpraítear iontu bonneagar criticiúil i gcás go bhféadfadh cibirtheagmhais*** |

agus cásanna riosca uile-Aontais a chur i gcuntas, lena n-áirítear an gá atá le dúbailt a sheachaint, amhail an mheastóireacht riosca agus na cásanna riosca arna n-iarraidh sna conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún, an tArdionadaí agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha sibhialta agus míleata agus líonraí bunaithe, lena n-áirítear EU CyCLONe, chomh maith leis an measúnú riosca ar líonraí cumarsáide agus bonneagair chumarsáide arna n-iarraidh ag an nGlao Aireachta Comhpháirteach ó Nevers agus arna dhéanamh ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ENISA, agus i gcomhar le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), na measúnuithe riosca atá le déanamh faoi Airteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555 agus an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] . Agus na hearnálacha á roghnú, ba cheart an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht bonneagair chriticiúil a neartú a chur ***san áireamh***.

***agus cibirionsaithe an bonn a bhaint de shábháilteacht paisinéirí agus oibreoirí. Ba cheart*** na cleachtaí tástála comhordaithe a bheith bunaithe ar chásanna riosca agus modheolaíochtaí coiteanna. Agus earnálacha á roghnú agus cásanna riosca á bhforbairt, ba cheart measúnuithe riosca agus cásanna riosca uile-Aontais a chur i gcuntas, lena n-áirítear an gá atá le dúbailt a sheachaint, amhail an mheastóireacht riosca agus na cásanna riosca arna n-iarraidh sna conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún, an tArdionadaí agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha sibhialta agus míleata agus líonraí bunaithe, lena n-áirítear EU CyCLONe, chomh maith leis an measúnú riosca ar líonraí cumarsáide agus bonneagair chumarsáide arna n-iarraidh ag an nGlao Aireachta Comhpháirteach ó Nevers agus arna dhéanamh ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ENISA, agus i gcomhar le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), na measúnuithe riosca atá le déanamh faoi Airteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555 agus an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] . Agus na hearnálacha á roghnú, ba cheart an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht bonneagair chriticiúil a neartú a chur ***i gcuntas***.

[29] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin

[29] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin

(CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011

(CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) D'fhonn criticiúlachtacht na hearnála agus impleachtaí na gcibearbhagairtí ar shoghluaisteacht agus, dá réir sin, ar shaol an duine paisinéirí agus coisithe, ba cheart tosaíocht a thabhairt d'earnáil an iompair maidir le tástáil chomhordaithe ullmhachta na n-eintiteas.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) I bhfianaise na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí méadaithe a thugtar do ENISA leis an togra seo agus leis an togra maidir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, is gá buiséad leasaithe 1/2022 ENISA a ghlacadh chun Gníomhaíocht Phíolótach Tacaíochta Cibearshlándála a Chur Chun Feidhme. Thairis sin, i bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart acmhainní airgeadais agus daonna breise a leithdháileadh ar ENISA.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38a) Ba cheart, mar sin, forbairt scileanna agus inniúlachtaí a bheith lárnach, sna hearnálacha uile, na cinn sin atá i mbaol bagairtí cibearshlándála go háirithe, amhail baill foirne atá ag obair ar oll-idirthuras nó bonneagair chriticiúla, lena n-áirítear córais rialaithe traenach agus uirlisí pleanála iompair dhigitigh do gach modh iompair. Mar sin, tá sé ríthábhachtach cultúr na cibearshlándála a thabhairt isteach agus a fhorbairt tuilleadh chun go n-éireoidh le cur chun feidhme an rialacháin seo ar mhaithe le feasacht saoránach agus eolas speisialtóirí sna hearnálacha bonneagair uile.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) brath agus feasacht staide choiteann an Aontais a neartú maidir le cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais ionas gur féidir seasamh iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí san Aontas a threisiú ar fud an gheilleagair dhigitigh agus gur féidir rannchuidiú le ceannasacht theicneolaíoch an Aontais i réimse na cibearshlándála; | (a) brath agus feasacht staide choiteann an Aontais a neartú maidir le cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais ionas gur féidir seasamh iomaíoch na n-earnálacha tionsclaíochta***, bonneagair iompair*** agus seirbhísí san Aontas a threisiú ar fud an gheilleagair dhigitigh agus gur féidir rannchuidiú le ceannasacht theicneolaíoch an Aontais i réimse na cibearshlándála; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ullmhacht eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla agus an-chriticiúil ar fud an Aontais a threisiú agus | (b) ullmhacht eintiteas atá ag feidhmiú in earnálacha criticiúla agus an-chriticiúil ar fud an Aontais a threisiú agus |

| | |
|---|---|
| dlúthpháirtíocht a neartú trí acmhainneachtaí freagartha coiteanna a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála, lena n-áirítear trí thacaíocht an Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála a chur ar fáil do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach; | dlúthpháirtíocht a neartú trí acmhainneachtaí freagartha coiteanna a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála, ***agus aird ar leith á tabhairt ar TF criticiúil agus ar bhonneagar fisiciúil,*** lena n-áirítear trí thacaíocht an Aontais maidir le teagmhais chibearshlándála a chur ar fáil do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach; |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) ullmhacht, comhar agus éifeachtúlacht an Aontais a neartú le linn bonneagar agus seirbhísí iompair sna Ballstáit a chosaint ar theagmhais chibearshlándála, chun feidhmiú leanúnach na hearnála iompair, sláine na slabhraí soláthair agus soghluaisteacht ar fud an Aontais a áirithiú.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) rannchuidiú le cosaint agus freagairt níos fearr ar chibearbhagairtí***;*** | (c) rannchuidiú le cosaint agus freagairt níos fearr ar chibearbhagairtí***, lena n-áirítear bonneagar iompair is sainairíonna é de chineál trasteorann, amhail an TEN-T, nó trí mhalartú sonraí trí theicneolaíochtaí gan sreang, amhail Córais Chliste Iompair.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar í a fhorbairt i gcomhar leis an mbonneagar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta uile-Eorpach a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) 2021/1173. | Déanfar í a fhorbairt i gcomhar leis an mbonneagar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta uile-Eorpach a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) 2021/1173. ***Cumasóidh sé comhar, trí phrótacail agus trí chaighdeáin thiomnaithe, leis an bpobal cibearchosanta, chun a áirithiú go bhforbrófar inniúlachtaí braite sibhialtach agus feasacht staide níos láidre chun bonneagar criticiúil a chosaint. Ina leith sin, forbrófar sineirgí freisin leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0, agus áiritheofar malartú éifeachtach faisnéise chun feasacht staide a sholáthar i measc na n-earnálacha iompair mhíleata agus shibhialta.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tabharfaidh an Coimisiún ról do Chibearsciath na hEorpa, go háirithe Lárionad Oibríochtaí Slándála trasteorann, ina thuairim do na Ballstáit faoi chuimsiú an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (COM(2021)0812) aon uair is dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht nó rannchuidiú de chineál ar bith duine nádúrtha tríú tír nó gnóthas tríú tír difear do chibearshlándáil an bhonneagair chriticiúil trasteorann, amhail TEN-T.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gníomhaíochtaí ullmhachta, lena n-áirítear tástáil ullmhachta chomhordaithe ar eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil ar fud an Aontais; | (a) gníomhaíochtaí ullmhachta, lena n-áirítear tástáil ullmhachta chomhordaithe ar eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha an-chriticiúil ar fud an Aontais***, agus aird ar leith á tabhairt ar bhonneagar iompair agus a fho-earnálacha atá san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/255***; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun an tuarascáil maidir le hathbhreithniú teagmhais dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú, oibreoidh ENISA i gcomhar leis na ***páirtithe leasmhara*** ábhartha uile, lena n-áirítear ionadaithe ó na Ballstáit, an Coimisiún, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe agus úsáideoirí seirbhísí cibearshlándála. I gcás inarb iomchuí, oibreoidh ENISA freisin le heintitis a ndéantar difear dóibh le teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála. Chun tacú leis an athbhreithniú, féadfaidh ENISA dul i gcomhairle le cineálacha eile páirtithe leasmhara. Na hionadaithe a ndeachthas i gcomhairle leo, nochtfaidh siad aon choinbhleacht fhéideartha leasa. | 2. Chun an tuarascáil maidir le hathbhreithniú teagmhais dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú, oibreoidh ENISA i gcomhar leis na ***geallsealbhóirí*** ábhartha uile, lena n-áirítear ionadaithe ó na Ballstáit, an Coimisiún, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe agus úsáideoirí seirbhísí cibearshlándála. I gcás inarb iomchuí, oibreoidh ENISA freisin le heintitis a ndéantar difear dóibh le teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála***, lena n-áirítear oibreoirí iompair***. Chun tacú leis an athbhreithniú, féadfaidh ENISA dul i gcomhairle le cineálacha eile páirtithe leasmhara. Na hionadaithe a ndeachthas i gcomhairle leo, nochtfaidh siad aon choinbhleacht fhéideartha leasa. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**
Rialachán (AE) 2021/694
Airteagal 6 – Mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, i ndáil lena fhreagrachtaí as scéimeanna deimhniúcháin iarrthóirí a ullmhú de bhun Rialachán (AE) 2019/881, a fhreagrachtaí chun cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus maolú a athbhreithniú agus a mheasúnú, tuarascáil athbhreithnithe teagmhais a ullmhú don Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála, mar aon le hoiliúint i gcoinne cibearionsaithe agus teagmhais a chur ar fáil d'oibreoirí bonneagair chriticiúil agus i bhfianaise a fhreagrachtaí nuashannta faoi chuimsiú an Togra maidir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, cuirfear na hacmhainní is gá ar fáil do ENISA faoi bhuiséad an Aontais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Rialachán (AE) 2021/694
Airteagal 7 – mír 1 – pointe -a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 a) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:*** |
| | ***(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:*** |
| | ***(1) cuirtear an pointe (ca) seo a leanas isteach:*** |
| | ***(ca) tacú le hoiliúint ardcháilíochta d'oibreoirí iompair agus do bhainisteoirí agus d'fhórsa saothair an bhonneagair criticiúil iompair, leis an aidhm cleachtais mhaolaithe a roinnt agus a chur chun feidhme go héifeachtach in aghaidh cibirionsaithe nó teagmhas ar bhonnegar criticiúil, amhail na cinn a sholáthraíonn an tSraith Straitéisí um Chibearshlándáil Iompair.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh |
| **Tagairtí** | COM(2023)0209 – C9-0136/2023 – 2023/0109(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>1.6.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>1.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Gheorghe Falcă<br>7.7.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Karolin Braunsberger-Reinhold, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Gheorghe Falcă, Carlo Fidanza, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Rovana Plumb, Thomas Rudner, Massimiliano Salini, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Roman Haider, Pär Holmgren, Pierre Karleskind, Colm Markey, Ljudmila Novak, Dorien Rookmaker |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 38 | + |
|---|---|
| CLE | Carlo Fidanza, Peter Lundgren, Dorien Rookmaker |
| ID | Roman Haider |
| EPP | Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Gheorghe Falcă, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Colm Markey, Cláudia Monteiro de Aguiar, Ljudmila Novak, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Pierre Karleskind, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen |
| S&D | Andris Ameriks, Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Thomas Rudner, Vera Tax, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov |
| The Left | Elena Kountoura |
| Verts/ALE | Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Pär Holmgren, Tilly Metz |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | Bearta a leagan síos chun an dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí san Aontas a neartú chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, ullmhú ina gcomhair agus freagairt ina leith | | | |
| **Tagairtí** | COM(2023)0209 – C9-0136/2023 – 2023/0109(COD) | | | |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 19.4.2023 | | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>1.6.2023 | | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>1.6.2023 | BUDG<br>1.6.2023 | CONT<br>1.6.2023 | IMCO<br>1.6.2023 |
| | TRAN<br>1.6.2023 | LIBE<br>1.6.2023 | | |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>26.4.2023 | CONT<br>24.5.2023 | IMCO<br>23.5.2023 | LIBE<br>30.5.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Lina Gálvez Muñoz<br>2.5.2023 | | | |
| **Pléite sa choiste** | 19.9.2023 | | | |
| **Dáta an ghlactha** | 7.12.2023 | | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 43<br>10<br>1 | | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Michael Bloss, Marc Botenga, Martin Buschmann, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Nicolás González Casares, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Niklas Nienaß, Johan Nissinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Riho Terras, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho | | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Laura Ballarín Cereza, Cornelia Ernst, Alexis Georgoulis, Ladislav Ilčić, Elena Kountoura, Alin Mituța, Günther Sidl, Jordi Solé, Susana Solís Pérez | | | |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Jonás Fernández, Virginie Joron, Radan Kanev, Karin Karlsbro | | | |
| **Dáta don chur síos** | 8.12.2023 | | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 43 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Izabela-Helena Kloc |
| ID | Marie Dauchy, Virginie Joron |
| NI | Alexis Georgoulis |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Radan Kanev, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Angelika Niebler, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Riho Terras, Pernille Weiss |
| Renew | Andrus Ansip, Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Ivars Ijabs, Karin Karlsbro, Iskra Mihaylova, Alin Mituța, Morten Petersen, Susana Solís Pérez |
| S&D | Laura Ballarín Cereza, Josianne Cutajar, Jonás Fernández, Niels Fuglsang, Nicolás González Casares, Ivo Hristov, Romana Jerković, Miapetra Kumpula-Natri, Tsvetelina Penkova, Günther Sidl, Carlos Zorrinho |
| The Left | Elena Kountoura |

| 10 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Robert Roos |
| The Left | Marc Botenga, Cornelia Ernst |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Henrike Hahn, Niklas Nienaß, Mikuláš Peksa, Manuela Ripa, Jordi Solé |

| 1 | 0 |
|---|---|
| NI | Martin Buschmann |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh